
PUBLIC

2025 TUARASCÁIL BHLIANTÚIL CHOMHDHLÚITE AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ



Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA)

Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí 2025

Glactha ag Bord Bainistíochta eu-LISA an 17-19 Meitheamh 2026

Doiciméad 2026-166 REV 2

Maidir leis an tuarascáil seo

Léirítear i dTuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí eu-LISA tiomantas na Gníomhaireachta don trédhearcacht agus don chuntasacht trí fhorbhreathnú struchtúrtha a chur i láthair ar an dul chun cinn a rinneadh maidir lena clár oibre 2025 a chur chun feidhme agus na cuspóirí a leagtar amach i nDoiciméad Clársceidealaithe Aonair 2024-2026 a bhaint amach. Tugann sé dearbhú do pháirtithe leasmhara – institiúidí an Aontais, na Ballstáit agus saoránaigh an Aontais – go bhfuil a sainordú á chur i gcrích ag an nGníomhaireacht agus go bhfuil úsáid éifeachtúil á baint aici as acmhainní leithdháilte chun a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

Cuireadh an tuarascáil le chéile i gcomhréir leis na treoirlínte bunaithe ag an gCoimisiún Eorpach do ghníomhaireachtaí uile an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 48 de Rialacha Airgeadais eu-LISA.

Tuilleadh eolais maidir le eu-LISA:

Clár ábhar

Acrainmneacha agus giorrúcháin

eu-LISA GO hACHOMAIR

Córais CGB agus réitigh dhigiteacha

ANAILÍS AGUS MEASÚNÚ AG AN mBORD BAINISTÍOCHTA

Réamhrá ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin

Achoimre feidhmiúcháin

CUID I: Éachtaí

1.1. Slándáil inmheánach agus comhar i bhforfheidhmiú an dlí

Córas Faisnéise Schengen (CFS)

MALARTÚ UATHOIBRÍOCH SONRAÍ LE hAGHAIDH COMHAR PÓILÍNEACHTA (RÓDAIRE PRÜM).

Réamhaisnéis faoi phaisinéirí agus Taifead Ainmneacha Paisinéirí (Ródaire API-PNR)

1.2. Schengen, teorainneacha agus víosa

An Córas Faisnéise Víosaí (VIS)

Córas dul isteach/imeachta (EES)

An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)

1.3. Imirce agus tearmann

An Córas Eorpach chun comparáid a dhéanamh idir taifid dhachtalascópacha iarrthóirí tearmainn (Eurodac)

1.4. Comhar maidir le ceartas

Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla le haghaidh Náisiúnaigh Tríú Tír (córas ECRIS-TCN)

Ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú (FCInna).

1.5. Idir-inoibritheacht

Seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (sBMS)

Comhpháirteanna idir-inoibritheachta

Lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (CRRS)

1.6. Bonneagar agus líonraí

Bonneagar córas comhroinnte

Ardáin óstála cliste

Líonraí agus cumarsáid

1.7. Taighde, nuálaíocht agus forbairt acmhainne

Monatóireacht taighde agus teicneolaíochta

Staidreamh agus tuairisciú

Oiliúint do na Ballstáit agus do ghníomhaireachtaí CGB

Meastóireachtaí Schengen

1.8. Tacaíocht dhíreach d'oibríochtaí

Oibríochtaí córais

Slándáil an chórais, cibearshlándáil agus leanúnachas gnó

Aistriú seirbhíse agus uathoibriú

Teicneolaíocht agus innealtóireacht bogearraí

Grúpaí comhairleacha agus Boird Bhainistíochta cláir

1.9. Gníomhaíochtaí corparáideacha

Rialachas

Tacaíocht chorparáideach

CUID II: Bainistíocht

2.1. Bord Bainistíochta

2.2. Mórfhorbairtí

2.3. Bainistiú buiséid agus airgeadais

2.4. Tarmligean agus fo-tharmligean cumhachtaí cur chun feidhme buiséid chuig baill foirne

2.5. Bainistiú acmhainní daonna

2.6. Straitéis le haghaidh gnóthachain éifeachtúlachta

2.7. Measúnú ar thorthaí iniúchóireachta agus meastóireachtaí ex post

2.8. Measúnú iar-iniúchta ar mholtaí

2.9. Obair leantach ar bharúlacha ón údarás um urscaoileadh

2.10. Bainistiú comhshaoil

2.11. Measúnú ag an mbainistíocht

2.12. Meastóireacht sheachtrach

CUID III: Measúnú ar éifeachtacht an ICF

3.1. Éifeachtacht an Chreata Rialaithe Inmheánaigh

3.2. Torthaí an mheasúnaithe

3.3. Ráiteas ón mBainisteoir i gceannas ar bhainistiú riosca agus rialú inmheánach

CUID IV: Dearbhú bainistíochta

4.1. Athbhreithniú ar na gnéithe a thacaíonn le dearbhú

4.2. Forchoimeádais

CUID V: Ráiteas dearbhaithe

IARSCRÍBHINNÍ

Iarscríbhinn I: Príomhstaidreamh gnó

Iarscríbhinn II: Staidreamh bainistithe airgeadais

Iarscríbhinn III: Cairt eagrúcháin

Iarscríbhinn IV: Plean bunaíochta agus faisnéis bhreise ar bhainistiú acmhainní daonna

Iarscríbhinn V: Acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais de réir gníomhaíochta

Iarscríbhinn VI: Comhaontuithe ranníocaíochta, deontais agus leibhéil seirbhíse

Iarscríbhinn VII: Bainistiú comhshaoil

Iarscríbhinn VIII: Cuntais bhliantúla

ACRAINMNEACHA AGUS GIORRÚCHÁIN

córais TF agus bonneagar cumarsáide	
AFIS	córas uathoibrithe um shainaithint méarlorg
API	réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí
Ardán comhair na FCInna	ardán comhair na bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú
CCP	néal-ardán cuimsitheach
CFS	Córas Faisnéise Schengen
CRRS	lárstóras um thuairisciú agus staidreamh
CSLR	lárchóras um réiteach an naisc bhuí
CSP	ardán comhroinnte
DubliNet	líonra cumarsáide leictreonaí Bhaile Átha Cliath
e-CODEX	Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí Ar Líne
ECRIS	An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla
ECRIS RI	bogearraí tagartha do chur chun feidhme ECRIS
ECRIS-TCN	ECRIS maidir le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát
EES	córas dul isteach/imeachta
ESP	tairseach chuardaigh Eorpach
ETIAS	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil
EU VAP	Ardán an Aontais um iarratais ar víosaí
Eurodac	An Córas Eorpach chun comparáid a dhéanamh idir taifid dhachtalascópacha iarrthóirí tearmainn
IO	idir-inoibritheacht
MID	brathadóir ilchéannachtaí
PNR	taifead ainmneacha paisinéirí
Prüm	ródaire lárnach le haghaidh malartú uathoibríoch sonraí i réimse an chomhair póilíneachta
sBMS	seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha
SCSC	stóras coiteann sonraí céannachta
SIRENE	iarraidh ar fhaisnéis fhorlíontach ag na bealaí isteach náisiúnta
TESTA-EIRIS	Bonneagar feabhsaithe TESTA le haghaidh idirnascthacht agus slándáil iontaofa
TESTA-ng	Seirbhísí Tras-Eorpacha le haghaidh Teileamaitic idir Riaracháin – glúin nua
VIS	An Córas Faisnéise Víosaí

Eile	
ACFC	Coiste Iniúchóireachta, Comhlíonta agus Airgeadais
BCU	aonad lárnach cúltaca
CEPOL	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí
CGB	ceartas agus gnóthaí baile
CIE	Cúirt Iniúchóirí na hEorpa
CU	láraonad
EiO	teacht i bhfeidhm
EMAS	scéim an Aontais um bainistiú agus iniúchadh comhshaoil
EUAA	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann
EUAN	Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh
eu-LISA	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais
Europol	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí
Frontex	An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta
FSA	glacadh deiridh córais (tréimhse fíorúcháin tar éis teacht i bhfeidhm)
IAC	cumas iniúchóireachta inmheánaí eu-LISA
IAS	An tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach de chuid an Choimisiúin
ICF	creat rialaithe inmheánaigh
JHAAN	Líonra Ghníomhaireachtaí CGB
JRC	An tAirmheán Comhpháirteach Taighde (de chuid an Choimisiúin)
MECS	An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí
OLAF	An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise
SLA	comhaontú leibhéil seirbhíse
SPD	doiciméad clársceidealaithe aonair
TEF	creat innealtóireachta trasnaí
TOF	creat oibríochtaí trasnaí

eu-LISA GO hACHOMAIR

Is é an **misean** atá againn tacú leis an Aontas agus leis na Ballstáit ina n-iarrachtaí i dtaca leis an Eoraip a choinneáil oscailte agus slán tríd an **ardteicneolaíocht**.

Déanaimid ár ndícheall **réitigh nuálacha agus phraiticiúla** a sholáthar do riachtanais athraitheacha an Aontais agus, ag an am céanna, **claochlú digiteach a bhrú chun cinn** i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile (CGB).

Tacaíonn eu-LISA le cur chun feidhme bheartas an Aontais maidir le ceartas agus gnóthaí baile agus béim á leagan ar theorainneacha seachtracha, ar víosaí, ar shlándáil inmheánach, ar imirce agus ar thearmann, agus ar cheartas:

Oibriú éifeachtach, slán agus **gan bhriseadh** na gcóras lena n-éascaítear malartú faisnéise idir údaráis ábhartha CGB ar fud na hEorpa.

Bainistíocht oibríochtúil 24/7 agus tacaíocht ardcháilíochta chun feidhmíocht chobhsaí agus seirbhísí ardcháilíochta a áirithiú.

Monatóireacht ar nuálaíocht agus ar theicneolaíocht chun saineolas den scoth a sholáthar dá príomh-gheallsealbhóirí.

Forbairt na gcóras TF agus na hailtireachta idir-inoibritheachta chun feabhas a chur ar bhainistíocht teorann agus ar shlándáil inmheánach limistéar Schengen.

Oiliúint maidir le húsáid theicniúil chórais CGB i gcomhréir le riachtanais úsáideoirí deiridh agus bearnaí eolais sainaitheanta.

Tuarascálacha staidrimh agus córais maidir le húsáid agus feidhmiú teicniúil na gcóras faisnéise CGB atá faoina shainchúram.

Agus é tiomanta don trédhearcacht agus don chuntasacht, oibríonn eu-LISA i ndochtchomhlíonadh leis an dlí is infheidhme, le comhaontuithe leibhéil seirbhíse, le ceanglais **cosaint sonraí** agus le **dianchaighdeáin slándála**.

Luachanna a threoraíonn ár gcuid oibre: cuntasacht, trédhearcacht, sármhaitheas, leanúnachas, obair foirne, agus díriú ar an gcustaiméir.

Suíomhanna:

Suíomh na Gníomhaireachta[1]
Taillinn, an Eastóin

Láithreán oibríochtúil:
Strasbourg, an Fhrainc

Oifig idirchaidrimh
An Bhruiséil, an Bheilg

Láithreán cúltaca:
St. Johann im Pongau, an Ostair

[1] Lena n-áirítear bainistíocht oibríochtúil e-CODEX.

CÓRAIS CGB AGUS RÉITIGH DHIGITEACHA

Tearmann, imirce agus teorainneacha



Eurodac | An Córas Eorpach chun comparáid a dhéanamh idir taifid dhachtalascópacha iarrthóirí tearmainn

Cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBallstát atá freagrach as iarratais ar thearmann a scrúdú, lena sainaithnítear daoine a ghabhtar i ndáil le trasnuithe teorann neamhdhleathacha agus fanacht neamhúdaraithe.

2003
2013

Slándáil inmheánach agus teorainneacha an Aontais



CFS | Córas Faisnéise Schengen

Malartú faisnéise trí fhógraí faoi dhaoine nó faoi rudaí atá ar iarraidh nó atá ag teastáil, mar aon le treoracha d'údaráis náisiúnta inniúla.

1995
2013



Ródaire lárnach Prüm

Malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta idir na Ballstáit.

[2027]



Ródaire API-PNR | réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí agus taifead ainmneacha paisinéirí

Pointe ceangail idir Ballstáit agus iompróirí aeir chun sonraí API agus PNR a bhailiú agus a aistriú.

[2029]

Schengen, teorainneacha agus víosaí



VIS | An Córas Faisnéise Víosaí

Iarratais ar víosaí a phróiseáil agus víosaí gearrfhanachta a bhainistiú do náisiúnaigh tríú tír (TCNanna) a thaistealaíonn chuig limistéar Schengen nó a théann ar idirthuras tríd.

2011
2012



EES | córas dul isteach/imeachta

Faireachán a dhéanamh ar thréimhsí fanachta údaraithe agus rófhantóirí a bheadh ann a shainaithint trí chlárú leictreonach a dhéanamh ar gach náisiúnach tríú tír (TCNanna) a thagann isteach i limistéar Schengen agus a théann amach as.

2025



ETIAS | Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil

Údarú réamhthaistil TCNanna chun rioscaí slándála, imirce neamhrialta nó ardrioscaí eipidéime a bheadh ann a shainaithint roimh ré, ar cinn iad a d'fhéadfadh a bheith ina bhforas le cead isteach i limistéar Schengen a dhiúltú.

[2026]



EU VAP | Ardán an Aontais um Iarratais ar Víosaí

Ardán digiteach chun tacú le hiarratais ar víosaí ó thríú náisiúnaigh.

[2028][2]

Comhar maidir le ceartas



ECRIS RI | An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla – cur chun feidhme tagartha

Malartú faisnéise idir na Ballstáit maidir le taifid choiriúla shaoránaigh an Aontais.

2012
2020



e-CODEX | Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne

Ábhar leictreonach a tharchur go slán idir údaráis bhreithiúnacha agus gairmithe dlí in imeachtaí breithiúnacha trasteorann.

2013
2024



ECRIS-TCN | An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla le haghaidh Náisiúnaigh Tríú Tír

Malartú leictreonach faisnéise ar thaifid choiriúla náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát.

[2026]



Ardán comhair na FCInna | Ardán comhair na bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú

Ardán digiteach chun faisnéis agus fianaise a mhalartú in imscrúduithe agus ionchúisimh trasteorann idir údaráis bhreithiúnacha Eorpacha agus údaráis forfheidhmithe dlí, gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, agus an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF).

[2026]

[2] 2028 don chéad chéim, an dara céim le seachadadh in 2029.

Idir-inoibritheacht	**seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha** (sBMS) chun sonraí bithmhéadracha a mheaitseáil le chéile ar fud na gcóras CGB go léir	2025
	tairseach chuardaigh Eorpach (ESP): fuinneog cuardaigh aonair le haghaidh cuardaigh thapa ar fud na gcóras CGB go léir atá á mbainistiú ag eu-LISA	[2026]
	stóras coiteann sonraí céannachta (SCSC) chun náisiúnaigh tríú tír a shainaithint i gceart (sonraí beathaisnéiseacha agus bithmhéadracha)	[2026]
	brathadóir ilchéannachtaí (MID) chun ilchéannachtaí a nochtadh agus calaois chéannachta a chomhrac	[2027]
	lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (CRRS) chun tuairiscí comhiomlánaithe anaithnide traschórais a ghiniúint.	[2026]

i bhfeidhm á bhainistiú ag eu-LISA ó á fhorbairt [tús na hoibríochta a bhfuiltear ag súil leis]



ANAILÍS AGUS MEASÚNÚ AG AN mBORD BAINISTÍOCHTA

Rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí, agus rinne sé measúnú ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta i gcomparáid le cuspóirí chlár oibre bliantúil 2025.[3]

Déanann an Bord Bainistíochta an méid seo a leanas:

- **cuireann sé chun suntais** an tacaíocht riachtanach atá á tabhairt ag eu-LISA do bheartais an Aontais i réimsí an rialaithe teorann, víosaí, na himirce agus an tearmainn, agus an r-cheartais,
- **measann sé** gur lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh de bheith ag comhlíonadh a sainordaithe go héifeachtach agus í ag obair go comhthreomhar ar go leor gníomhaíochtaí idirghaolmhara, agus tugann sé faoi deara méid agus castacht oibríochtaí na Gníomhaireachta,
- **gabhann sé** buíochas leis an nGníomhaireacht as na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh aici chun a áirithiú go mbeidh córais faisnéise an Aontais ar fáil ar bhealach cobhsaí gan bhriseadh agus, ar an gcaoi sin, go rannchuideofar le feidhmiú éifeachtúil limistéar Schengen;
- **tréaslaíonn sé** leis an nGníomhaireacht, as an gcéad chomhpháirt idir-inoibritheachta – VIS do EES agus sBMS – a chur i bhfeidhm i mí na Bealtaine, agus as tús oibríochta an EES i mí Dheireadh Fómhair 2025,
- **leagann sé** béim ar ghealltanas na Gníomhaireachta in 2025 chun a chinntiú go dtiocfaidh an Eurodac nua i bhfeidhm go tráthúil i mí an Mheithimh 2026 maidir le príomhfheidhmeanna,
- **is oth leis** nár cuireadh an t-ardán comhoibrithe d'fhoirne comhpháirteacha um imscrúdú i bhfeidhm i mí na Nollag 2025,
- **tugann sé dá aire**, agus é ina ábhar imní dó, go bhfuil moill ar ECRIS-TCN a chur chun feidhme agus leagann sé béim ar a thábhachtaí atá sé a ullmhacht theicniúil a áirithiú in 2026,
- **tacaíonn sé** leis an treochlár idir-inoibritheachta athbhreithnithe don tréimhse 2027-2028,
- **cuireann sé** ar an tábhacht a bhaineann le bonneagar cuimsitheach idir-inoibritheachta chun an tslándáil a fheabhsú san Eoraip,
- **tugann sé dá aire** torthaí agus moltaí mheastóireacht sheachtrach an Choimisiúin ar eu-LISA, agus cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar réimsí feabhsúcháin sainaitheanta trí ghníomhaíochtaí iomchuí,
- **cuireann sé fáilte roimh** iarrachtaí na Gníomhaireachta a cumais forbartha TF inmheánacha a mhéadú agus spleáchas ar chonraitheoirí a laghdú, a comhlíontacht a neartú, agus nuálaíochtaí teicneolaíochta nua agus néalchumais a ionchorprú,

[3] Féach Airteagal 19(1)(t) de Rialachán (AE) 2018/1726 lena mbunaítear eu-LISA.

- **cuireann sé i dtreis** cáilíocht agus tráthúlacht na tacaíochta a chuireann an Ghníomhaireacht ar fáil do na Ballstáit agus don Choimisiún Eorpach, agus is mór aici na hiarrachtaí atá déanta ag an nGníomhaireacht chun trédhearcacht, cuntasacht agus comhar éifeachtach a choinneáil ar bun,
- **cuireann sé in iúl gur díol sásaimh dó** leibhéal forghníomhaithe leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí 2025, agus gur díol sásaimh dó an tacaíocht a fuarthas ó bhuiséad an Aontais sa chleachtadh aistrithe domhanda,
- **aithníonn sé** na hiarrachtaí chun an ráta áitíochta a fheabhsú agus earcaíocht a bhrostú,
- **cuireann sé fáilte roimh** straitéis foinsithe na Gníomhaireachta agus leagann sé béim ar a thábhachtaí atá sé í a chur chun feidhme,
- **molann sé** an Ghníomhaireacht as ráta cur i bhfeidhm foriomlán de 98 % a bhaint amach do mholtaí iniúchóireachta, rud a léiríonn tiomantas na Gníomhaireachta don chuntasacht agus don fheabhsú leanúnach,
- **cuireann sé i dtreis** an tábhacht a bhaineann le cinntiú go gcothaítear an leibhéal is airde de shlándáil faisnéise agus de chosaint sonraí i gcórais TF atá faoina chúram, agus é ag comhlíonadh go hiomlán le ceanglais cosanta sonraí agus le caighdeáin slándála.
- **leagann sé béim ar** a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuirfear moltaí ó MECS chun feidhme go tráthúil,
- **aithníonn sé** tuairimí glana na Cúirte Iniúchóirí ar chuntais eu-LISA don bhliain 2024.

Creideann an Bord Bainistíochta go dtugtar dearbhú leordhóthanach sa tuarascáil seo go ndearna eu-LISA iarracht a shainordú a chur chun feidhme agus gur bhain sé úsáid éifeachtach as a acmhainní airgeadais agus daonna chun na gcríoch a leagtar amach i gclár oibre bliantúil eu-LISA le haghaidh 2025, d'ainneoin dúshláin a chuir bac ar chloí le sceidil dhiana cur chun feidhme.

Agus an fhaisnéis a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo á cur san áireamh, déanann an Bord Bainistíochta an méid seo a leanas:

- tacaíonn sé leis an nGníomhaireacht ina hiarrachtaí leanúnacha chun an ailtireacht idir-inoibritheachta a sholáthar,
- aithníonn sé na hidirthuilleamaíochtaí idir obair na Gníomhaireachta do na lárchórais agus do na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta, agus leagann sé béim ar fheabhas a chur ar an gcomhthuiscint, ar an trédhearcacht agus ar an gcomhordú leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún Eorpach agus le gníomhaireachtaí eile AE chun a áirithiú go gcuirfear córais nua ar fáil,
- leagann sé béim ar thábhacht an Eurodac nua,
- spreagann sé an Ghníomhaireacht leanúint dá spleáchas ar chonraitheoirí seachtracha a laghdú agus acmhainní inmheánacha a thógáil,
- leagann sé béim ar an mbrú nach beag atá ar fhoireann eu-LISA a bhíonn ag obair ar thionscadail chasta, agus leagann sé béim freisin ar an tábhacht do eu-LISA leanúint dá ráta áitíochta a mhéadú,
- tathantaíonn sí ar an nGníomhaireacht pleanáil, faireachán agus tuairisciú buiséid ilbhliantúil atá bunaithe ar ghníomhaíocht iontaofa a áirithiú,
- leagann sé béim ar an ngá atá lena áirithiú go gcuirfear na hacmhainní leordhóthanacha ar fáil do eu-LISA chun a shainordú atá ag dul i méid a chur chun feidhme,
- molann sé don Ghníomhaireacht leanúint d'aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna bunúsacha i réimse an tsoláthair agus an bhainistithe conarthaí mar a chuir an Chúirt Iniúchóirí i dtábhacht,
- aithníonn sé a thábhachtaí atá sé acmhainn leordhóthanach lárionaid sonraí a áirithiú in CU agus in BCU chun córais TF nua agus córais TF atá ann cheana a chur in úsáid agus a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil agus inbhuanaithe, agus ag an am céanna infhaighteacht gan bhriseadh agus éabhlóid thráthúil na gcóras uile atá faoina shainchúram a ráthú.

Gabhann an Bord Bainistíochta a bhuíochas le hiar-Stiúrthóir Feidhmiúcháin *eatramhach* na Gníomhaireachta, Marili Männik, le bainistíocht eu-LISA, agus lena fhoireann ar fad as a dtiomantas i dtaobh gcuid iarrachtaí agus iad ag tabhairt faoi dhúshlán ollmhór.

Rene Vihalem,

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta



RÉAMHRÁ ÓN STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN

In 2025, rinne eu-LISA dul chun cinn suntasach maidir le tacú le fís an Aontais i ndáil le bainistiú comhtháite teorainneacha digiteacha ar fud limistéar Schengen agus ar fud an Aontais Eorpaigh.

- I mí na Bealtaine, sheolamar an chéad chomhpháirt a shainítear sna Rialacháin Idir-inoibritheachta – an tSeirbhís Chomhroinnte um Chomhoiriúnú Bithmhéadrach (sBMS) – chun seiceálacha aitheantais thar theorainneacha a neartú.
- Ba chéim chinntitheach é feidhmiú forchéimnitheach an chórais dul isteach/imeachta (EES) ina dhiaidh sin i mí Dheireadh Fómhair i dtreo bearna sheanbhunaithe i rialú teorann an Aontais a dhúnadh.
- Trí na córais sin a nascadh leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS), baintear an leas is fearr is féidir as malartú sonraí víosaí ar fud Limistéar Schengen.

Is toradh díreach iad na héachtaí sin ar bhlianta d'ullmhúchán tiomnaithe agus de chomhar domhain.

Chomh maith leis na garspriocanna móra sin, thug 2025 léargas luachmhar agus deiseanna soiléire freisin chun ár bpróisis a fheabhsú, comhar a neartú, agus na chéad chéimeanna eile ar ár dtreochlár idir-inoibritheachta a chur chun cinn. Cé go bhfuil obair ar siúl ar réamhullmhacht theicniúil an Chórais Eorpaigh Faisnéise ar Thaifid Choiriúla do Náisiúnaigh an Tríú Tíre (ECRIS-TCN) agus ar thús a chur le hoibriú ardán comhair na bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú (FCInna), táimid fós tiomanta dá gcur i bhfeidhm gan uaim.

Chuaigh mé i mbun oifige mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin an 1 Deireadh Fómhair 2025 ag tráth cinniúnach don Ghníomhaireacht agus dá páirtithe leasmhara araon. Tá an ról seo tar éis cur go mór leis an meas atá agam ar scála mór agus ar chastacht na hoibre a dhéantar ar fud eu-LISA. Thar aon ní eile, is a bhuí le hiarracht chomhchoiteann a baineadh na héachtaí sin amach. Taobh thiar de gach córas, de gach cloch mhíle, agus de gach éacht teicniúil tá daoine a bhfágann a n-iarrachtaí gur féidir an dul chun cinn sin a bhaint amach. Gabhaim buíochas ó chroí le foireann eu-LISA – is é bhur dtiomantas, bhur n-obair chrua agus bhur ngairmiúlacht an bunús ar a dtógaimid réitigh dhigiteacha iontaofa ar mhaithe le hEoraip shábháilte, shlán agus oscailte.

Sa lá atá inniu ann, tá ról níos tábhachtaí i gcónaí ag ár gcórais maidir le tacú le húdaráis na mBallstát ina gcuid oibre laethúla, agus an tslándáil agus an comhar á dtreisiú acu ar fud na hEorpa. Tá ceangal díreach ann idir réitigh shlána agus iontaofa a bhfuil an-fháil orthu agus sábháilteacht phoiblí agus muinín institiúideach. Ar an gcúis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún Eorpach, agus lenár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta uile. Tá bhur saineolas agus bhur dtacaíocht sheasta fós fíor-riachtanach agus sinn ag dul i ngleic le creataí casta beartais, le dúshláin slándála, agus le riachtanais theicneolaíocha atá ag teacht chun cinn.

Is féidir linn a bheith bródúil as an dlús atá léirithe againn i dteannta a chéile in 2025.

Tillmann Keber,

Stiúrthóir Feidhmiúcháin

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Le linn 2025, léirigh eu-LISA go leanúnach a thiomantas daingean agus a iontaofacht mar chomhpháirtí do na hinstitiúidí Eorpacha agus do na Ballstáit, ag rannchuidiú le cur chun feidhme beartas ábhartha i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile (CGB), agus sábháilteacht agus sláine na dteicneolaíochtaí a chuirtear in úsáid á n-áirithiú ag an am céanna.



Teacht i bhfeidhm sBMS le haghaidh VIS agus EES



Teacht i bhfeidhm forchéimnitheach EES.



VIS nasctha le sBMS agus EES



Eisiúintí nua lárchóras Eurodac agus comhéadan úsáideora gréasáin



Mór-uasghrádú ar ECRIS RI le comhtháthú ECRIS-TCN



Comhdháil ardleibhéil ar uathrialas straitéiseach an Aontais



Deimhniú EMAS



Ráta foriomlán 98 % maidir le moltaí iniúchóireachta a chur chun feidhme



Ráta cur chun feidhme buiséid 100 %

ÉACHTAÍ A BAINEADH AMACH LE LINN NA BLIANA



TOSAÍOCHT: OIBRIÚ AGUS CUR I bhFEIDHM ÉIFEACHTACH CHÓRAIS FAISNÉISE CGB AN AONTAIS A CHUIRTEAR DE CHÚRAM AR eu-LISA A ÁIRITHIÚ

Cothabháil éifeachtach leanúnach

Is é príomhchuspóir eu-LISA oibriú éifeachtach, slán agus leanúnach na gcóras atá faoina shainordú a áirithiú, trí infhaighteacht agus leanúnachas gan bhriseadh a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh an chórais (i.e. údaráis náisiúnta agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais), chomh maith le tacaíocht oibríochtúil réamhghníomhach agus ardcháilíochta.

D'áirithigh an Ghníomhaireacht oibriú cobhsaí chroíchóras CGB an Aontais: Córas Faisnéise Schengen (CFS), an Córas Faisnéise Víosaí (VIS), an Córas Eorpach chun comparáid a dhéanamh idir taifid dhachtalascópacha iarrthóirí tearmainn (Eurodac), cur chun feidhme tagartha an Chórais Faisnéise Eorpaigh um Thaifid Choiriúla (ECRIS RI) agus an chórais e-CODEX (Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí Ar Líne). Ó mhí na Bealtaine 2025 i leith, chuir eu-LISA cothabháil oibríochtúil ar fáil don tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (sBMS) agus don chóras dul isteach/imeachta (EES) ó mhí Dheireadh Fómhair.

D'fheidhmigh na córais i gcomhréir leis na spriocanna leibhéil seirbhíse faoi seach, cé is moite de neamh-infhaighteacht shealadach ghearrthéarmach, le hinfhaighteacht CFS de 99.92 %, VIS de 99.78 %, EES de 98.13 %, Eurodac de 99.97 %, e-CODEX de 99.90 % agus sBMS de 100 %. D'áirithigh eu-LISA freisin bainistiú oibríochtúil éifeachtach an bhonneagair, na líonraí agus na seirbhísí foluiteacha, arna gcomhlánú le seirbhísí tacaíochta 24/7 d'úsáideoirí deiridh do phobal CGB an Aontais.

Uasghráduithe agus dul chun cinn

Lean eu-LISA de na forbairtí ba ghá a bhaint amach freisin chun feabhas leanúnach ar an gcóras a áirithiú, anailís ar riachtanais agus dearaí ardleibhéil a chur i gcrích le haghaidh roinnt mór-éabhlóidí CFS (lena n-áirítear foláireamh faisnéise nua agus méadú acmhainne), agus lean sé ar aghaidh le cur chun feidhme VIS athbhreithnithe.

Chun a chinntiú go dtiocfadh an Eurodac nua i bhfeidhm in am faoin 12 Meitheamh 2026 – réamhchoinníoll ríthábhachtach chun an Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann a chur i bhfeidhm, sheachaid eu-LISA roinnt eisiúintí den chóras lárnach agus an comhéadan gréasáin d'úsáideoirí, mar aon le sonraíochtaí teicniúla do na Ballstáit. In 2025, rinne an Ghníomhaireacht dul chun cinn freisin maidir le cur chun feidhme na rialachán maidir le scagadh, agus an anailís ar na ceanglais maidir le rochtain na n-údarás scagtha ar CFS á cur i gcrích aici, VIS agus ETIAS (an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil) á gcuardach aici, agus an anailís fós ar siúl i gcás cheanglais EES agus ECRIS-TCN.

Bhunaigh an Ghníomhaireacht timpeallacht réamhtháirgthe ar an ardán comhroinnte coiteann chun croíchórais ghnó nua a óstáil, rud a chumasaíonn tástáil níos tapúla agus ailínithe níos fearr, agus bailíochtú agus cur in úsáid feidhmchlár. Bhain eu-LISA cloch mhíle thábhachtach amach trí nascadh le EuroDomain agus ardán néalríomhaireachta cuimsitheach, rud a chuireann ar chumas úsáideoirí deiridh EuroDomain rochtain a fháil ar an timpeallacht tástála néalbhunaithe, rud a chumasaíonn socrú timpeallachta níos tapúla, ag aistriú fócas ó chumraíocht crua-earraí go gnéithe feidhmchláir tástála, rud a chuirfidh dlús le forbairt córas nua.

Ag an am céanna, lean an Ghníomhaireacht dá bonneagar líonra a bharrfheabhsú chun nascacht agus feidhmíocht na gcóras atá ann cheana agus na gcóras nua a fheabhsú, agus ag an am céanna an costas agus an t-am cothabhála a laghdú, agus tomhaltas cumhachta inbhuanaithe a áirithiú agus a lorg comhshaoil a laghdú.

Córais nua agus ullmhacht idir-inoibritheachta

Lean eu-LISA freisin de roinnt córas nua TF a fhorbairt, mar aon leis an ailtireacht idir-inoibritheachta nua don réimse CGB. In 2025, bhain an Ghníomhaireacht trí gharsprioc an-suntasach amach do limistéar Schengen agus don Aontas Eorpach:

- **teacht i bhfeidhm sBMS** le haghaidh VIS an 19-20 Bealtaine 2025, ar forbairt shuntasach é i gcur chuige an Aontais maidir le bainistiú sonraí bithmhéadracha, trí mheaitseáil bhithmhéadrach a lárú chun seiceálacha céannachta ag na teorainneacha a fheabhsú,
- **teacht i bhfeidhm EES de réir a chéile** an 12 Deireadh Fómhair 2025, agus na Ballstáit ag tosú ar a mbonneagair teorann náisiúnta a nascadh de réir a chéile le lárchóras EES,
- **seoladh nascadh VIS le sBMS** an 19-20 Bealtaine 2025 agus **le EES** an 12 Deireadh Fómhair chun malartú cobhsaí inscálaithe sonraí víosaí a chur ar fáil ar fud limistéar Schengen.

I dteannta a chéile, is céim mhór i dtreo bainistiú digiteach, comhtháite teorainneacha iad na héachtaí sin, lena leagtar síos bunús láidir do chur chun feidhme an treochláir idir-inoibritheachta.

I mí Iúil 2025, sheol an Ghníomhaireacht an chuid statach de shuíomh gréasáin poiblí EES agus ETIAS, Taisteal chun na hEorpa, lena soláthraítear faisnéis úsáideach maidir leis na rialacha nua do thaistealaithe idirnáisiúnta a théann chun na hEorpa – ar cloch mhíle thábhachtach do EES agus ETIAS é. Lean an Ghníomhaireacht de ETIAS a chur chun feidhme freisin agus d'éirigh léi an feachtas tástála comhlíontachta a sheoladh chun bunfheidhmiúlachtaí a bhailíochtú.

Maidir le réimse an cheartais, thug an Ghníomhaireacht uasghrádú mór ECRIS RI chun críche i mí na Samhna 2025, rud a chuir an leagan ba dhéanaí de na bogearraí ar fáil d'úsáideoirí deiridh le haghaidh nascadh slán líonra. Cumasaíonn an t-uasghrádú comhtháthú leis an ECRIS-TCN a bheidh ann amach anseo (an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla le haghaidh Náisiúnaigh Tríú Tír agus daoine gan stát), agus is réamhchoinníoll é sin chun an t-ualach sonraí a thosú. Mar sin féin, cé gur cuireadh tús leis an tástáil comhlíontachta leis na Ballstáit le haghaidh ECRIS-TCN, níor tugadh an ullmhacht theicniúil chun críche go fóill in 2025. Ina theannta sin, níor tháinig ardán comhair na bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú i bhfeidhm i mí na Nollag 2025 mar a bhí beartaithe.

Réitigh dhigiteacha nua

Lean eu-LISA freisin de roinnt réiteach digiteach nua a fhorbairt lena ndaingneofar tuilleadh an ailtireacht TF atá mar bhonn faoi fheidhmiú cuí Schengen. Go háirithe, chruthaigh an Ghníomhaireacht an chéad leagan den ailtireacht choincheapúil do ródaire Prüm, lena léirítear do na Ballstáit a phríomh-chomhpháirteanna feidhmiúla agus a phríomh-idirghníomhaíochtaí feidhmiúla, agus sheol sí cur chun feidhme an ródaire API-PNR go foirmiúil, leis an dearadh tosaigh agus leis an anailís ardleibhéil ar na ceanglais.

Ina theannta sin, lean eu-LISA dá chúraimí reachtúla eile a chomhlíonadh, amhail oiliúint theicniúil ar na córais a sholáthar d'úsáideoirí sna Ballstáit, liostaí na n-údarás ainmnithe a thiomsú, agus staitisticí bliantúla agus tuarascálacha feidhmíochta a ullmhú maidir le córais CGB an Aontais atá faoina shainchúram.

TOSAÍOCHT: FEIDHMÍOCHT NA GNÍOMHAIREACHTA A ARDÚ Ó THAOBH COMHLÍONTACHTA DE

In 2025, bhí an Ghníomhaireacht fós ar an mbóthar ceart le cur chun feidhme éifeachtach moltaí iniúchóireachta, agus ráta cur chun feidhme foriomlán 98 % bainte amach aici. Chun éifeachtúlacht sa réimse sin a fheabhsú, chuir eu-LISA uirlis nua bainistíochta iniúchóireachta in úsáid, lenar cumasaíodh bainistiú ó cheann go ceann ar ghníomhaíochtaí iniúchóireachta ar mhaithe le comhlíonadh feabhsaithe. Chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht a córais rialaithe inmheánaigh a neartú agus a fheabhsú, rinne an Ghníomhaireacht measúnú ar a Creat Rialaithe Inmheánaigh agus chuir sí a Tuarascáil Mheasúnaithe Bhliantúil ar fáil.

Ag an am céanna, lean eu-LISA dá rialuithe airgeadais a neartú, mar aon leis an bpróiseas réamhaisnéise agus faireacháin buiséid, trí shraith nua de dheaiseanna saincheaptha agus anailísíocht a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar thuairisciú airgeadais don Bhord Bainistíochta agus dá Choiste Iniúchóireachta, Comhlíontachta agus Airgeadais (ACFC). In 2025, chaith an Ghníomhaireacht an buiséad a sannadh di ina iomláine, lena n-áirítear an méadú mar gheall ar an leasú ar an mbuiséad ag deireadh na bliana, agus ráta forghníomhaithe 100 % le haghaidh gealltanas agus íocaíochtaí bainte amach aici.

Chun an próiseas soláthair a neartú tuilleadh, shainigh an Ghníomhaireacht straitéis soláthair chun faireachán a dhéanamh ar chur i gcrích a pleanála oibríochtúla agus chun aistriú rianúil ó shocruithe conarthacha atá ann cheana a áirithiú. Mar thoradh ar a hiarrachtaí leanúnacha chun cáilíocht a bainistithe conarthaí a fheabhsú, fuair an Ghníomhaireacht tuairim ghlan ó CIE maidir leis an mbliain airgeadais 2024.

Chuir an Coimisiún Eorpach bailchríoch ar an meastóireacht sheachtrach ar eu-LISA. Chun aghaidh a thabhairt ar an 11 mholadh, dhréachtaigh an Ghníomhaireacht plean gníomhaíochta, lena gcomhdhlúthaítear gníomhaíochtaí leanúnacha agus beartaithe i roinnt réimsí, i gcomhréir le hiniúchtaí atá ann cheana agus tionscnaimh feabhsúcháin eile (féach mír 2.12).

Lean an Ghníomhaireacht freisin de na leibhéil is airde slándála faisnéise agus cosanta sonraí a áirithiú i gcomhréir iomlán le ceanglais cosanta sonraí agus le dianchaighdeáin slándála. Go háirithe, chuir eu-LISA an measúnú riosca cibearshlándála ar fáil agus lean sé d'fheabhas a chur ar staid slándála na gcóras TF uile atá faoina shainchúram.

TOSAÍOCHT: RANNPHÁIRTÍOCHT NA FOIRNE A CHOTHÚ ACH ÁIT OIBRE THAR CIONN A DHÉANAMH DEN GHNÍOMHAIREACHT D'FHONN TALLANN NUA A MHEALLADH AGUS A CHOINNEÁIL

I mí Feabhra, nuashonraigh eu-LISA a struchtúr eagraíochtúil chun feabhas a chur ar bhaint amach a shainordaithe agus a chuspóirí straitéiseacha, chun éifeachtúlacht a chothú agus chun comhlíonadh a fheabhsú. Ag an am céanna, ghlac an Ghníomhaireacht a straitéis foinsithe chun roghanna foinsithe a shoiléiriú, agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais lucht saothair amach anseo, agus dul chun cinn á dhéanamh aici freisin maidir lena straitéis acmhainní daonna a shainiú, réimsí straitéiseacha a shainaithint a bheidh mar bhonn chun gníomhaíochtaí acmhainní daonna a ailíniú le riachtanais athraitheacha eu-LISA, agus cur chuige comhtháite réamhbhreathnaitheach a áirithiú maidir lenár dtallann a bhainistiú agus a fhorbairt.

Ina theannta sin, **d'oscail eu-LISA an foirgneamh oifige nua ASPIRE in Strasbourg** agus, ag an am céanna, thosaigh sé ag céimniú amach a fhoirgnimh Platon i gceantar Illkirch-Grafenstaden. Bhog **Oifig Idirchaidrimh eu-LISA** sa Bhruiséil go háitribh nua freisin.

TOSAÍOCHT: A BHEITH RÉIDH DON TODHCHAÍ; TEICNEOLAÍOCHTAÍ AGUS NUÁLAÍOCHT A FHEABHSÚ

I mí Eanáir 2025, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ríthábhachtacha bonneagair ag suíomhanna teicniúla eu-LISA, ghlac an Bord Bainistíochta le straitéis hibrideach ilnéil na Gníomhaireachta den chéad uair, rud a réitigh an bealach chun timpeallachtaí neamhtháirgthe a óstáil i mbonneagar néil le haghaidh faoisimh láithreach acmhainne, inscálaitheacht fheabhsaithe, seachadadh bonneagair luathaithe agus forbairt níos tapúla.

Tar éis ghlacadh na straitéise maidir le monarcha bogearraí i mí an Mhárta 2025, lean an Ghníomhaireacht dá tionscnamh monarcha bogearraí a uas-scálú chun feabhas a chur ar sheachadadh inmheánach tionscadal forbartha TF, teicneolaíochtaí nua a ghlacadh, modheolaíochtaí a chaighdeánú, dlús a chur le cleachtais lúfara, saineolas teicniúil inmheánach a fheabhsú agus cultúr feabhsaithe leanúnaigh a thógáil, d'fhonn an spleáchas ar chonraitheoirí seachtracha a laghdú chun córais nua a fhorbairt.

Bhí díriú ar leith ag an nGníomhaireacht ar fhorbairt Eurodac nua a mhéadú mar threoirthionscadal, agus ar threoirthionscadal eile a thosú trí ródaire Prüm a chur i bhfeidhm. Thairis sin, bhunaigh an Ghníomhaireacht Coiste Teicneolaíochta nua agus ceapadh Príomhoifigeach Teicneolaíochta chun treoraíocht straitéiseach a sholáthar agus chun bainistiú teicneolaíochta a neartú le haghaidh roghnú teicneolaíochta feabhsaithe, i gcomhréir leis na ceanglais rialála maidir le teicneolaíochtaí iomchuí a ghlacadh (e.g. cosaint sonraí, an Gníomh um an Intleacht Shaorga, caighdeáin chibearshlándála).

Chun athléimneacht agus infhaighteacht chórais CGB an Aontais a áirithiú, shuiteáil eu-LISA **lárionad sonraí modúlach coimeádánaithe** (MDC2.1, réiteach solúbtha inscálaithe nach gá aon tógáil nua ina leith), rud a d'fheabhsaigh an acmhainn stórála agus próiseála gan an lorg carbóin a mhéadú.

Ina theannta sin, rinne eu-LISA iarrachtaí feabhas a chur ar a fheidhmíocht fuinnimh agus a lorg comhshaoil a laghdú. Tar éis iniúchadh seachtrach rathúil a dhéanamh i dtaca leis, bronnadh an deimhniú EMAS go hoifigiúil ar eu-LISA i mí Aibreáin 2025, lena ndeimhnítear leibhéal fónta a chórais bainistíochta comhshaoil, a neartaítear le réitigh faireacháin comhshaoil. Chun feasacht a mhúscailt faoina fheidhmíocht chomhshaoil, d'fhoilsigh eu-LISA a Thuarascáil Inbhuanaitheachta 2024 agus a ráiteas ar an gcomhshaol.

D'fhonn éabhlóid leanúnach chórais faisnéise CGB a áirithiú déanann eu-LISA faireachán ar thaighde, agus eagraíonn sé gníomhaíochtaí for-rochtana leis an tionscal agus leis an saol acadúil chun nuálaíocht agus digitiú a chothú. I mí Iúil, d'fhoilsigh eu-LISA achoimre teicneolaíochta maidir le teicneolaíochtaí néalríomhaireachta, chun forléargas a thabhairt ar theicneolaíochtaí ábhartha do eu-LISA agus dá pháirtithe leasmhara. Lean an Ghníomhaireacht freisin dá comhar gníomhach le Mol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tslándáil inmheánach, trí chathaoirleacht a dhéanamh ar a bhraisle bhithmhéadrachta agus trí chomhordú a dhéanamh ar ullmhú achoimre bheartais maidir leis an meastóireacht neamhspleách ar theicneolaíocht bhithmhéadrach san Aontas.

I mí an Mheithimh 2025, d'óstáil an Ghníomhaireacht a himeacht bliantúil comhchéime tionscail chun malartú tuairimí a chur chun cinn, agus chun teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí nuálacha a thaispeáint, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus ar bhearnaí cumais na mBallstát. Reáchtáil eu-LISA imeacht i Vársá na Polainne, faoin teideal 'Building Better Government Software at Scale – Agile, DevSecOps and Software Factories' [Bogearraí rialtais níos fearr a thógáil ar scála – Agile, DevSecOps agus monarchana bogearraí], inar scrúdaíodh cuir chuige nua-aimseartha maidir le forbairt bogearraí san earnáil phoiblí.

An 1 Deireadh Fómhair 2025, d'eagraigh eu-LISA a chomhdháil ardleibhéil maidir le ról na dteicneolaíochtaí ceannasacha i slándáil an Aontais a áirithiú, inar tugadh le chéile institiúidí an Aontais, údaráis náisiúnta, an tionscal agus an saol acadúil chun plé a dhéanamh ar an idirghníomhú idir an teicneolaíocht, an smacht reachta, an neamhspleáchas, agus scileanna digiteacha atá riachtanach do shlándáil agus ceannasacht an Aontais agus ról eu-LISA i gcomhthéacs iarracht an Aontais neamhspleáchas straitéiseach a bhaint amach.

TOSAÍOCHT: RIALACHAS AGUS CAIDREAMH NA GNÍOMHAIREACHTA LENA PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA A CHOMHDHLÚTHÚ

Bíonn eu-LISA réidh i gcónaí chun tacú leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún agus le gníomhaireachtaí an Aontais maidir le forbairt agus éabhlóid chórais faisnéise CGB atá faoina shainchúram, lena n-áirítear tacú le grúpaí comhairleacha agus le Boird Bainistíochta cláir agus cathaoirleacht a dhéanamh orthu. Tar éis theacht i bhfeidhm EES, thug an Ghníomhaireacht cathaoirleacht na coda de EES-ETIAS AG ar láimh do Bhallstát. Bhunaigh an Ghníomhaireacht comhlachtaí rialachais nua freisin do ródaire Prüm, do ródaire API-PNR agus d'Ardán an Aontais um Iarratais ar Víosaí.

Chomhoibrigh eu-LISA leis na Ballstáit, le tíortha atá comhlachaithe le Schengen, le gníomhaireachtaí agus le hinstitiúidí an Aontais go déthaobhach agus trí líonraí, amhail Líonra Gníomhaireachtaí CGB (JHAAN) agus Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais (EUAN), chun saineolas teicniúil a chomhroinnt, chun éifeachtúlacht agus chun sineirgí a fheabhsú. D'oibrigh an Ghníomhaireacht ar chomhaontuithe comhair a athnuachan leis na Gníomhaireachtaí ábhartha agus chuaigh sí i ndlúthchomhar leis na Ballstáit ag a bhfuil Uachtaránacht rothlach Chomhairle an Aontais Eorpaigh – an Pholainn agus an Danmhairg.


MEASÚNÚ AR BHAINISTIÚ AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

Sa dara agus sa tríú cuid den tuarascáil seo tugtar forléargas ar bhainistíocht na Gníomhaireachta in 2025, lena n-áirítear achoimre ar an tuarascáil bhliantúil ar an gcreat rialaithe inmheánaigh (ICF), achoimre ar iniúchtaí, agus obair leantach i ndáil le barúlacha ón údarás um urscaoileadh.

Tá sraith córas TF mórscála casta agus idirnasctha á forbairt ag an nGníomhaireacht, agus tá sí ag teacht chun cinn i dtimpeallacht dhinimiciúil lena n-éilítear cur chuige sofhreagrúil, agus comhlíonadh chreat dlíthiúil an Aontais á áirithiú an tráth céanna. Leis na cúinsí sin cruthaítear dúshláin bhreise agus brú breise ar obair agus ar eagrú na Gníomhaireachta.

Baineadh de thátal i dtuarascáil mheasúnaithe ICF 2025 go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh eu-LISA ann, go bhfuil sé feidhmiúil agus éifeachtach, cé go bhfuil gá fós le roinnt feabhsuithe. Tarraingíodh aird freisin in iniúchtaí éagsúla, lena n-áirítear iniúchtaí ó CIE, ar réimsí ina bhféadfaí feabhas a chur orthu. Le linn 2025, lean an Ghníomhaireacht d'fheabhsuithe a dhéanamh i réimsí easnaimh sainaitheanta, ag díriú ar bhainistiú conarthaí a bhaineann le cláir agus tionscadail oibríochtúla. Rinne eu-LISA iarrachtaí freisin moltaí iniúchóireachta oscailte a dhúnadh ar an mbealach is éifeachtaí.

1 ÉACHTAÍ



Sa tuarascáil seo cuirtear i láthair forbhreathnú struchtúrtha ar an dul chun cinn atá déanta maidir le clár oibre bliantúil 2025 na Gníomhaireachta a chur i bhfeidhm agus na cuspóirí atá leagtha amach sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair 2025-2027 a bhaint amach. Is é is aidhm don tuarascáil dearbhú a thabhairt do gheallsealbhóirí eu-LISA – institiúidí an Aontais, na Ballstáit agus saoránaigh an Aontais – go bhfuil an Ghníomhaireacht tiomanta go córasach agus go comhsheasmhach dá sainordú, agus go n-úsáideann sí acmhainní leithdháilte go héifeachtúil d'fhonn a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

Lean eu-LISA dá iarrachtaí rannchuidiú le limistéar Schengen a bheith lánfheidhmiúil agus athléimneach ar mhaithe le saoránaigh na hEorpa. Ós rud é go dtacaíonn córais CGB uile a mbainistíonn an Ghníomhaireacht iad le cur chun feidhme bheartais an Aontais i réimsí an bhainistithe teorainneacha, víosaí, na himirce agus an tearmainn – agus iad ag rannchuidiú leis an gcoireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac san am céanna – tá sé ríthábhachtach don Aontas agus do eu-LISA go leanfar dá bhforbairt agus dá gcothabháil.

Chuige sin lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh leis na córais TF atá ann cheana a uasghrádú agus roinnt córas nua a fhorbairt, mar aon leis an ailtireacht uileghabhálach idir-inoibritheachta do réimse CGB, a bhfuil sé mar aidhm leis bainistiú teorainneacha a athrú ó bhonn tríd an digitiú, cur chuige cliste comhtháite a chur ar fáil do shlándáil inmheánach na hEorpa, agus eispéireas rianúil á cur ar fáil ag an am céanna do thaistealaithe idirnáisiúnta atá ag dul go limistéar Schengen.

Ina theannta sin, rannchuidíonn na réitigh dhigiteacha nua atá á bhforbairt ag eu-LISA le nuachóiriú leanúnach a dhéanamh ar chórais bhreithiúnacha ar fud na hEorpa, agus feabhas á chur ag an am céanna ar éifeachtúlacht imscrúduithe agus ionchúiseamh trasteorann. I dteannta le digitiú an réimse CGB dhírigh an Ghníomhaireacht freisin ar chibearshlándáil agus ar bhagairtí sa réimse cibearshlándála a chomhrac trí na hullmhúcháin riachtanacha a dhéanamh le haghaidh oibleagáidí a eascraíonn as rialacháin nua de chuid an Aontais maidir le slándáil faisnéise agus cibearshlándáil.

Mar an ghníomhaireacht de chuid an Aontais atá freagrach as bainistiú oibríochtúil agus forbairt chórais faisnéise CGB, lean eu-LISA de bheith ina chomhpháirtí lárnach dá gheallsealbhóirí trí shaineolas den scoth a sholáthar trí chomhar réamhghníomhach agus malartú faisnéise le hinstitiúidí, gníomhaireachtaí agus Ballstáit an Aontais. Sa chomhthéacs sin, chuaigh stiúrthóir feidhmiúcháin nua eu-LISA, Tillmann Keber, i mbun oifige go hoifigiúil an 1 Deireadh Fómhair 2025.

Comharthaí dul chun cinn:

- **Tasc nó tionscadal curtha i gcrích mar a bhí beartaithe**: cuspóirí agus garspriocanna bainte amach
- **Tasc nó tionscadal seachadta go páirteach**: cuspóirí agus garspriocanna bainte amach go páirteach; tús curtha le gníomhaíocht, ach í á cur i gcrích anois i dteannta le gníomhaíocht eile, í curtha ar ceal, an tosaíocht bainte di, nó í curtha ar feitheamh
- **Tasc nó tionscadal moillithe nó nár seachadadh**: cuspóirí agus garspriocanna gan bheith bainte amach
- **Tasc nó tionscadal gan bheith tosaithe**: níor cuireadh tús leis an ngníomhaíocht

Marcóirí táscaire feidhmíochta:

- **Sprioc bainte amach** de réir mar a beartaíodh laistigh den raon feidhme riachtanach
- **Sprioc bainte amach go páirteach** agus éachtaí beagán faoi bhun na sprice beartaithe
- **Sprioc gan bheith bainte amach** agus na torthaí i bhfad faoi bhun na sprice beartaithe.

1.1. SLÁNDÁIL INMHEÁNACH AGUS COMHAR I BHFORFHEIDHMIÚ AN DLÍ[4]

CÓRAS FAISNÉISE SCHENGEN (CFS)

Is córas slándála inmheánaí agus bainistithe teorainneacha é CFS a bunaíodh mar bheart cúiteach chun deireadh a chur le teorainneacha inmheánacha i limistéar Schengen. Cumasaítear leis malartú foláireamh maidir le daoine agus ábhair a bhfuiltear sa tóir orthu nó atá ar iarraidh, mar aon le treoracha d'údaráis náisiúnta inniúla chun coireacht agus sceimhlitheoireacht trasteorann a chomhrac. Tacaíonn CFS le bainistiú éifeachtach ar theorainneacha seachtracha an Aontais agus neartaíonn sé an tslándáil inmheánach.

Tacú le hEoraip shlán agus gan teorainneacha ar feadh 30 bliain

Caighdeán malartaithe sonraí Bhiúrónna SIRENE nuashonraithe

Feabhas curtha ar fheidhmiúlacht bhithmhéadrach, ar fheidhmíocht an chórais agus ar fheidhmíocht cuardaigh

BAINISTIÚ OIBRÍOCHTÚIL

D'áirithigh an Ghníomhaireacht **oibriú éifeachtach agus leanúnach** lárchóras CFS, lena n-áirítear a fheidhmiúlacht bhithmhéadrach (AFIS – córas uathoibrithe um shainaithint méarlorg), lena soláthraítear **infhaighteacht gan bhriseadh** agus tacaíocht oibríochtúil ardcháilíochta d'úsáideoirí deiridh (i.e. údaráis náisiúnta agus gníomhaireachtaí an Aontais).

Chuir an Ghníomhaireacht feabhas ar **fheidhmiúlacht bhithmhéadrach, ar fheidhmíocht agus ar éifeachtúlacht cuardaigh an lárchórais.**

UASGHRÁDUITHE AGUS DUL CHUN CINN

Shainigh eu-LISA próisis ghnó, feidhmiúlachtaí agus ailtireacht fhoriomlán na n-athruithe atá ar na bacáin lena dtacaítear le **feabhas leanúnach** (e.g. foláirimh faisnéise agus naisc idir-inoibritheachta) agus thosaigh sé ag forbairt sonraíochtaí teicniúla ar leibhéal na comhpháirte.

Chun an bonneagar a nuachóiriú, chun costais chothabhála amach anseo a laghdú, agus chun feidhmíocht agus leanúnachas gnó a fheabhsú, **rinne an Ghníomhaireacht croí-bhunachar sonraí CFS a aistriú chuig ardán nua**.

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

INFHAIGHTEACHT

99.92 %

teagmhas ríthábhachtach ar bith, neamh-infhaighteacht de bharr cothabhála

AM FREAGARTHA

99.50 %

miondialltaí feidhmíochta

Foinse: SLA agus tuarascálacha seirbhíse míosúla, tuarascáil ar infhaighteacht an lárchórais

SONRAÍ STÓRÁILTE AGUS OIBRÍOCHTAÍ

94.6 milliún

FOLÁIREAMH SA BHUNACHAR SONRAÍ

▲2 % i gcomparáid le 2024

2 mhilliún foláireamh maidir le daoine

92.6 milliún foláireamh maidir le hábhair

17.7 billiún cuardach

▲18 % i gcomparáid le 2024

99.93 % cuardaigh alfa-uimhriúla

0.07 % cuardaigh bhithmhéadracha

[4] Nóta maidir le struchtúr: Tá sé beartaithe le grúpáil théamach chórais CGB an Aontais tacú le sreabhadh insinte a leanúint atá comhleanúnach agus soiléireacht a chur ar fáil do léitheoirí. Mar sin féin, ní léirítear go hiomlán leis sin na caidrimh chasta idir na córais sin na caidrimh chasta idir córais nó a rannchuidiú nó a rannchuidiú ar fud réimsí beartais éagsúla. Tacaíonn go leor córas le roinnt réimsí oibríochtúla ag an am céanna, agus is minic a shíneann a dtionchar thar theorainneacha aon chaibidil amháin (e.g. cuireann CFS le bainistiú teorainneacha agus le himirce, ródaire API-PNR le bainistiú teorainneacha, tacaíonn Eurodac freisin le bainistiú teorainneacha). Dá bhrí sin, feidhmíonn an struchtúr sin mar chúnamh insinte seachas aicmiú docht a dhéanamh ar róil an chórais.

Chomh maith leis sin, chomhordaigh an Ghníomhaireacht **nuashonrú caighdeánach malartaithe sonraí Bhiúrónna SIRENE** d'úsáideoirí deiridh (na Ballstáit agus Europol).

ULLMHACHT I GCOMHAIR IDIR-INOIBRITHEACHTA

Lean an Ghníomhaireacht den **nascadh le ETIAS** a bhunú chun cuardaigh uathoibrithe a chumasú d'fhonn measúnú a dhéanamh ar cheart iontrála an iarratasóra, chomh maith le seirbhísí eile d'úsáideoirí deiridh. Go háirithe, chuir an Ghníomhaireacht tástáil scoite i gcrích ar an gcomhpháirt idirnaisc ghaolmhar, rud ar deimhníodh malartú rathúil fógraí mar thoradh air.

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Bainistiú oibríochtúil	
Oibriú éifeachtach agus leanúnach an lárchórais (lena n-áirítear AFIS), infhaighteacht gan bhriseadh, feidhmíocht éifeachtúil, agus tacaíocht ardcháilíochta d'úsáideoirí deiridh	
Cothabháil CFS agus AFIS gnó mar is gnách	— eisiúintí cothabhála seachadta — comhpháirteanna crua-earraí agus bogearraí athnuaite ag deireadh na tacaíochta — seiceálacha ar chomhsheasmhacht sonraí seolta
Tacaíocht CFS d'úsáideoirí deiridh gnó mar is gnách	— tacaíocht oibríochtúil curtha ar fáil le linn cur in úsáid eisiúintí nua — tacaíocht d'fheachtais tástála agus cáilitheachta
Uasghráduithe agus dul chun cinn	
éabhlóidí córais a seachadta d'fhonn tacú le feabhsú leanúnach	
Uirlis bainistithe cur i bhfeidhm agus anailísíochta CFS tionscadal: 2026 (lena n-áirítear FSA)	— anailís leanúnach ar riachtanais agus ar dhearadh ardleibhéil[5] — tús curtha le dearadh íseal-leibhéil
Ascnamh lárchóras CFS chuig CSP tionscadal: 2026 (FSA 2027) [**cinneadh airgeadais ar feitheamh**]	— anailís leanúnach ar riachtanais agus ar dhearadh ardleibhéil — staidéar indéantachta agus cás gnó tugtha chun críche — **tabhairt chun críche** curtha siar de bharr srianta acmhainní
Leanúint le hathmhúnlú CFS tionscadal: [**bunús dlí atá ar feitheamh**]	— tacaíodh le hullmhú na reachtaíochta tánaistí maidir le hearraí ardluacha — cuireadh leis an tuarascáil ón gCoimisiún maidir le haitheantas íomhá den aghaidh — tabhairt chun críche **curtha siar** mar gheall ar ghlacadh an bhunúis dlí atá ar feitheamh
Méadú ar acmhainn CFS tionscadal: 2027 (FSA 2028) [**cinneadh airgeadais ar feitheamh**[6]]	— anailís leanúnach ar riachtanais agus ar dhearadh ardleibhéil — **tabhairt chun críche** curtha siar de bharr srianta acmhainní
Forbairt CFS tionscadal: 2025-2026[7]	— bunachar sonraí CFS aistrithe a thabhairt chun críche (Eanáir 2026) — scagadh: anailís riachtanas curtha i gcrích maidir le rochtain dhíreach d'údaráis scagtha, anailís leanúnach ar rochtain roghnach trí ESP — foláireamh faisnéise: dearadh críochnaithe agus tús curtha le gníomhaíochtaí tástála

[5] Is ionann dearadh ardleibhéil agus próisis ghnó agus an ailtireacht fhoriomlán; sonraítear le dearadh íseal-leibhéil sonraí teicniúla ar leibhéal comhpháirte agus cur chun feidhme.

[6] Lena n-áirítear feabhas a chur ar oibríochtaí bainistíochta sonraí. Rinne an Ghníomhaireacht méadú ar fheidhmíocht dhénártha a chumasc le comhtháthú CFS le sBMS.

[7] Is é 2026 (FSA 2027) an dáta seachadta le haghaidh foláireamh faisnéise agus le haghaidh ceanglais scagtha 2026 (lena n-áirítear FSA).

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Ullmhacht i gcomhair idir-inoibritheachta	
Nascadh le ETIAS, VIS agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta (ESP, MID, sBMS) agus CRRS	
Nascadh SIS le comhpháirteanna idir-inoibritheachta tionscadal: 2027 (FSA 2028)	— anailís leanúnach ar riachtanais agus ar dhearadh ardleibhéil — dearadh leanúnach íseal-leibhéil
Nascadh CFS le ETIAS tionscadal: 2026 (FSA 2027)	— anailís riachtanas curtha i gcrích, dearadh ardleibhéil agus íseal-leibhéil — comhpháirt idirnaisc aistrithe chuig CSP. — tástáil aonraithe curtha i gcrích, tús curtha le tástáil pháirteach ghnó leis na Ballstáit
Nascadh CFS le VIS athbhreithnithe tionscadal: 2027 (FSA 2028) **dáta nua: 2028 (céim 1, FSA 2029)**	— anailís leanúnach ar riachtanais agus ar dhearadh ardleibhéil — tús curtha le dearadh íseal-leibhéil

MALARTÚ UATHOIBRÍOCH SONRAÍ LE hAGHAIDH COMHAR PÓILÍNEACHTA (RÓDAIRE PRÜM).

Leis an ródaire lárnach nua, déanfar creat Prüm atá ann cheana a nuachóiriú agus a neartú trí mhalartú sonraí níos tapúla agus níos córasaí a chumasú idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus Europol, rud a chuirfidh feabhas ar an gcomhrac i gcoinne na coireachta trasteorann. Cuirfidh sé ródaire lárnach in ionad na nasc déthaobhach atá ann faoi láthair idir bunachair sonraí náisiúnta, rud a chuirfidh bonn ar fáil d'ailtireacht nua chun malartuithe próifílí ADN, méarlorg agus íomhánna aghaidhe a leathnú.

Tús curtha le forbairt an ródaire

An chéad leagan den ailtireacht choincheapúil seachadta

CUR CHUN FEIDHME

Chuir eu-LISA tús le dearadh na mbogearraí agus chruthaigh sé an **chéad leagan d'ailtireacht choincheapúil an ródaire**, rud a léirigh a phríomh-chomhpháirteanna feidhmiúla agus a n-idirghníomhaíochtaí leis na Ballstáit. I mí Mheán Fómhair, chuir an Ghníomhaireacht tús le **forbairt lúfar atriallach an chéad táirge inmharthana íosta** ina bhfuil bunfheidhmiúlacht ródaithe gan próiseáil bhithmhéadrachta.[8]

CUR I BHFEIDHM TIONSCADAIL

COSTAS
athrú ar bith

SCEIDEAL
athrú ar bith

SCÓIP
athrú ar bith

Foinse: SLA agus tuarascálacha tionscadail míosúla

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Cur chun feidhme	
Cur i bhfeidhm an ródaire Prüm	
Cur i bhfeidhm an ródaire Prüm tionscadal: 2027 (lena n-áirítear FSA)	— anailís leanúnach ardleibhéil ar dhearadh agus ar cheanglais, measúnú críochnaithe ar cheanglais maidir le hathmheaitseáil bhithmhéadrach, an chéad leagan den ailtireacht choincheapúil curtha ar fáil

[8] Is éard atá i MVP, nó táirge inmharthana íosta, leagan de tháirge nach bhfuil ach go leor gnéithe aige le bheith inúsáidte ag luathchustaiméirí ar féidir leo aiseolas a sholáthar ansin d'fhorbairt táirgí amach anseo.

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
	— tús curtha le forbairt an chéad táirge inmharthana íosta. — rannchuidiú le hullmhú na reachtaíochta tánaistí

RÉAMHAISNÉIS FAOI PHAISINÉIRÍ AGUS TAIFEAD AINMNEACHA PAISINÉIRÍ (RÓDAIRE API-PNR)

Tacóidh an ródaire API-PNR le sainaithint agus imréiteach taistealaithe le linn seiceálacha teorann agus neartóidh sé acmhainn na mBallstát cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Feidhmeoidh sé mar aon phointe ceangail amháin idir Ballstáit agus iompróirí aeir chun sonraí API agus PNR a aistriú roimh an eitilt, rud a laghdóidh an baol neamhchomhlíonta agus earráidí ar thaobh an iompróra, agus ar an gcaoi sin tacóidh sé le bainistíocht teorann agus forfheidhmiú an dlí níos éifeachtaí.

Tús curtha le forbairt an ródaire

CUR CHUN FEIDHME

Thosaigh an Ghníomhaireacht le **dearadh tosaigh** ródaire API-PNR agus le **hanailís ardleibhéil** ar riachtanais. Chun an cur chun feidhme a éascú agus chun comhsheasmhacht a áirithiú ar fud na gcóras, déanfaidh an Ghníomhaireacht comhpháirteanna EES agus ETIAS a athúsáid, go háirithe seirbhísí gréasáin, ardán an chreasa idirlín agus Uirlis Bordála agus Tacaíochta Iompróirí um Thicéadú.

CUR I BHFEIDHM TIONSCADAIL

COSTAS
athrú ar bith

SCEIDEAL
athrú ar bith

SCÓIP
athrú ar bith

Foinse: SLA agus tuarascálacha tionscadail míosúla

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Cur chun feidhme	
Cur chun feidhme an ródaire API-PNR agus an chomhéadain iompróra leathnaithe	
Cur chun feidhme API-PNR tionscadal: 2028 **dáta nua: 2029 (lena n-áirítear FSA)**	— anailís leanúnach ar dhearadh ardleibhéil agus ar riachtanais — Malartuithe teicniúla le EUROCONTROL agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha ó thionscal an aerthaistil — rannchuidiú le hullmhú na reachtaíochta tánaistí

1.2. SCHENGEN, TEORAINNEACHA AGUS VÍOSA

AN CÓRAS FAISNÉISE VÍOSAÍ (VIS)

Tacaíonn VIS le húdaráis víosaí an Aontais maidir le hiarratais a phróiseáil agus víosaí gearrfhanachta a bhainistiú do TCNanna a thaistealaíonn chuig limistéar Schengen nó tríd. Cuidíonn sainaithint bhithmhéadrach ag teorainneacha le calaois víosaí a chomhrac trí dhaoine nach gcomhlíonann coinníollacha iontrála nó fanachta a bhrath, rud a chuidíonn leis an tslándáil inmheánach a neartú. Tacaíonn VIS freisin le cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBallstát atá freagrach as iarratas ar thearmann a scrúdú.

Nascadh VIS le EES agus sBMS seolta

Na chéad doiciméid dearaidh don phróiseas scagtha agus don nascadh le ETIAS seachadta

BAINISTIÚ OIBRÍOCHTÚIL

D'áirithigh an Ghníomhaireacht **oibriú éifeachtach agus leanúnach** lárchóras VIS, lena n-áirítear a chóras meaitseála bithmhéadraí[9], lena soláthraítear **infhaighteacht gan bhriseadh** agus tacaíocht oibríochtúil ardcháilíochta d'úsáideoirí deiridh (i.e. údaráis náisiúnta agus gníomhaireachtaí an Aontais).

UASGHRÁDUITHE AGUS DUL CHUN CINN

Chun feidhmiúlachtaí nua a eascraíonn as Rialachán athbhreithnithe VIS a chomhtháthú, lena n-áirítear, i measc nithe eile, víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe chun seiceálacha slándála ar iarratasóirí ar víosaí a fheabhsú, is gá nuashonrú suntasach a dhéanamh ar an lárchóras agus próisis ghnó a athdhearadh. D'ainneoin na gceanglas teicniúil casta agus bailchríoch leanúnach na reachtaíochta tánaistí, lean eu-LISA de **nuashonrú a dhéanamh ar an ailtireacht fhoriomlán agus ar na sonraíochtaí feidhmiúla,** lena n-áirítear **ceanglais scagtha** agus an **nascadh le ETIAS.**

ULLMHACHT I GCOMHAIR IDIR-INOIBRITHEACHTA

Rinne an Ghníomhaireacht dul chun cinn suntasach i dtreo malartú sonraí víosaí níos

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

INFHAIGHTEACHT

99.78 %

teagmhas ríthábhachtach ar bith, neamh-infhaighteacht de bharr cothabhála

AM FREAGARTHA

99.92 %

miondiall mar gheall ar VIS maidir le teacht i bhfeidhm EES

Foinse: SLA agus tuarascálacha seirbhíse míosúla, tuarascáil ar infhaighteacht an lárchórais

SONRAÍ STÓRÁILTE AGUS OIBRÍOCHTAÍ

2.5 milliún

IARRATAS AR VÍOSA STÓRÁILTE

▲8.7 % i gcomparáid le 2024

45.7 milliún tacar méarloirg (+9.5 %)

49.6 milliún íomhá den aghaidh (+8.7 %)

[9] Amhail ón 19-20 Bealtaine 2025, úsáideann VIS sBMS mar a chóras meaitseála bithmhéadraí. Cothabháil BMS a tugadh i gcrích an 20 Meitheamh 2025 (1 mhí tar éis aistriú sonraí agus teacht i bhfeidhm sBMS a chur i gcrích).

cobhsaí agus níos inscálaithe ar fud Limistéar Schengen trí **VIS a nascadh le sBMS i mí na Bealtaine 2025.** Ceadaíonn an dara ceann acu sin nascadh le EES, rud a ligeann do chonsalachtaí EES a cheadú sula n-eisítear Víosa Schengen, rud a chumasaíonn próiseáil víosa atá slán agus éifeachtúil. Méadaítear an athléimneacht trí chomhtháthú bunachar sonraí lorg méire VIS le seirbhís nua mheaitseála bhithmhéadracha den scoth, a sholáthraíonn cumas níos airde agus cruinneas meaitseála. Íoslaghdaíonn éabhlóid nua aga neamhfhónaimh an chórais freisin le linn uasghráduithe amach anseo.

Chuir an Ghníomhaireacht an eilimint dheiridh – **nascadh le EES** – i ngníomh an 12 Deireadh Fómhair 2025 chun sonraí a bhaineann le víosaí a aisghabháil ó VIS le haghaidh fíorú cruinn céannachta agus seiceálacha bailíochta víosa le linn nósanna imeachta trasnaithe teorann.

OIBRÍOCHTAÍ FORIOMLÁNA

278 milliún

▲7.3 % i gcomparáid le 2024

12 mhilliún iarratas ar víosa cruthaithe (0 %)

29 milliún cuardach alfa-uimhriúla (-9.4 %)

8 milliún cuardach bithmhéadrach (+8.3 %)

7.5 milliún fíordheimhniú bithmhéadrach (+7.8 %)

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Bainistiú oibríochtúil	
Oibriú éifeachtach agus leanúnach an lárchórais (lena n-áirítear BMS), infhaighteacht gan bhriseadh, feidhmíocht éifeachtúil, agus tacaíocht ardcháilíochta d'úsáideoirí deiridh	
Cothabháil VIS gnó mar is gnách	— eisiúintí cothabhála seachadta — tús curtha le díchoimisiúnú BMS
Uasghráduithe agus dul chun cinn	
soláthar athruithe córais lena dtacaítear le feabhas leanúnach, lena n-áirítear feidhmiúlachtaí nua VIS athbhreithnithe	
Cur chun feidhme VIS athbhreithnithe tionscadal: 2027 (lena n-áirítear FSA) **dáta nua: 2028 (céim 1, FSA 2029), 2029 (céim 2, FSA 2029-2030)**	— anailís leanúnach ar riachtanais agus dearadh ardleibhéil, lena n-áirítear riachtanais scagtha — tacaíocht tugtha don Choimisiún i dtaca leis an dlaoi mhullaigh a chur ar reachtaíocht thánaisteach
Ullmhacht i gcomhair idir-inoibritheachta	
Nascadh le EES, ETIAS agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta (ESP agus MID)	
Nascadh VIS le ETIAS agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta tionscadal: 2026 (ETIAS, FSA 2027), 2027 (IO, FSA 2028) **dáta nua: 2028 (IO, FSA 2029)**	— gníomhaíochtaí forbartha agus tástála atá ar siúl faoi láthair i ndáil leis an nascadh le ETIAS — anailís leanúnach ar riachtanais agus dearadh ardleibhéil i ndáil leis an nascadh le ESP agus MID
Nascadh VIS le EES tionscadal: 2025 (lena n-áirítear FSA)	— nascadh VIS le EES agus sBMS tugtha chun críche, FSA san áireamh — nascadh le EES gníomhachtaithe — ascnamh tugtha chun críche ar fheidhmiúlacht chuardach bithmhéadrach VIS BMS chuig sBMS

CÓRAS DUL ISTEACH/IMEACHTA (EES)

Le EES, déantar bainistiú theorainneacha seachtracha an Aontais a nuachóiriú trí chlárú leictreonach náisiúnach tríú tír a thrasnaíonn teorainneacha Schengen le haghaidh gearrfhanachta a chur in ionad stampáil láimhe pasanna agus taifead a dhéanamh ar dhiúltuithe cead isteach. Ina theannta sin, le EES is féidir faireachán a dhéanamh ar fhanachtaí údaraithe agus rófhantóirí a shainaithint, slándáil inmheánach Schengen a neartú agus cuidiú le himirce neamhrialta a chosc. Cuideoidh seiceálacha uathoibrithe leis na Ballstáit sreabha taistealaithe a bhainistiú agus nósanna imeachta ag pointí trasnaithe a bharrfheabhsú.

Teacht i bhfeidhm forchéimnitheach EES

Cuid statach de shuíomh gréasáin Taisteal chun na hEorpa curtha in úsáid

TEACHT I BHFEIDHM

D'fhorbair an Ghníomhaireacht an **plean ardleibhéil maidir le rolladh amach**[10] lena gcumhdaítear cleachtaí agus spleáchais le córais eile (i.e. VIS le haghaidh EES agus sBMS) chun úsáideoirí deiridh a threorú (i.e. na Ballstáit agus Europol) chomh maith le tacú le feidhmiú éifeachtach trí spriocanna feidhmíochta agus infhaighteachta agus nósanna imeachta tacaíochta a dheimhniú. Thairis sin, rinne an Ghníomhaireacht **trí chleachtas ar mhórscála** chun an lárchóras, uirlisí agus sásraí comhordúcháin a thástáil, agus chun ullmhacht le haghaidh teacht i bhfeidhm a dheimhniú.

Ba gharsprioc an-suntasach do eu-LISA, do limistéar Schengen agus don Aontas araon é [11]**teacht i bhfeidhm forchéimnitheach EES an 12 Deireadh Fómhair** 2025. Beidh EES curtha in úsáid go hiomlán ag gach pointe trasnaithe teorann seachtraí ón 10 Aibreán 2026 ar aghaidh.

Tá EES ag dul i dtreo bearna sheanbhunaithe i rialú teorann an Aontais a dhúnadh[12] – an cumas rianú iontaofa a dhéanamh ar na daoine a thagann isteach i Limistéar Schengen agus a imíonn as – rud atá fíor-riachtanach chun an riail 90/180 lá a fhorfheidhmiú[13] agus chun aghaidh a thabhairt ar rófhanachtaí. In éineacht le teacht i bhfeidhm sBMS, is céim mhór é i dtreo bainistiú comhtháite teorainneacha digiteach, lena leagtar síos bunús láidir chun an treochlár idir-inoibritheachta a fhorghníomhú.

CUR I BHFEIDHM TIONSCADAIL

COSTAS

d'ainneoin gur sháraigh an Ghníomhaireacht an buiséad beartaithe do 2025, tá costais fhoriomlána chur chun feidhme EES i gcomhréir le LFS

SCEIDEAL

moill ar sheachadadh i gcomparáid leis an sprioc thosaigh a leagadh síos leis an Rialachán, ach i gcomhréir le Treochlár Idir-inoibritheachta mhí an Mhárta 2025

SCÓIP

athrú ar bith

Foinse: SLA agus tuarascálacha tionscadail míosúla

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

INFHAIGHTEACHT

98.13 %

trí theagmhas ríthábhachtacha

Foinse: SLA agus tuarascálacha seirbhíse míosúla, tuarascáil ar infhaighteacht an lárchórais

Mar gheall ar an teorannú teicniúil, ní rabhthas in ann aga freagartha a thomhas in 2025

[10] Rialachán (AE) 2025/1534

[11] Leis an tús forchéimnitheach sin, tugtar am d'údaráis teorann agus d'iompróirí na mBallstát dul in oiriúint do na nósanna imeachta nua. I gcomhréir leis na treoirlínte praiticiúla arna n-eisiúint ag an gCoimisiún, cuireadh tús leis an teacht i bhfeidhm le gach Ballstát ar a gceanglaítear tús a chur le trasnuithe teorann a chlárú in EES ag ceann amháin ar a laghad dá phointí trasnaithe teorann. Faoi lá 60, ba cheart feidhmiúlachtaí bithmhéadracha a bheith ar fáil ag na pointí trasnaithe teorann sin uile ina gcuirtear EES in úsáid. Faoi lá 90, ceanglaítear ar na Ballstáit uile EES a oibriú agus na feidhmiúlachtaí bithmhéadracha uile acu, is é sin leath dá bpointí trasnaithe teorann ar a laghad. Ón 10 Aibreán 2026, tá EES ag feidhmiú go hiomlán leis na feidhmiúlachtaí bithmhéadracha uile ag gach pointe trasnaithe teorann seachtraí de chuid na 29 dtír a úsáideann an córas.

[12] Dúnfar an bhearna le teacht i bhfeidhm EES.

[13] Leis an riail 90/180 lá, ceadaítear do thaistealaithe gan víosa fanacht i Limistéar Schengen ar feadh suas le 90 lá laistigh de roth-thréimhse 180 lá ar bith.

BAINISTIÚ OIBRÍOCHTÚIL

Ó mhí Dheireadh Fómhair 2025 i leith, thosaigh an Ghníomhaireacht ag áirithiú **oibriú éifeachtach agus leanúnach** lárchóras EES, ag soláthar **infhaighteacht gan bhriseadh** agus tacaíocht oibríochtúil ardcháilíochta d'úsáideoirí deiridh (i.e. údaráis náisiúnta agus gníomhaireachtaí an Aontais).

ULLMHACHT I GCOMHAIR IDIR-INOIBRITHEACHTA

Lean an Ghníomhaireacht den **nascadh le VIS** a chur ar bun d'fhonn sonraí a bhaineann le víosaí a aisghabháil go huathoibríoch chun seiceálacha teorann a fheabhsú. I mí na Bealtaine 2025, d'éirigh le eu-LISA **bogearraí sraithe comhtháthaithe** a chur in úsáid lena gcumasaítear idir-inoibritheacht le córais eile (lena n-áirítear VIS agus sBMS).

OIBRÍOCHTAÍ EES

8 180
DIÚLTIÚ CEAD ISTEACH TCNanna
31 %: cuspóir agus coinníollacha fanachta neamhbhailí; 25 %: d'fhan an duine ar feadh >3 mhí i dtréimhse 6 mhí

283
ÚDARÚ FANACHTA CÚLGHAIRTHE

479
nÚDARÚ FANACHTA FADAITHE

SEIRBHÍSÍ GRÉASÁIN

Chun próiseáil chuíchóirithe a dhéanamh ar thaistealaithe atá ag teacht isteach, tá seirbhísí gréasáin comhpháirteacha ag EES agus ETIAS d'iompróirí agus do thaistealaithe, rud a fhágann gur féidir bailíocht údaraithe taistil a sheiceáil roimh dhul ar bord.

I mí Iúil 2025, i gcomhar le Frontex agus an Coimisiún, sheol eu-LISA an chuid statach de shuíomh gréasáin poiblí **EES agus ETIAS – *Taisteal chun na hEorpa***, ar a sholáthraítear faisnéis áisiúil maidir leis na rialacha nua do thaistealaithe idirnáisiúnta atá ag triall ar an Eoraip, rud ar cloch mhíle thábhachtach é i dtoabh cur i bhfeidhm EES agus ETIAS.

Le príomhfhaisnéis ar fáil i 27 dteanga do EES agus i 30 teanga do ETIAS, agus eochairfhocail spriocdhírithe optamaithe cuardaigh, éascaíonn an suíomh gréasáin rochtain ar fhaisnéis chruinn.

I mí na Nollag 2025, chuir an Ghníomhaireacht bailchríoch ar thástáil an **fheidhmchláir seirbhíse gréasáin**, agus chuir sí an **uirlis ionduchtaithe agus tacaíochta iompróra ar líne** (COBST, réiteach inscálaithe um shaincheisteanna a thuairisciú, a chlárú, a bhordáil agus um chúnamh a lorg agus EES á úsáid) ar fáil d'iompróirí paisinéirí.

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Bainistiú oibríochtúil	
Oibriú éifeachtach agus leanúnach an lárchórais (lena n-áirítear seirbhísí gréasáin), infhaighteacht gan bhriseadh, feidhmíocht éifeachtúil, agus tacaíocht ardcháilíochta d'úsáideoirí deiridh agus d'iompróirí	
Forbairt agus cothabháil EES gnó mar is gnách (teacht i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2025, FSA 2026)	— tús curtha le tréimhse fhorchéimnitheach aistrithe — glacadh deiridh leanúnach córais
Cothabháil seirbhísí gréasáin gnó mar is gnách	**tosóidh an ghníomhaíocht tar éis teacht i bhfeidhm in 2026**
Tacaíocht crua-earraí agus COTS agus cothabháil ceadúnais gnó mar is gnách	— Ceadúnais EES a athnuachan agus tacaíocht a thabhairt dóibh — crua-earraí cumraithe agus bogearraí tráchtála réamhdhéanta (COTS) le haghaidh EES, VIS agus sBMS
Aistriú EES chuig TEF/TOF tionscadal: 2025	— aistriú bonneagair agus ardáin chuig conraitheoir Bheart TOF 2 agus conradh tacaíochta arna shíniú don bhliain 2026 — aistriú gníomhaíochtaí forbartha a bhfuil coinne leo faoi shamhail DPS in 2026

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Cur chun feidhme	
Cur chun feidhme EES agus seirbhísí gréasáin	
Aistriú i bhfeidhm EES tionscadal: 2025	— cleachtaí maidir le teacht i bhfeidhm (lúil, Meán Fómhair, Deireadh Fómhair) — uirlisí agus cainéil chumarsáide cumraithe i dteannta le húsáideoirí deiridh
Aistriú i bhfeidhm sheirbhísí gréasáin tionscadal: 2025 **dáta nua: 2026 (lena n-áirítear FSA)**	— gníomhaíochtaí aistrithe leanúnacha, lena n-áirítear clárú iompróra, agus ionduchtú — lárionad oibríochtaí slándála agus seirbhís tacaíochta tástála iompróra ar bun
Seirbhísí tacaíochta TEF tionscadal: 2027	— tacaíocht a thabhairt don chonraitheoir maidir le hanailís ghnó agus dearbhú cáilíochta
Ullmhacht i gcomhair idir-inoibritheachta	
Nascadh le VIS athbhreithnithe agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta (ESP)	
Seirbhísí gréasáin do VIS athbhreithnithe tionscadal: 2026 (FSA 2027) **dáta nua: 2027 (FSA 2028)**	**tús le cur leis an ngníomhaíocht tar éis 2026**
Nascadh EES le comhpháirteanna idir-inoibritheachta (lena n-áirítear scagadh) tionscadal: 2027 (IO, FSA 2027), in 2027 (VIS athbhreithnithe, FSA 2028)	— anailís leanúnach ar riachtanais agus dearadh ardleibhéil. — measúnú tionchair ar cháilíocht lorg neamhfhollas agus lorg dearnan le haghaidh EES, VIS, ECRIS-TCN agus CFS — obair déanta ar fheidhmiúlacht tuairiscithe neamhspleách don tréimhse oibríochta roimh a comhtháthú le CRRS, measúnú tionchair do chomhpháirteanna CRRS.

AN CÓRAS EORPACH UM FHAISNÉIS AGUS ÚDARÚ TAISTIL (ETIAS)

Éascóidh ETIAS trasnú teorann trí údarú réamhthaistil ar líne le haghaidh TCNanna atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus atá ag taisteal chuig limistéar Schengen le haghaidh gearrfhanachta. Fíoróidh iompróirí bailíocht údaruithe taistil TCN sula rachaidh siad ar bord, agus fíoróidh gardaí teorann í ag na teorainneacha seachtracha. Ach comparáid a dhéanamh idir faisnéis ar fud chórais CGB agus bhunachar sonraí Europol, beifear in ann rioscaí slándála, rioscaí imirce neamhdhleathaí nó rioscaí eipidéime a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint roimh ré.

Insamhlóir agus samhlacha bogearraí nuashonraithe

Tástáil comhlíontachta seolta chun príomhfheidhmiúlachtaí a bhailíochtú

Tús curtha le forbairt bota comhrá agus uirlise tacaíochta TCN

CUR I BHFEIDHM

Chuir eu-LISA dearadh an lárchórais i gcrích (lena n-áirítear ceanglais ó chomhtháthú le Eurodac nua agus leis an bpróiseas scagtha) agus leanadh den fhorbairt atriallach. Ó mhí na Bealtaine 2025 i leith, tá **rochtain ag na Ballstáit ar na príomhfheidhmiúlachtaí uile** – oibríochtaí ó chóras go córas, lena n-áirítear glaonna ar ais, fógraí, agus cuardaigh ESP. Tá **tástáil comhlíontachta seolta** ag an nGníomhaireacht do na Ballstáit chun comhréireacht an chórais le ceanglais shainithe ar an leibhéal náisiúnta a fhíorú.

I mí an Mheithimh 2025, chuir eu-LISA **ionsamhlóir lárchóras nuashonraithe** in

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

COSTAS

athrú ar bith

SCEIDEAL

moill ar sheachadadh i gcomparáid leis an sprioc thosaigh a leagadh síos leis an Rialachán, ach i gcomhréir le Treochlár Idir-inoibritheachta mhí an Mhárta 2025

SCÓIP

miondiall ó cheanglais scagtha chuí agus CSLR

Foinse: Comhaontú leibhéil seirbhíse agus tuarascálacha tionscadail

Beidh PTF infhaighteacht agus aga freagartha ETIAS ar fáil tar éis a theacht i

úsáid chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na Ballstáit agus do Europol agus a gcórais féin á n-ullmhú acu. Chomhroinn an Ghníomhaireacht **samhlacha bogearraí nuashonraithe** freisin lena gcumhdaítear rochtain dhíreach ar shonraí amais CFS, EES agus VIS, chun tacú leis na Ballstáit lena n-iarrachtaí na próisis ghnó is gá a shainiú.

Thosaigh an Ghníomhaireacht freisin ar na huirlisí gaolmhara a fhorbairt –**bota comhrá agus uirlis tacaíochta TCN**.

bhfeidhm in 2026

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Cur chun feidhme	
Cur chun feidhme ETIAS	
Aistriú i bhfeidhm ETIAS tionscadal: 2026 (FSA 2027)	— dearadh tugtha i gcrích, lena n-áirítear Eurodac nua agus ceanglais scagtha — forbairt leanúnach an lárchórais agus tástáil comhlíontachta — comhoibriú le Frontex (samhail tacaíochta oibríochtúla) agus le Europol (nascadh na mbunachar sonraí) — tacaíocht tugtha don Choimisiún i dtaca le reachtaíocht thánaisteach a thabhairt chun críche
Ullmhacht i gcomhair idir-inoibritheachta	
Nascadh le EES, le CFS, le VIS agus le comhpháirteanna idir-inoibritheachta (ESP, CIR) agus le CRRS	
Nascadh ETIAS le comhpháirteanna idir-inoibritheachta tionscadal: 2026 (FSA 2027)	— anailís leanúnach ar riachtanais agus dearadh ardleibhéil, — comhtháthú le comhpháirteanna idir-inoibritheachta (ESP, CIR) agus CRRS a thástáil

1.3. IMIRCE AGUS TEARMANN

AN CÓRAS EORPACH CHUN COMPARÁID A DHÉANAMH IDIR TAIFID DHACHTALASCÓPACHA IARRTHÓIRÍ TEARMAINN (EURODAC)

Is é Eurodac córas bainistithe tearmainn agus imirce an Aontais a úsáidtear chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBallstát atá freagrach as iarratas ar thearmann a scrúdú. Cuidíonn sé freisin le céannacht na ndaoine a ghabhtar mar gheall ar thrasnú neamhdhleathach teorann agus gluaiseacht neamhúdaraithe laistigh de limistéar Schengen a shuí. Faoi dhálaí dochta agus mar rogha dheireanach, féadfaidh údaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí agus Europol rochtain a fháil ar Eurodac chun coireanna sceimhlitheoireachta nó coireanna tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a fhiosrú.

Eisiúintí córais lárnaigh agus comhéadan úsáideora gréasáin seachadta

Sonraíochtaí teicniúla curtha ar fáil do na Ballstáit

An chéad eisiúint le haghaidh athdhearadh DubliNet seachadta

BAINISTIÚ OIBRÍOCHTÚIL

D'áirithigh an Ghníomhaireacht **oibriú éifeachtach agus leanúnach** an lárchórais, lena n-áirítear DubliNet, lena soláthraítear **infhaighteacht gan bhriseadh** agus tacaíocht oibríochtúil ardcháilíochta d'úsáideoirí deiridh (i.e. údaráis náisiúnta agus gníomhaireachtaí an Aontais).

CUR I BHFEIDHM: EURODAC NUA

Is **réamhchoinníoll ríthábhachtach** é Eurodac atá ann cheana a chlaochlú ina bhunachar sonraí lánfheidhme maidir le tearmann agus imirce chun gnéithe de Chomhshocrú Nua an Aontais maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme. In **Eurodac nua** tabharfar isteach sonraí alfa-uimhriúla agus bithmhéadracht aghaidhe chun dlús a chur leis an bpróiseas iarratais ar thearmann agus chun é a fheabhsú, agus tacófar leis an gcóras tearmainn agus le gluaiseachtaí neamhúdaraithe laistigh de limistéar Schengen a bhrath ag an am céanna. Leis an gcomhtháthú leis an ailtireacht idir-inoibritheachta, beifear in ann céannachtaí a chuardach agus a chros-seiceáil ar fud chórais CGB ábhartha uile.

Chun a áirithiú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm go tráthúil faoin 12 Meitheamh 2026, rinne eu-LISA **cur chuige forbartha inmheánach solúbtha atriallach a phíolótú**, agus leas á bhaint as cumais coimeádán agus néalríomhaireachta chun dlús a chur leis an seachadadh. Sholáthair an Ghníomhaireacht na **chéad cheithre eisiúint idirmheánacha den lárchóras agus den chomhéadan úsáideora gréasáin**, chomh maith leis na **sonraíochtaí teicniúla** chun tús a chur leis na gníomhaíochtaí foirmiúla nasctha agus tástála sna timpeallachtaí tástála gaolmhara. Leis na feidhmiúlachtaí sin, cumasaíodh ionsamhlúcháin le comhpháirteanna idir-inoibritheachta (ESP, CIR agus sBMS) ach shonraí samhalacha a úsáid.

Thairis sin, **sholáthair an Ghníomhaireacht an chéad eisiúint d'athdhearadh DubliNet**, lenar cumhdaíodh an fhoirm tosaigh agus feidhmiúlachtaí píolótacha an chomhéadain úsáideora gréasáin.

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

INFHAIGHTEACHT

99.97 %

Dhá theagmhas ríthábhachtach, lena n-áirítear neamhinfhaighteacht de bharr cothabhála

AM FREAGARTHA

99.99 %

diailtaí feidhmíochta ar bith

Foinse: SLA agus tuarascálacha seirbhíse míosúla, tuarascáil ar infhaighteacht an lárchórais

SONRAÍ STÓRÁILTE AGUS OIBRÍOCHTAÍ

7.2 milliún

TACAR MÉARLOIRG STÓRÁILTE[14]

▼6 % i gcomparáid le 2024

6.9 milliún iarrthóirí tearmainn (-6 %)

0.3 milliún trasnú teorann neamhrialta (-24 %)

1.4 milliún

MÍR SONRAÍ TARCHURTHA

▼18 % i gcomparáid le 2024

0.69 milliún iarrthóir tearmainn (-17 %)

0.17 milliún trasnú teorann neamhrialta (-20 %)

[14] Sonraí méarlorg arna dtarchur ag údaráis na mBallstát chuig an lárchóras chun críocha stórála agus cuardaigh.

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Dul chun cinn agus príomhspriocanna insoláthartha**
Bainistiú oibríochtúil	
Oibriú éifeachtach agus leanúnach an lárchórais (lena n-áirítear DubliNet), infhaighteacht gan bhriseadh, feidhmíocht éifeachtúil agus tacaíocht ardcháilíochta d'úsáideoirí deiridh	
Cothabháil Eurodac agus DubliNet gnó mar is gnách	— eisiúintí cothabhála seachadta, dhá theagmhas ríthábhachtach — athnuachan leanúnach deimhniúcháin leis na cúig Bhallstát a bhí fágtha
Cur chun feidhme	
Cur chun feidhme Eurodac nua agus na gceanglas maidir le scagadh	
Rialachán nua Eurodac agus nascadh le comhpháirteanna idir-inoibritheachta tionscadal: 2026 (FSA 2027)[15]	— seachadadh ceithre eisiúint lárchórais, lena n-áirítear sonraíochtaí teicniúla — ionsamhlúchán cumasaithe le ESP, CIR agus sBMS
Cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Scagadh[16] tionscadal: 2026 (FSA 2027)	— anailís leanúnach tugtha i gcrích ar riachtanais agus dearadh ardleibhéil, anailís cásanna úsáide
Uasghráduithe agus dul chun cinn	
forbairtí córais agus DubliNet seachadta chun tacú le feabhsú leanúnach	
Uasghráduithe Eurodac tionscadal: 2026	**gníomhaíocht curtha ar ceal:** níl aon uasghrádú ná forbairt beartaithe do chóras leagáide Eurodac
Athdhearadh/uasghrádú DubliNet tar éis Eurodac nua tionscadal: 2027 **dáta nua: 2026 (lena n-áirítear FSA)**	— dearadh ardleibhéil curtha i gcrích — forbairt leanúnach agus an chéad eisiúint seachadta

1.4. COMHAR MAIDIR LE CEARTAS

CÓRAS FAISNÉISE EORPACH UM THAIFID CHOIRIÚLA LE hAGHAIDH NÁISIÚNAIGH TRÍÚ TÍR (CÓRAS ECRIS-TCN)

Le ECRIS-TCN, comhlánófar cur chun feidhme thagairt ECRIS[17] le faisnéis maidir le taifid choiriúla TCNanna agus daoine gan stát a ciontaíodh san Aontas chun faisnéis chuimsitheach a sholáthar do na húdaráis ábhartha maidir leis an stair choiriúil, lena dtacófar le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do phianbhreitheanna agus do chinntí breithiúnacha ar fud an Aontais.



Mór-uasghrádú ECRIS RI seachadta



Tús curtha le tástáil comhlíontachta ECRIS-TCN leis na Ballstáit



Comhtháthú le CIR, ESP agus sBMS

[15] Déanfar a theacht i bhfeidhm a rolladh amach in dhá chéim: soláthrófar an chéad phacáiste d'fheidhmiúlachtaí i mí an Mheithimh 2026 (lena n-áirítear nascadh le ESP, sBMS, SCSC), agus na feidhmiúlachtaí eile i mí na Nollag 2026, i.e. nascadh le VIS, ETIAS, MID, CRRS.

[16] Tá feidhm ag an nós imeachta um scagadh ag teorainneacha seachtracha maidir le TCNanna nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir le dul isteach de réir *Chód Teorainneacha Schengen*. Cumhdaítear leis réamhsheiceáil sláinte, measúnú leochaileachta, cuardaigh do chórais faisnéise an Aontais (i.e. VIS agus EES), clárú bithmhéadrach in Eurodac, seiceáil slándála, foirm scagtha a chomhlánú, agus tarchur chuig an nós imeachta iomchuí – cibé acu is le haghaidh tearmainn nó fillte é sin.

[17] Le ECRIS RI, cumasaítear cumarsáid idir cláir thaifid choiriúla de Bhallstáit an Aontais maidir le breithniú a dhéanamh ar chiontuithe saoránach den Aontas roimh ré agus pianbhreitheanna coiriúla á ngearradh acu.

BAINISTIÚ OIBRÍOCHTÚIL

D'áirithigh an Ghníomhaireacht **oibriú éifeachtach agus leanúnach** ECRIS RI, ag soláthar **infhaighteacht gan bhriseadh** agus tacaíocht oibríochtúil ardcháilíochta d'úsáideoirí deiridh (údaráis bhreithiúnacha ar fud an Aontais).

CUR CHUN FEIDHME

Cé nár baineadh ullmhacht theicniúil ECRIS-TCN amach in 2025, rinne eu-LISA dul chun cinn maidir leis an bhforbairt atriallach, agus dhá eisiúint á seachadadh aige lena gcumhdaítear feidhmiúlachtaí ríthábhachtacha, agus lenar féidir **tús a chur le tástáil comhlíontachta** ar chórais náisiúnta.

Thug an Ghníomhaireacht **mór-uasghrádú ECRIS RI** chun críche i mí na Samhna 2025, lenar cuireadh an leagan ba dhéanaí de na bogearraí ar fáil d'úsáideoirí deiridh le haghaidh nascadh slán líonra. Leis an uasghrádú, is féidir comhtháthú a dhéanamh le ECRIS-TCN a bheidh ann amach anseo agus is réamhchoinníoll é chun tús a chur le hualach sonraí.

ULLMHACHT I GCOMHAIR IDIR-INOIBRITHEACHTA

Chun go mbeidh ETIAS agus VIS in ann ECRIS-TCN a chuardach, lean eu-LISA den **nascadh leis na comhpháirteanna idir-inoibritheachta is gá a bhunú**, ag díriú ar **thástáil chomhtháite le ESP, CIR, sBMS** agus **CRRS**.

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

COMHLÍONADH 100 % LE SLA

feidhmíocht, lena n-áirítear láimhseáil ticéad laistigh de spriocanna socraithe

Foinse: SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse

Beidh am infhaighteachta agus freagartha ECRIS-TCN ar fáil tar éis a theacht i bhfeidhm in 2026

CUR I BHFEIDHM TIONSCADAIL

COSTAS

diall beag faoi bhun 5 % mar gheall ar éabhlóidí (ailíniú idir-inoibritheachta, ceanglais scagtha)

SCEIDEAL

moill fhada

SCÓIP

athrú ar bith

Foinse: SLA agus tuarascálacha seirbhíse míosúla agus tuarascálacha tionscadail

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Dul chun cinn agus príomhspriocanna insoláthartha**
Bainistiú oibríochtúil	
Oibriú éifeachtach agus leanúnach ECRIS RI, infhaighteacht gan bhriseadh, feidhmíocht éifeachtúil, tacaíocht ardcháilíochta d'úsáideoirí deiridh	
Cothabháil ECRIS RI gnó mar is gnách	— eisiúintí cothabhála seachadta

Tasc: Dáta seachadta	**Dul chun cinn agus príomhspriocanna insoláthartha**
Cur chun feidhme	
ECRIS-TCN a chur chun feidhme (lena n-áirítear ceanglais scagtha) agus forbairtí lena dtacaítear le feabhsú leanúnach a chur i gcrích, lena n-áirítear athchóiriú ECRIS RI	
Cur chun feidhme ECRIS-TCN tionscadal: 2026 (lena n-áirítear FSA) **dáta nua: [measúnú ar feitheamh]**	— dearbhú cáilíochta agus tástáil leanúnach ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal náisiúnta — dhá eisiúint agus uasghrádú RI le haghaidh comhtháthaithe seachadta
Aistriú i bhfeidhm ECRIS-TCN tionscadal: 2026 **dáta nua: [measúnú ar feitheamh]**	— ullmhúcháin leanúnacha chun leanúint leis an aistriú i dtreo na hoibríochta
Rialachán maidir le Scagadh ECRIS-TCN tionscadal: 2025 **dáta nua: 2026 (lena n-áirítear FSA)**	— cuid ríthábhachtach den anailís maidir leis na riachtanais scagtha curtha i gcrích.
Athscríobh ECRIS RI tionscadal: 2025 **dáta nua: [cinneadh airgeadais ar feitheamh]**	**gníomhaíocht ar fionraí** de bharr srianta acmhainne
Ullmhacht i gcomhair idir-inoibritheachta	
Nascadh le comhpháirteanna idir-inoibritheachta (ESP, CIR) agus le CRRS	
Nascadh ECRIS-TCN le comhpháirteanna idir-inoibritheachta tionscadal: 2026 (FSA 2027) dáta nua: **[measúnú ar feitheamh]**	— tástáil ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear tástáil comhtháthaithe le comhpháirteanna idir-inoibritheachta ESP, CIR (le sBMS) agus CRRS — sásra agus nósanna imeachta bainistithe cáilíochta sonraí ceaptha

CUMARSÁID R-CHEARTAIS TRÍ MHALARTÚ SONRAÍ AR LÍNE (córas e-CODEX)

Is réiteach é an córas e-CODEX chun cumarsáid leictreonach shlán a éascú idir údaráis bhreithiúnacha, gairmithe dlí agus saoránaigh in imeachtaí breithiúnacha trasteorann in ábhair shibhialta agus choiriúla, lena n-áirithítear próiseas breithiúnach níos éifeachtúla do shaoránaigh agus do ghnólachtaí ar fud na hEorpa.

An tsraith nascóirí e-CODEX athfhachtóirithe seachadta

Úsáideoirí curtha ar bord chun na chéad chásanna úsáide nua éigeantacha a chur i bhfeidhm

An caighdeán nós imeachta digiteach do chás úsáide OIPE seachadta.

BAINISTIÚ OIBRÍOCHTÚIL

D'áirithigh an Ghníomhaireacht **oibriú éifeachtach agus leanúnach** e-CODEX, ag soláthar **infhaighteacht gan bhriseadh** agus tacaíocht oibríochtúil ardcháilíochta le linn uaireanta gnó EET d'úsáideoirí deiridh (i.e. údaráis bhreithiúnacha agus gníomhaireachtaí).

Úsáideoirí nua tugtha ar bord ag eu-LISA: An Danmhairg, Éire, agus saineolaithe ó Chomhairle Nótairí an Aontais Eorpaigh (CNUE).

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

INFHAIGHTEACHT 99.90 % (uirlis bainistíochta cumraíochta)

teagmhais ríthábhachtacha ar bith

Foinse: SLR agus tuarascálacha ráithiúla ar theagmhais

Chun an **chéad dá chás úsáide éigeantacha** a chur chun feidhme chun doiciméid a sheirbheáil agus fianaise a ghlacadh, chuir eu-LISA **úsáideoirí breithiúnacha nua** ar bord (i.e. cúirteanna, nótairí, gníomhairí forfheidhmiúcháin).

CAIGHDEÁIN NÓS IMEACHTA DHIGITEACHA

Déanann an Ghníomhaireacht **caighdeáin nós imeachta dhigiteacha** a chothabháil agus a fhorbairt, ar sonraíochtaí teicniúla iad le haghaidh samhlacha próisis gnó agus scéimeanna sonraí lena n-aistrítear ionstraimí dlí ina ngnéithe digiteacha den chóras. In 2025, **dhréachtaigh eu-LISA scéimrí sonraí** don ordú íocaíochta Eorpach, don bharántas gabhála Eorpach, d'éilimh bheaga, don ordú calctha agus coigistíochta Eorpach. Thairis sin, chuir eu-LISA pacáiste nua maidir le caighdeán nós imeachta digiteach ar fáil chun **tuairiscí coireachta** ó **Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh** (OIPE) a chur isteach go digiteach ag na Ballstáit.

UASGHRÁDUITHE AGUS DUL CHUN CINN

Chun feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht amach anseo, **rinne an Ghníomhaireacht athfhachtóiriú ar shraith nascóirí e-CODEX** (cód foinse), agus cur chuige DevSecOps á chur i bhfeidhm, chun ailíniú le teicneolaíochtaí nua-aimseartha a áirithiú agus chun an fiachas teicniúil le haghaidh atriallta amach anseo a bhaint.

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Bainistiú oibríochtúil	
Oibriú éifeachtach agus leanúnach, infhaighteacht gan bhriseadh, feidhmíocht éifeachtúil, agus tacaíocht ardcháilíochta d'úsáideoirí deiridh Caighdeáin nós imeachta dhigiteacha agus croístór focal r-Cheartais an Aontais a fhorbairt, a chur in úsáid agus a bhainistiú;	
Cothabháil e-CODEX gnó mar is gnách	— eisiúintí cothabhála seachadta, úsáideoirí nua ionduchtaithe — an tsraith nascóirí e-CODEX athfhachtóirithe seachadta — comhéadain úsáideora fheabhsaithe ar fud na gcomhpháirteanna
Bainistiú na gcaighdeán nós imeachta digiteach e-CODEX gnó mar is gnách	— anailís a dhéanamh agus tacaíocht theicniúil a chur ar fáil chun ionstraimí ceartais nua a dhigitiú ag fóraim éagsúla — caighdeán nós imeachta digiteach do chás úsáide OIPE seachadta.

ARDÁN COMHAIR NA bhFOIRNE COMHPHÁIRTEACHA UM IMSCRÚDÚ (FCInna).

Le hardán comhair FCInna, éascaítear cumarsáid agus comhoibriú idir údaráis bhreithiúnacha agus údaráis forfheidhmithe dlí Eorpacha, agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais (Europol agus Eurojust) agus comhlachtaí an Aontais – (Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), agus an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) – agus ar an gcaoi sin éifeachtúlacht agus éifeachtacht imscrúduithe agus ionchúiseamh trasteorann a fheabhsú.

Réitigh bogearraí foinse oscailte Eorpacha roghnaithe mar bhunús

Luathleagan an ardáin curtha i láthair do pháirtithe leasmhara

CUR I BHFEIDHM TIONSCADAIL

COSTAS

athrú ar bith

CUR CHUN FEIDHME

ceanglais chórais scagtha maille le dearadh an lárchórais agus an fheidhmchláir cumarsáide mionchoigeartaithe ag eu-LISA Go háirithe, **roghnaigh an Ghníomhaireacht réiteach bogearraí foinse oscailte Eorpach mar bhunús don ardán** agus sheachaid sí leaganacha nuashonraithe de **bhréagáin ardáin (e.g. feidhmiúlachtaí an phainéil riaracháin) mar réamh-léirshamhlú** ar a ghnéithe lárnacha agus ar a chomhéadan. Ina theannta sin, léirigh eu-LISA **luathleagan** den **ardán** do pháirtithe leasmhara, agus rinne sé dul chun cinn maidir le roghnú na haipe cumarsáide, lena sainaithnítear réiteach atá comhlíontach ó thaobh an dlí de.

SCEIDEAL

moill fhada toisc nár comhlíonadh teacht i bhfeidhm an 7 Nollaig 2025 toisc nár comhlíonadh na coinníollacha slándála agus cáilíochta is gá

SCÓIP

athrú ar bith

Foinse: SLA agus tuarascálacha seirbhíse míosúla agus tuarascálacha tionscadail

Beidh infhaighteacht CP FCInna ar fáil tar éis a theacht i bhfeidhm

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Cur chun feidhme	
Cur i bhfeidhm ardán comhoibrithe na FCInna	
Cur chun feidhme CP FCInna tionscadal: 2025 **dáta nua: [measúnú ar feitheamh]**	– anailís ar riachtanais agus dearadh ardleibhéil tugtha chun críche, lena n-áirítear scéalta úsáideoirí – ardán le haghaidh na ngníomhaíochtaí tástála seachadta – bogearraí foinse oscailte saincheaptha Eorpach, lena n-áirítear nascadh le Eurojust – clabhsúr curtha ar an taighde margaidh don fheidhmchlár cumarsáide – tacaíocht tugtha don Choimisiún i dtaca le reachtaíocht thánaisteach a thabhairt chun críche

1.5. IDIR-INOIBRITHEACHT


Braitheann bainistiú éifeachtúil ar shlándáil inmheánach agus ar theorainneacha seachtracha na hEorpa ar chumas na gcóras TF sonraí agus faisnéis a mhalartú. Chun comhar idir údaráis náisiúnta ar fud na hEorpa a éascú, tá an ailtireacht chuimsitheach idir-inoibritheachta á cur chun feidhme ag eu-LISA le haghaidh na gcóras CGB uile atá á mbainistiú aige: CFS, VIS, Eurodac, EES, ETIAS agus ECRIS-TCN. A luaithe a bheidh sé oibríochtúil, le hidir-inoibritheacht na gcóras sin beifear in ann seirbhísí a sholáthar don phobal CGB ar bhealach níos sofhreagrúla agus níos éifeachtúla, agus slándáil inmheánach an Aontais á treisiú ag an am céanna.

Beidh ailtireacht idir-inoibritheachta CGB an Aontais comhdhéanta de na comhpháirteanna seo a leanas:

- **tairseach chuardaigh Eorpach** (ESP) trína gcuirtear ar chumas úsáideoirí údaraithe cuardaigh aonair a dhéanamh agus torthaí a fháil ó gach córas faisnéise CGB a bhfuil údarú acu rochtain a fháil orthu,
- **tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha** (sBMS) chun sonraí aitheantais a chrosmheaitseáil le haitheantóirí bithmhéadracha ar fud na gcóras CGB go léir,
- **stóras coiteann céannachta** (SCSC), stóras d'fhaisnéis bheathaisnéiseach agus bhithmhéadrach faoi TCNanna chun sainaithint iontaofa a áirithiú,
- **brathadóir ilchéannachtaí** (MID) chun sainaithint cheart taistealaithe *bona fide* a áirithiú, agus ag an am céanna rannchuidiú le calaois chéannachta a chosc.

Tá an **lárstóras um thuairisciú agus staidreamh** (CRRS) á fhorbairt ag eu-LISA freisin chun sonraí staidrimh traschórais agus tuairisciú anailíseach a sholáthar ar gach córas CGB chun críocha beartais, oibríochtúla agus cáilíochta sonraí.

▲Fíor 1. Ailtireacht idir-inoibritheachta do réimse CGB an Aontais



SEIRBHÍS CHOMHROINNTE MEAITSEÁLA SONRAÍ BITHMHÉADRACHA (sBMS)

Tá sBMS ar cheann de na comhpháirteanna lárnacha d'ailtireacht idir-inoibritheachta CGB nua an Aontais. Stóráiltear ann teimpléid bhithmhéadracha a ghintear ó shonraí a stóráiltear in CFS agus sa stóras coiteann sonraí céannachta (SCSC). Ó bhí mí na Bealtaine 2025 ann, éascaíonn sBMS cuardaigh sonraí bithmhéadracha ar fud na gcóras CGB ábhartha atá á mbainistiú ag eu-LISA, rud a fhágfaidh go mbeidh sé ar cheann de na córais bhithmhéadracha is mó ar domhan.

Teacht i bhfeidhm sBMS le haghaidh VIS

Teacht i bhfeidhm sBMS le haghaidh EES

TEACHT I BHFEIDHM

Bhain eu-LISA garsprioc mhór amach le **teacht i bhfeidhm sBMS le haghaidh VIS i mí na Bealtaine 2025, agus le haghaidh EES i mí Dheireadh Fómhair 2025.** Ina theannta sin, chuir an Ghníomhaireacht bailchríoch ar aistriú na 45 mhilliún tacar de shonraí bithmhéadracha stairiúla uile ó VIS BMS. Le sBMS, sholáthair eu-LISA an chéad chomhpháirt a shainítear sna Rialacháin Idir-inoibritheachta, cloch mhíle thábhachtach chun slándáil teorann an Aontais a fheabhsú.

Trí mheaitseáil bhithmhéadrach a lárú, is forbairt shuntasach é sBMS i gcur chuige an Aontais maidir le bainistiú sonraí bithmhéadracha, rud a fheabhsaíonn seiceálacha céannachta thar theorainneacha.

BAINISTIÚ OIBRÍOCHTÚIL

Ó mhí na Bealtaine ar aghaidh, áirithíonn eu-LISA **oibriú éifeachtach agus leanúnach** sBMS, lena soláthraítear **infhaighteacht gan bhriseadh** agus tacaíocht oibríochtúil ardcháilíochta d'úsáideoirí deiridh (i.e. údaráis náisiúnta agus gníomhaireachtaí de chuid

CUR I BHFEIDHM TIONSCADAIL

COSTAS
athrú ar bith

SCEIDEAL
moill ar sheachadadh i gcomparáid leis an sprioc thosaigh a leagadh síos leis an Rialachán, ach i gcomhréir le Treochlár Idir-inoibritheachta mhí an Mhárta 2025

SCÓIP
athrú ar bith

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

INFHAIGHTEACHT 100 %
teagmhais ríthábhachtacha ar bith
Foinse: SLA agus tuarascálacha míosúla tionscadail agus seirbhíse

an Aontais).

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Bainistiú oibríochtúil	
Oibriú éifeachtach agus leanúnach sBMS, infhaighteacht gan bhriseadh, feidhmíocht éifeachtúil, agus tacaíocht ardcháilíochta d'úsáideoirí deiridh Cáilíocht fhoriomlán na réiteach bithmhéadrach agus an tsaineolais inmheánaigh ar an mbithmhéadracht agus ar bhainistiú céannachta a mhéadú	
Cothabháil sBMS gnó mar is gnách	— tús curtha le cothabháil, teagmhais ríthábhachtacha ar bith — glacadh deiridh córais curtha i gcrích
Punann bhithmhéadrachta gnó mar is gnách	— dearadh ardleibhéil na huirlise tomhais cruinnis a bheidh ann amach anseo le haghaidh oibríochtaí bithmhéadracha idirchórais agus ionchórais,
Cur chun feidhme	
sBMS a chur chun feidhme, lena n-áirítear aistriú sonraí bithmhéadracha ó VIS BMS chuig sBMS a chur i gcrích	
sBMS a chur chun feidhme tionscadal: 2025 (lena n-áirítear FSA)	— gníomhaíochtaí aistrithe curtha i gcrích, lena n-áirítear cleachtadh, agus an t-oibriú tosaithe ar an 19-20 Bealtaine — ullmhúchán déanta le haghaidh tástáil comhtháthaithe le ECRIS-TCN, SCSC agus CFS, rinneadh tástáil scoite le ECRIS-TCN agus CFS — anailís leanúnach ar thionchar MID, lena n-áirítear cruinneas oibríochtaí bithmhéadracha.
Uasghráduithe agus dul chun cinn	
Athruithe córais a sholáthar lena dtacaítear le feabhas leanúnach, lena n-áirítear nascadh le Eurodac nua agus le ECRIS-TCN nua	
Méadú ar acmhainn sBMS tionscadal: 2026 (lena n-áirítear FSA)	— riachtanais leanúnacha agus dearadh ardleibhéil
sBMS le haghaidh Eurodac tionscadal: 2027 **dáta nua: 2026 (FSA 2027)**	— tús curtha le measúnú ar ascnamh sonraí Eurodac agus CFS — anailís leanúnach ar riachtanais bhithmhéadracha agus dearadh ardleibhéil chun nascadh le Eurodac agus ECRIS-TCN nua

COMHPHÁIRTEANNA IDIR-INOIBRITHEACHTA

I dteannta le sBMS cumasófar ailtireacht idir-inoibritheachta CGB an Aontais le trí chomhpháirt bhreise: Tairseach chuardaigh Eorpach (ESP), an stóras coiteann sonraí céannachta (CIR), agus an brathadóir ilchéannachtaí (MID).



Comhtháthú le córais nua curtha i gcrích



Tús curtha le tástáil chomhtháite ar na córais nua.

CUR CHUN FEIDHME

Lean eu-LISA de na comhpháirteanna idir-inoibritheachta atá fágtha a chur chun feidhme, agus roinnt **eisiúintí ESP agus CIR á seachadadh aige chun comhtháthú a thabhairt chun críche**, agus de **thús a chur le tástáil chomhtháite** le córais nua a thiocfaidh i bhfeidhm in 2026 – ETIAS, Eurodac nua agus ECRIS-TCN.

Chun tacú leis na Ballstáit naisc MID a bhainistiú,

CUR I BHFEIDHM TIONSCADAIL



COSTAS

athrú ar bith



SCEIDEAL

moill ar sheachadadh i gcomparáid leis an sprioc thosaigh a leagadh síos leis an Rialachán, ach i gcomhréir le Treochlár Idir-inoibritheachta mhí an Mhárta 2025

tugadh isteach an lárchóras um réiteach an naisc bhuí (CSLR) chun próisis aonfhoirmeacha bainistithe naisc a bhunú do na húdaráis uile. In 2025, rinne eu-LISA dul chun cinn maidir le **sainmhíniú raon feidhme CSLR** in éineacht leis na páirtithe leasmhara ábhartha.

SCÓIP

athrú ar bith

Foinse: SLA agus tuarascálacha tionscadail míosúla

Beidh infhaighteacht agus feidhmíocht ar fáil nuair a bheidh comhpháirteanna i bhfeidhm

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Cur chun feidhme	
Cur i bhfeidhm na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta (ESP, CIR, MID)	
Cur chun feidhme ESP tionscadal: 2025 **dáta nua: 2026 (lena n-áirítear FSA)**	— scaoileadh ag tacú le ECRIS-TCN seachadta — anailís leanúnach ar riachtanais agus dearadh ardleibhéil. — tástáil scoite leanúnach ar cheist Europol trí ESP — tástáil scoite agus chomhtháthaithe le SCSC, sBMS, ETIAS agus ECRIS-TCN ar siúl
Cur chun feidhme CIR tionscadal: 2025 **dáta nua: 2026 (lena n-áirítear FSA)**	— scaoileadh ag tacú le ECRIS-TCN seachadta — anailís leanúnach ar riachtanais agus dearadh ardleibhéil. — tástáil scoite agus chomhtháthaithe le ESP, sBMS, ETIAS, ECRIS-TCN ar siúl
Cur chun feidhme MID tionscadal: 2027 **dáta nua: 2028 (lena n-áirítear FSA)**	— anailís ar siúl maidir le riachtanais agus dearadh ardleibhéil, doiciméid dearaidh a tugtha cothrom le dáta
Cur chun feidhme CSLR[18] tionscadal: céim 1 2027 (FSA san áireamh), céim 2 2028 (FSA san áireamh)	— dul chun cinn déanta i dtaobh shainmhíniú an raoin feidhme — cruinnithe den Fhóram um Bainistiú Tionscadal ar siúl chun riachtanais a mionchoigeartú

LÁRSTÓRAS UM THUAIRISCIÚ AGUS STAIDREAMH (CRRS)

Tá CRRS á fhorbairt ag eu-LISA freisin chun sonraí staidrimh traschórais agus tuairisciú anailíseach ar gach córas faisnéise CGB a sholáthar.

Comhtháthú le córais nua curtha i gcrích

Tús curtha le tástáil chomhtháite

CUR CHUN FEIDHME

Lean eu-LISA de CRRS a chur chun feidhme, **thug sé an comhtháthú chun críche agus thosaigh sé ag tástáil** an chomhtháthaithe le córais nua a tháinig i bhfeidhm in 2026 – ETIAS, Eurodac agus ECRIS-TCN.

CUR I BHFEIDHM TIONSCADAIL

COSTAS

athrú ar bith

SCEIDEAL

moill ar sheachadadh i gcomparáid leis an sprioc thosaigh a leagadh síos leis an Rialachán, ach i gcomhréir le Treochlár Idir-inoibritheachta mhí an Mhárta 2025

[18] Réiteach gearrthéarmach atá teoranta d'fholáirimh íogaire CFS (CSLR SIRENE) le linn chéim 1 d'idirthréimhse MID, agus an táirge fadtéarmach, lena gcumasaítear úsáid ródaire API-PNR lena bhféadfar córais náisiúnta agus comhéadan grafach úsáideora a chomhtháthú.

SCÓIP

athrú ar bith

Foinse: SLA agus tuarascálacha tionscadail míosúla

Beidh infhaighteacht agus feidhmíocht ar fáil nuair a bheidh comhpháirteanna i bhfeidhm

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Cur chun feidhme	
Cur chun feidhme CRRS	
Cur chun feidhme CRRS tionscadal: 2026 (lena n-áirítear FSA)	— scaoileadh seachadta ag tacú le ECRIS-TCN agus ETIAS — tástáil scoite agus chomhtháthaithe le sBMS, ETIAS, ECRIS-TCN ar siúl.

1.6. BONNEAGAR AGUS LÍONRAÍ

BONNEAGAR CÓRAS COMHROINNTE

Éilíonn éifeachtúlacht oibríochtúil, feidhmíocht agus ard-infhaighteacht bonneagar athléimneach chun córais CGB an Aontais atá á mbainistiú ag eu-LISA a óstáil. Cuireann an Ghníomhaireacht seirbhís bonneagair choitinn láraithe (CSI) ar fáil atá bunaithe ar chomhpháirteanna comhroinnte caighdeánaithe crua-earraí agus bogearraí, lena gcumasaítear bainistiú bonneagair atá sofhreagrúil, barrfheabhsaithe agus costéifeachtach.

Bonneagar a bhfuil an-fháil air

Seirbhísí óstála do chórais atá ann cheana agus do chórais nua

Seirbhísí óstála do EUAA agus do Frontex

BAINISTIÚ OIBRÍOCHTÚIL

Sholáthair an Ghníomhaireacht **bonneagar bunúsach a bhfuil an-fháil air**, lena n-áirithítear **infhaighteacht gan bhriseadh** agus leanúnachas réitigh bonneagair, chomh maith le tacaíocht oibríochtúil réamhghníomhach agus ardcháilíochta d'úsáideoirí deiridh, agus réitíodh gach saincheist go pras.

SEIRBHÍSÍ ÓSTÁLA

Chuir an Ghníomhaireacht **seirbhísí óstála** ar fáil do chórais chúltaca Frontex agus Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA).

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

ADMHÁIL TEAGMHAIS

99.53 %

comhlíonta go páirteach mar gheall ar mhéid dúbailte

AGA RÉITIGH TEAGMHAIS

98.36 %

comhlíonta go páirteach mar gheall ar mhéid dúbailte

INFHAIGHTEACHT CSI

99.06 % / 100 %

réamhtháirgeadh agus timpeallacht eile / timpeallacht táirgthe

infhaighteacht réamhtháirgthe faoi thionchar tástála an chórais

Foinse: SM9 agus tuarascálacha míosúla, tairseach Azure

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Bainistiú oibríochtúil	
Oibriú éifeachtach agus leanúnach CSI, infhaighteacht gan bhriseadh, feidhmíocht éifeachtach, agus seirbhísí agus réitigh ar ardchaighdeán An fhorbairt is gá agus an t-ailíniú teicneolaíoch is gá a chur ar fáil, rud a chuirfidh feabhas ar fheidhmíocht, inscálaitheacht, solúbthacht agus slándáil	
Bainistiú oibríochtúil CSI gnó mar is gnách	— bainistiú oibríochtúil agus leanúnach, lena n-áirítear faireachán 24/7 ar bhonneagar, rochtain a bhainistiú trí líonra slán bainistithe
Cothabháil oiriúnaitheach CSI gnó mar is gnách	— cothabháil le linn eisiúintí timthriallacha, comhpháirteanna bonneagair a bhfuil a ré caite curtha ina n-ionad.
Seirbhísí óstála do Frontex agus do EUAA gnó mar is gnách	— tacaíocht 24/7 agus comhordú ar an láthair a dhéanamh ar theagmhais agus ar shaincheisteanna, nuashonruithe rialta cumarsáide agus stádais,

ARDÁIN ÓSTÁLA CLISTE

Teastaíonn réitigh bhonneagair chliste nua-aimseartha chun fás leanúnach agus tógáil, seachadadh agus oibriú níos éifeachtúla a bhaint amach. Trí phrionsabail 5S (inscálaitheacht, inbhuanaitheacht, cobhsaíocht, slándáil agus ceannasacht) a chur i bhfeidhm, tugann eu-LISA coincheapa agus teicneolaíochtaí nua isteach chun córais mhórscála TF a óstáil. Cuireann an Ghníomhaireacht seirbhísí óstála ar fáil trí dhá ardán shlána inscálaithe:

- **ardán comhroinnte comhchoiteann** (CSP): ardán caighdeánaithe ar an áitreabh, lena gcuirtear bainistiú atá tíosach ar acmhainní agus píblínte cur in úsáid atá dírithe ar DevSecOps ar fáil a bhfuil ardleibhéal uathoibrithe ag baint leo,
- **ardán néil cuimsitheach** (CCP): ardán néil a chumasaíonn socrú níos tapúla agus scálú níos éasca ar thimpeallachtaí iarratais gan soláthar nó seachadadh crua-earraí.



An chéad straitéis hibrideach ilnéil glactha



Timpeallacht réamhtháirgthe curtha ar bun ar CSP chun córais nua a óstáil

FÁS NA NARDÁN

D'áirithigh an Ghníomhaireacht cobhsaíocht na n-ardán, ag soláthar seirbhís iontaofa agus leanúnach do na Ballstáit. Bhunaigh eu-LISA **timpeallacht réamhtháirgthe** ar CSP chun córais nua CGB a óstáil, rud a chumasaigh tástáil, bailíochtú agus cur in úsáid níos tapúla agus níos ailínithe. Cuireann nascadh le timpeallachtaí eile ar chumas cur in úsáid ó lárstóras, rud lenar éascaíodh an próiseas seachadta.

Sheol an Ghníomhaireacht **cur chuige inmheánach pleanála** chun gníomhaíochtaí idirnasctha casta a láimhseáil, ag díriú ar ailíniú a fheabhsú maidir le cuspóirí agus tosaíocht a thabhairt do tháirgí insoláthartha ríthábhachtacha, chomh maith le sainaithint níos luaithe rioscaí agus spleáchais.

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA



AGA FÓNAIMH CCP

99.98 %

Foinse: SLA agus tuarascálacha seirbhíse míosúla, tairseach néil

Beidh am aga fónaimh CSP ar fáil a luaithe a bheidh an t-ardán táirgthe ar fáil go hiomlán.

STRAITÉIS NÉIL

I mí Eanáir 2025, ghlac an Bord Bainistíochta an **chéad *straitéis hibrideach ilnéil*** de chuid eu-LISA chun aghaidh a thabhairt ar theorainneacha leictreachais, fuaraithe agus spáis – trí thimpeallachtaí neamhtháirgthe a óstáil sa néal, maolaítear an acmhainn, cuirtear dlús leis an seachadadh agus feabhsaítear inscálaitheacht. Mar sin féin, fanfaidh croí-chomhpháirteanna

UATHOIBRIÚ

Sheol eu-LISA an **Comhphobal Cleachtais maidir le hUathoibriú** chun athrú cultúrtha a scála agus a chothú agus chun cumais inmheánacha a neartú, lena gcuirtear creat comhair tiomnaithe ar fáil d'innealtóirí le haghaidh nuálaíochta agus lena gcuirtear réitigh uathoibrithe chun feidhme.

táirgthe ina bhfuil sonraí pearsanta i dtimpeallachtaí slána ar an áitreabh.

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Bainistiú oibríochtúil	
Oibriú éifeachtach agus leanúnach na n-ardán, infhaighteacht gan bhriseadh, feidhmíocht éifeachtach, agus seirbhísí agus réitigh ar ardchaighdeán An fhorbairt is gá agus an t-ailíniú teicneolaíoch is gá a chur ar fáil, rud a chuirfidh feabhas ar fheidhmíocht, inscálaitheacht, solúbthacht agus slándáil	
Cothabháil CCP gnó mar is gnách	— timpeallacht tástála uathoibrithe e-CODEX curtha in úsáid ar CCP — timpeallachtaí forbartha a chur in úsáid do Eurodac nua, VIS do ETIAS agus d'ardán comhair na FCInna — timpeallachtaí réamhtháirgthe curtha in úsáid le haghaidh ETIAS, ESP, CIR, MID, CRRS, CRRD (stóras coiteann le haghaidh sonraí tagartha), ECRIS-TCN — tionscnaimh uathoibrithe leanúnacha agus cleachtais DevOps, teicneolaíochtaí néalríomhaireachta a thástáil agus a fhíorú; — lena mbunaítear nascadh idir CCP agus TESTA EuroDomain chun Eurodac nua a thástáil
Cothabháil CSP gnó mar is gnách	— timpeallachtaí scoite agus comhtháite do ETIAS, ESP, CIR, MID, CRRS, CRRD, ECRIS-TCN — timpeallacht réamhtháirgthe do ETIAS, ESP, CIR, MID, CRRS, CRRD, ECRIS-TCN, Eurodac nua — idirnaisc le TESTA EuroDomain le haghaidh tástála ECRIS-TCN — tionscnaimh uathoibrithe leanúnacha agus cleachtais DevOps

LÍONRAÍ AGUS CUMARSÁID

Chun sonraí a aistriú go slán, tá gá le bonneagar cumarsáide athléimneach lena nascfar na córais CGB arna mbainistiú ag eu-LISA lena n-úsáideoirí deiridh. Le nasc tiomnaithe ó phointe go pointe idir an suíomh oibríochtúil sa Fhrainc agus an suíomh cúltaca san Ostair, áirithítear oibriú leanúnach agus aga neamhfhónaimh íosta, rud a chosnaíonn leanúnachas gnó chórais ríthábhachtacha an Aontais. Úsáideann eu-LISA na trí réimse (fearainn CFS agus VIS agus EuroDomain)[19] ar líonra TESTA-ng (Seirbhísí Tras-Eorpacha le haghaidh Teileamaitice idir Riaracháin – glúin nua) atá scartha ón idirlíon poiblí.



Bonneagar cumarsáide iontaofa agus slán



CCP agus EuroDomain a nascadh



Naisc TESTA-ng pointe go pointe comhdhlúite

[19] Nascann na húsáideoirí deiridh le gach fearann ar leithligh (scartha go fisiciúil óna chéile ag a n-áitreabh), de ghnáth trí dhá phointe rochtana thiomnaithe (TAPanna) ar leith.

BAINISTIÚ OIBRÍOCHTÚIL

D'áirithigh an Ghníomhaireacht seirbhísí bonneagair cumarsáide **a bhfuil an-fháil air agus atá slán** (lena n-áirítear acmhainní riachtanacha idirlín a chothabháil), **infhaighteacht gan bhriseadh** agus tacaíocht oibríochtúil ardcháilíochta a sholáthar d'úsáideoirí deiridh (i.e. údaráis náisiúnta agus gníomhaireachtaí an Aontais).

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

INFHAIGHTEACHT LÍONRA ACHAIR FHAIRSING[20]

99.99 %

teagmhais ríthábhachtacha ar bith

Foinse: Tuarascáil infhaighteachta TESTA-ng

UASGHRÁDUITHE AGUS DUL CHUN CINN

Chun ardleibhéal slándála sonraí a áirithiú, chomh maith le criptiú arna sholáthar ag líonra TESTA-ng, bainistíonn eu-LISA an **dara sraith chriptiúcháin le haghaidh CFS** chun rochtain sheachtrach agus úsáid neamhúdaraithe sonraí pearsanta le linn aistrithe a chosc.

Faoi fhorbairt nua Eurodac, bhain eu-LISA cloch mhíle shuntasach amach maidir le **EuroDomain agus CCP** a nascadh, rochtain a thabhairt d'úsáideoirí EuroDomain ar an timpeallacht tástála néalbhunaithe, socrú timpeallachta níos tapúla a chumasú, agus fócas a aistriú ó chumraíocht crua-earraí go tástáil ar ghnéithe feidhmchláir.

Chun a bhonneagar líonra a bharrfheabhsú agus chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do chórais atá ann cheana agus do chórais nua, **rinne eu-LISA na naisc TESTA-ng pointe go pointe idir CU agus BCU a chomhdhlúthú**, feabhas a chur ar nascacht, feidhmíocht agus inscálaitheacht, agus costas agus am cothabhála á laghdú ag an am céanna, tomhaltas cumhachta inbhuanaithe á áirithiú agus lorg comhshaoil á laghdú.

ASCNAMH GO TESTA-EIRIS

Mar fhreagairt ar na caighdeáin theicniúla agus na riachtanais ghnó atá ag teacht chun cinn, lean AS DIGIT agus eu-LISA an Choimisiúin de bheith **ag dearadh agus ag forbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh nua, TESTA EIRIS** (ardán idirnascthachta agus malartaithe don Aontas), chun teacht in ionad TESTA-ng atá ann faoi láthair faoi dheireadh 2027. In 2025, bunaíodh samhail rialachais agus síníodh comhaontú maidir le ceanglais theicniúla, agus cuireadh tús le cumarsáid leis na Ballstáit an tráth céanna.

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Bainistiú oibríochtúil	
Seirbhísí bonneagair cumarsáide atá ar fáil go mór agus atá slán, lena n-áirítear réitigh an dara sraith chriptiúcháin agus acmhainní riachtanacha idirlín	
Bainistiú oibríochtúil an bhonneagair cumarsáide gnó mar is gnách	— faireachán 24/7 ar bhonneagar chórais CGB agus ar thacaíocht d'úsáideoirí deiridh — cothabháil déanta, lena n-áirítear réitigh don dara sraith chriptiúcháin — athruithe ar bhonneagar cumarsáide a bhainistiú, agus forbairtí líonra TESTA do EES, sBMS agus idir-inoibritheacht

[20] Do réimse CFS agus VIS amháin; is í Ard-Stiúrthóireacht na Seirbhísí Digiteacha (DIGIT) de chuid an Choimisiúin a dhéanann maoirseacht ar thascaire EuroDomain.

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Uasghráduithe agus dul chun cinn	
Athnuachan sraitheanna criptiúcháin bonneagair cumarsáide CFS agus VIS, agus líonra TESTA-ng	
Teacht chun cinn an bhonneagair cumarsáide tionscadal: 2027	— sraitheanna criptiúcháin an bhonneagair chumarsáide athnuaite — cumraíochtaí bonneagair comhpháirteanna, EES, VIS agus sBMS curtha chun feidhme, lena n-áirítear NUInna agus crios idirlín — ullmhúcháin don ascnamh go TESTA-EIRIS

1.7. TAIGHDE, NUÁLAÍOCHT AGUS FORBAIRT ACMHAINNE

MONATÓIREACHT TAIGHDE AGUS TEICNEOLAÍOCHTA

Trí fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa taighde agus sa teicneolaíocht sna réimsí gnó atá ábhartha don Ghníomhaireacht, áirithítear éabhlóid theicneolaíoch leanúnach na gcóras a chuirtear de chúram ar eu-LISA. Ina theannta sin, téann eu-LISA i dteagmháil leis an tionscal, leis an saol acadúil agus le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais chun faisnéis a mhalartú maidir le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus tacaíonn sé le Mol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tSlándáil Inmheánach agus le Fís Eorpach.

Imeacht comhchéime tionscail eagraithe

Tuarascáil foilsithe ar mhonatóireacht taighde agus teicneolaíochta agus achoimre ar an teicneolaíocht

Staidéar ar IS giniúnach tugtha i gcrích

MONATÓIREACHT TAIGHDE AGUS TEICNEOLAÍOCHTA

Chuir an Ghníomhaireacht feabhas ar a saineolas agus ar a cumais trí fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí taighde agus teicneolaíochta ar fud réimsí amhail an bhithmhéadracht, an intleacht shaorga, an criptiú agus nealteicneolaíochtaí. In 2025, d'fhoilsigh eu-LISA **achoimre teicneolaíochta maidir le nealteicneolaíochtaí**, agus an **tuarascáil bhliantúil ar fhaireachán taighde agus teicneolaíochta maidir le teicneolaíochtaí bainistithe céannachta** sa taisteal idirnáisiúnta, san imirce agus i mbainistiú teorainneacha. Ina theannta sin, chuir eu-LISA bailchríoch ar **thuarascáil maidir le lárionaid sonraí atá tíosach ar fhuinneamh**, ina ndearnadh anailís ar an úrscothacht agus ar na dea-chleachtais chun feidhmíocht fuinnimh a lárionad sonraí féin a fheabhsú.

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

TUARASCÁIL MHONATÓIREACHTA AMHÁIN AR THAIGHDE AGUS AR THEICNEOLAÍOCHT

'*Identity management technologies in the context of international travel and migration*'
[Teicneolaíochtaí bainistíochta céannachta i gcomhthéacs an taistil agus na himirce idirnáisiúnta]

ACHOIMRE THEICNEOLAÍOCHTA AMHÁIN

'*Sovereign Cloud Technologies – Is the cloud really just somebody else's computer?*'
[Nealteicneolaíochtaí ceannasacha – An é nach bhfuil sa néal ach ríomhaire duine éigin eile i ndáiríre?]

≥ 1 CHRUINNIÚ COMHCHÉIME TIONSCAIL AMHÁIN

"*Building Better Government Software at Scale*"
[Bogearraí rialtais níos fearr a thógáil ar scála] (11-12 Meitheamh 2025 i Várs, an Pholainn).

Foinse: foilseacháin, imeacht eagraithe

CRUINNIÚ COMHCHÉIME TIONSCAIL

I mí an Mheithimh 2025, d'eagraigh eu-LISA, in éineacht le hUachtaránacht na Polainne ar Chomhairle an Aontais, imeacht comhchéime chun **féachaint ar chuir chuige nua-aimseartha maidir le forbairt bogearraí san earnáil phoiblí**, a mheall breis agus 310 rannpháirtí (120 rannpháirtí go pearsanta, 190 rannpháirtí ar líne) ó na Ballstáit, ó institiúidí an Aontais, ón saol acadúil agus ón tionscal.

BITHMHÉADRACHT

Chuir an Ghníomhaireacht go gníomhach le **Mol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tslándáil inmheánach**. Faoin mbraisle bithmhéadrachta, rinne an Ghníomhaireacht comhordú ar ullmhú achoimre bheartais maidir le meastóireacht neamhspleách ar theicneolaíocht bhithmhéadrach san Aontas. Ghlac eu-LISA páirt freisin i mbraislí an Mhoil maidir le fadbhreathnaitheacht, IS agus criptiú.

Ina theannta sin, thacaigh eu-LISA le hOifig Cónaidhme na Gearmáine um Shlándáil Faisnéise tríd an uirlis foinse oscailte um Cháilíocht Íomhá den Aghaidh (OFIQ) a chothabháil.

INTLEACHT SHAORGA

In 2025, chuir eu-LISA bailchríoch ar a **straitéis IS** le haghaidh 2025–2027 chun próisis inmheánacha a bharrfheabhsú agus chun tacú lena oibríochtaí. Chuir an Ghníomhaireacht comhlíonadh Ghníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga chun cinn freisin, go háirithe maidir le feidhmchláir intleachta saorga ardriosca, agus chuir sí staidéar i gcrích maidir le **IS giniúnach a úsáid** chun próisis inmheánacha a fheabhsú (bainistiú conarthaí agus cuardach faisnéise comhrábhunaithe).

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Monatóireacht taighde agus teicneolaíochta	
Tacú le machnamh straitéiseach agus nuálaíocht maidir le réimsí teicneolaíochta atá ábhartha do eu-LISA agus dá gheallsealbhóirí (e.g. teicneolaíocht aitheantais bhithmhéadraigh, IS) agus éiceachóras taighde agus nuálaíochta a dhúnadh (e.g. an tionscal agus an saol acadúil)	
Monatóireacht taighde agus teicneolaíochta gnó mar is gnách	— faireachán déanta ar theicneolaíochtaí orthu, lena n-áirítear cruinniú comhchéime tionscail eagraithe, tuarascáil taighde agus faireacháin teicneolaíochta agus achoimre teicneolaíochta foilsithe — cuireadh le Clár Réime an Aontais um Thaighde agus um Nuálaíocht, le Mol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tslándáil inmheánach, cuireadh creat comhair ar bun le AS ACT
Réitigh IS-bhunaithe ar mhaithe le héifeachtúlacht fheabhsaithe gnó mar is gnách	— staidéar curtha i gcrích ar uirlisí intleachta saorga giniúnaí, feidhmchláir intleachta saorga atá ann cheana agus a bhfuiltear ag súil leo ag eu-LISA mapáilte, obair déanta chun Gníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga a chur chun feidhme — an chéad straitéis intleachta saorga de chuid eu-LISA dréachtaithe — páirt glactha i Meitheal EUAN maidir leis an intleacht shaorga, i líonra comhfhreagrach MECS maidir leis an intleacht shaorga, i gcruinnithe arna n-eagrú ag an Oifig Eorpach um Intleacht Shaorga

STAIDREAMH AGUS TUAIRISCIÚ

Déanann an Ghníomhaireacht tuarascálacha feidhmíochta agus staidreamh a tháirgeadh agus a fhoilsiú maidir le húsáid agus feidhmiú teicniúil chórais faisnéise CGB atá faoina sainchúram. Ina theannta sin, déanann eu-LISA liostaí na n-údarás ainmnithe a bhfuil rochtain acu ar chórais CGB a thabhairt cothrom le dáta agus a fhoilsiú go rialta.



Tuarascálacha foilsithe staidrimh agus reachtúla ar chórais CGB



Tacaíodh le cur chun feidhme *acquis* Schengen

STAIDREAMH AGUS TUAIRISCIÚ

D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht tuarascálacha maidir le **feidhmiú teicniúil CFS**, staidreamh comhiomlánaithe maidir le **CFS agus Eurodac**, agus liostaí oifigiúla na n-údarás inniúil maidir le **CFS, N.CFS agus Eurodac**. Rannchuidíonn na sonraí staidrimh maidir le húsáid chórais CGB le Baraiméadar Schengen+ an Choimisiúin, chomh maith le tionscnaimh chomhchosúla eile lena bhfeabhsaítear feasacht staide agus cumais réamhaisnéise ar leibhéal an Aontais.

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

TRÍ THUARASCÁIL FOILSITHE

Feidhmiú teicniúil CFS 2023-2024, CFS agus staidreamh *Eurodac* 2024

TRÍ LIOSTA D'ÚDARÁIS FOILSITHE

Liosta na n-údarás CFS, *N.CFS* agus *Eurodac*

Foinsí: foilseacháin

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Tuairisciú reachtúil	
Staidreamh rialta, tuarascálacha feidhmíochta agus liostaí údarás a thiomsú agus a scaipeadh Soláthar staidreamh iarrtha a chun tacú le tionscnaimh an Choimisiúin chun rioscaí a shainaithint i dtaobh teorainneacha, na himirce agus an tearmainn, an fhillte, na slándála inmheánaí agus an bheartais víosaí (e.g. tionscadal feasachta staide agus réamhaisnéise, Baraiméadar Schengen+, Líonra an Treoirphlean um bainistiú imirce)	
Tuairisciú teicniúil agus staidreamh comhiomlán gnó mar is gnách	— tuarascálacha staidrimh bliantúla foilsithe (CFS, Eurodac), staidreamh CFS ráithiúil tiomsaithe — liostaí na n-údarás (CFS, N.CFS, Eurodac), na hullmhúcháin do liosta na n-údarás EES agus ECRIS-TCN a fhoilsiú — uirlis fheabhsaithe uathoibrithe intí chun sonraí CFS a bhailiú
Rannchuidiú le feasacht staide agus réamhaisnéisiú an Aontais maidir le bainistiú imirce agus slándáil inmheánach gnó mar is gnách	— staidreamh *ad hoc* a sholáthar de réir iarrataí ón gCoimisiún — cur le Baraiméadar Schengen+ — tacú leis an bplé le Frontex faoi chuimsiú chur chun feidhme CRRS

OILIÚINT DO NA BALLSTÁIT AGUS DO GHNÍOMHAIREACHTAÍ CGB

Braitheann oibriú éifeachtúil agus úsáid theicniúil chórais CGB ar oiliúint rialta do shaineolaithe agus d'oifigigh na mBallstát, oiliúint atá saincheaptha do riachtanais atá ag teacht chun cinn agus do bhearnaí eolais sainaitheanta.

Catalóg foghlama leathnaithe go 120 acmhainn ar líne

34 ghníomhaíocht oiliúna nua curtha i gcrích

Ráta sástachta méadaithe ó 86 % go 89 %

OILIÚINT DO NA BALLSTÁIT AGUS DO GHNÍOMHAIREACHTAÍ CGB

Chuir eu-LISA **34 ghníomhaíocht oiliúna nua** ar fáil (ar líne den chuid is mó), rud a thug an chatalóg atá aige cheana go 120 acmhainn foghlama ar líne atá ar fáil do na Ballstáit ar an ardán foghlama ar líne. Dhírigh an Ghníomhaireacht go háirithe ar oiliúint chun tacú le teacht i bhfeidhm EES chomh maith leis an mbithmhéadracht. Bhain an Ghníomhaireacht leibhéal ard sástachta amach i measc **3 990 rannpháirtí**.

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

RÁTA SÁSTACHTA OILIÚNA 89 %

oiliúnaithe an-sásta nó lánsásta leis an oiliúint a cuireadh ar fáil (5.34 as 6)

▲ 3 % i gcomparáid le 2024

Foinse: Tuarascáil eu-LISA ar ghníomhaíochtaí oiliúna

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Oiliúint do na Ballstáit agus do ghníomhaireachtaí CGB	
Oiliúint d'úsáideoirí deiridh maidir le feidhmiú teicniúil chórais CGB, lena n-áirítear comhar le CEPOL chun oiliúint chomhpháirteach a chur ar fáil agus saineolas a roinnt i réimsí leasa choitinn	
Oiliúint do na Ballstáit gnó mar is gnách	— gníomhaíochtaí oiliúna a cuireadh ar fáil (ar an láthair, seimineár gréasáin, modúil agus cúrsaí ar líne san áireamh) — tacú le hocht ngníomhaíocht oiliúna CEPOL agus Frontex a bhfuil saineolas acu ar chórais CGB

MEASTÓIREACHTAÍ SCHENGEN

Braitheann feidhmiú éifeachtach limistéar Schengen ar chreat casta rialála, beartais agus rialachais. Chun tacú leis na Ballstáit *acquis* Schengen a chur chun feidhme, cuireann eu-LISA a shaineolas ar fáil do Shásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen (SEMM), go príomha le haghaidh meastóireachtaí ar chórais CGB amhail CFS/SIRENE, VIS agus EES.



Tacaíocht tugtha do naoi meastóireacht



Rannchuidiú le hoiliúint meastóirí

MEASTÓIREACHTAÍ SCHENGEN

Rannchuidigh an Ghníomhaireacht leis an **anailís riosca bhliantúil** (a rinneadh bliain roimh an meastóireacht) chun ullmhú do mheastóireachtaí atá ar na bacáin sa Ghearmáin, san Ísiltír, i Lichtinstéin agus sa Bheilg. Thacaigh an Ghníomhaireacht le **cúig mheastóireacht ar an láthair** (lena n-áirítear seimineáir ghréasáin ullmhúcháin), le haghaidh CFS/SIRENE san Ostair, sa Bhulgáir, sa Rómáin, sa tSlóivéin agus san Eilvéis, agus le **trí mheastóireacht ar an láthair** ar an gcomhbheartas víosaí (lena n-áirítear VIS) don Chipir, don Bhulgáir agus don Rómáin.

Thairis sin, thacaigh an Ghníomhaireacht leis an gCoimisiún maidir le bainistiú teorainneacha (EES) a chomhtháthú i gcreat meastóireachta Schengen, a cuireadh i bhfeidhm ar bhonn píolótach le linn na **meastóireachta ar an láthair** ar an mBulgáir.

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Meastóireachtaí Schengen	
Rannchuidiú le sásra meastóireachta Schengen an Aontais, lena n-áirítear páirt a ghlacadh mar bhreathnóir agus cur le tuarascálacha.	
Meastóireachtaí Schengen gnó mar is gnách	— rannchuidiú leis na cleachtaí bliantúla anailísí riosca — tacú le meastóireachtaí agus oiliúint ghaolmhar

1.8. TACAÍOCHT DHÍREACH D'OIBRÍOCHTAÍ

OIBRÍOCHTAÍ CÓRAIS

Chun feidhmíocht leanúnach, athléimneach agus ardcháilíochta chórais CGB an Aontais a bhaint amach, tá gá le bainistiú oibríochtúil 24/7 agus tacaíocht d'úsáideoirí deiridh, maoirseacht saolré, réiteach teagmhas agus fadhbanna chun cáilíocht agus leanúnachas seirbhíse a choinneáil ar bun.

Tacaíocht oibríochtúil 24/7 ar ardchaighdeán a áirithiú

Tacú le cur i bhfeidhm córas nua

LÁRIONAD SEIRBHÍSÍ OIBRÍOCHTAÍ

Sholáthair **lárionad seirbhíse oibríochtúla** eu-LISA tacaíocht ardcháilíochta d'úsáideoirí deiridh (i.e. na Ballstáit, gníomhaireachtaí an Aontais, agus iompróirí) agus rinne sé faireachán ar na córais uile a bhí ag feidhmiú 24/7 (seachas e-CODEX, a fhaigheann tacaíocht le linn uaireanta gnó Thaillinn). Chuir an Ghníomhaireacht **feabhas ar an gcomhordú** idir na contrapháirtithe lárnacha agus náisiúnta, rud a d'fhág go raibh sástacht agus aitheantas ard ag na Ballstáit.

Lean an Ghníomhaireacht de bheith ag aistriú ó thriáis agus réiteach teagmhas **frithghníomhach go réamhghníomhach**, ag giaráil uathoibrithe agus uirlisí feabhsaithe chun cáilíocht agus freagrúlacht na seirbhíse a mhéadú, agus ag forbairt cumas inmheánach chun **deaiseanna pána aonair** a chur chun feidhme ar mhaithe le cinnteoireacht agus feasacht staide níos fearr.

OIBRÍOCHTAÍ AGUS COTHABHÁIL RÉITEACH

Neartaigh an Ghníomhaireacht **tuairisciú teagmhas** trí rianú agus réiteach a fheabhsú. Chun ullmhacht agus teacht i bhfeidhm rianúil córas nua a áirithiú (e.g. sBMS, EES agus seirbhísí gréasáin), dhírigh eu-LISA ar **bhealaí comhordúcháin agus cumarsáide a fheabhsú** ar mhaithe le trédhearcacht agus freagairt níos fearr chun dúshláin theicniúla a réiteach, agus na ceachtanna a foghlaimíodh ó chleachtaí á gcomhtháthú go héifeachtúil.

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

FEIDHMÍOCHT DEISCE FREASTAIL EU-LISA

90 %

SÁSTACHT CUSTAIMÉIRÍ

96.40 %

Úsáideoirí deiridh sásta nó an-sásta leis na seirbhísí: CFS 97 %, VIS 96 %, Eurodac 99 %

Foinse: tuarascáil ar fheidhmíocht deisce freastail; suirbhé bliantúil ar shástacht custaiméirí

TEAGMHAIS AGUS IARRATAIS AR SHEIRBHÍS[21]

1 911

IDIRGHNÍOMHAÍOCHT BAINISTITHE:

1 254 theagmhas agus 657 n-iarraidh ar sheirbhís

4 404

THICÉAD BAINISTITHE

29 dticéad le tosaíocht ríthábhachtach, 356 thicéad le tosaíocht ard, 2 503 thicéad le tosaíocht measartha agus 1 513 le tosaíocht íseal

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Tacaíocht oibríochtúil	
Bainistiú oibríochtúil leanúnach córas agus tacaíocht ardcháilíochta d'úsáideoirí deiridh	
Lárionad seirbhísí oibríochtaí gnó mar is gnách	— faireachán agus inbhreathnaitheacht 24/7/365, céadfhreagairt teagmhais,deasc freastail úsáideora deiridh, iarrataí ar sheirbhís a bainistíodh, teagmhais agus

[21] Bhí an méadú ar theagmhais agus ar iarrataí ar sheirbhís nasctha go príomha le seoladh feidhmchlár nua agus uasghráduithe tar éis an chur in úsáid chun a bhfeidhmiú agus a bhfeidhmíocht chuí a áirithiú.

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
	fadhbanna
	— lámhleabhair oibreora nuashonraithe agus caighdeánaithe, lena n-áirítear córais nua
Oibriú réiteach	
Seirbhís leanúnach, chobhsaí, ardcháilíochta réiteach, lena n-áirítear bainistiú oibríochtúil ó cheann go ceann, freagrúlacht a fheabhsú agus faireachán a dhéanamh ar cháilíocht	
Oibríochtaí agus cothabháil réiteach gnó mar is gnách	— tacaíocht theicniúil, teagmhais/fadhbanna bainistithe agus réitithe — tacaíocht maidir le hathruithe agus eisiúintí a chur chun feidhme agus a chur in úsáid, lena n-áirítear athbhreithniú ar chórais nua VIS le haghaidh EES, sBMS, seirbhísí gréasáin, ETIAS, ECRIS-TCN, e-CODEX, idir-inoibritheacht, Eurodac nua

SLÁNDÁIL AN CHÓRAIS, CIBEARSHLÁNDÁIL AGUS LEANÚNACHAS GNÓ

Tá slándáil agus athléimneacht chórais faisnéise CGB i gcoinne ardbhagairtí ríthábhachtach toisc go ndéanann eu-LISA méideanna ollmhóra sonraí íogaire a bhainistiú agus a óstáil. Áirithíonn an Ghníomhaireacht an leibhéal is airde comhlíontachta le creat rialála agus ceanglais slándála an Aontais trí chur chuige 'domhainchosaint' a chur i bhfeidhm, trí shlándáil trí dhearadh agus trí phrionsabail iontaoibhe nialais a chur chun feidhme.

Cleachtadh eagraithe slándála agus leanúnachais gnó

Pleananna slándála agus leanúnachais gnó glactha

Measúnú riosca cibearshlándála agus plean cibearshlándála curtha ar fáil

SLÁNDÁIL AN CHÓRAIS AGUS LEANÚNACHAS GNÓ

Rinne an Ghníomhaireacht faireachán agus bainistiú leanúnach ar rioscaí slándála (lena n-áirítear an chibearshlándáil), lena n-áirithítear go bhfuil na rialuithe bunaithe éifeachtach agus go ndéantar iad a bhainistiú i gceart. Chun rialuithe rochtana leordhóthanacha, fíordheimhniú agus cosaint sonraí a fhorfheidhmiú ón tús, dhírigh eu-LISA ar na hailtireachtaí slándála a dhearadh le haghaidh **ródairí lárnacha nua Eurodac, Prüm agus API-PNR .** Ghlac an Bord Bainistíochta **pleananna slándála agus leanúnachais gnó** le haghaidh e-CODEX, córais nua (EES, ETIAS agus ECRIS-TCN) agus idir-inoibritheacht.

Threisigh eu-LISA a réiteach maidir le bainistiú faisnéise agus imeachtaí slándála (SIEM) i gcomhréir le CERT-EU (Seirbhís Chibearshlándála d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais) chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar theagmhais slándála agus chun freagairt níos fearr a thabhairt orthu. D'eagraigh eu-LISA **anailís chuimsitheach ar thionchar gnó** ar sheirbhísí ríthábhachtacha freisin, chun léargas iomlánaíoch a fháil ar athléimneacht eagraíochtúil.

SEASAMH CIBEARSHLÁNDÁLA

Chun néalréitigh a chomhtháthú, ní mór an seasamh agus na cosaintí cibearshlándála a neartú. I gcomhréir

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

CUSPÓIRÍ SLÁNDÁLA CURTHA CHUN FEIDHME

100 %

MEASÚNUITHE RIOSCA SLÁNDÁLA I gCOINNE CÓRAS

100 %

Foinse: deais dearbhaithe slándála

CLEACHTADH SLÁNDÁLA AGUS LEANÚNACHAIS GNÓ

I mí Mheán Fómhair 2025, in éineacht lena pháirtithe leasmhara (ionadaithe na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe, EUIBA, Frontex agus ENISA), rinne eu-LISA **cleachtadh slándála agus leanúnachais gnó** le haghaidh CFS, VIS, Eurodac, EES agus e-CODEX, chun leibhéal leordhóthanach slándála agus athléimneachta a áirithiú do chórais faoina shainordú.

le ceanglais Rialachán Cibearshlándála an Aontais, rinne eu-LISA **measúnú riosca cibearshlándála**, agus measúnú aibíochta slándála, **plean cibearshlándála** tugtha chun críche agus creat cibearshlándála feabhsaithe chun a athléimneacht oibríochtúil a fheabhsú. Sheol an Ghníomhaireacht athbhreithnithe slándála ar a príomhsholáthraithe tríú páirtí chun slándáil agus leanúnachas gnó na seirbhísí a sholáthraítear a áirithiú.

Dhírigh an cleachtadh ar shuaitheadh a d'fhéadfadh a bheith ann i gcur chun feidhme nósanna imeachta bainistithe teagmhas a shainaithint agus a mhaolú i gcás teagmhais gan choinne agus teagmhais shuaiteacha.

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Slándáil chórais	
Creat slándála, cumais agus staid slándála fheabhsaithe a chóras agus a bhonneagair	
Seirbhísí slándála TF bainistithe gnó mar is gnách	— monatóireacht déanta ar bhonneagar TF corparáideach, lena n-áirítear bainistíocht teagmhas agus freagairt, bainistiú céannachta agus rochtana — oibríochtaí cibearshlándála, faireachán agus freagairt athmheastóireachta
Slándáil agus dearbhú faisnéise gnó mar is gnách	— measúnuithe riosca, scanadh leochaileachta, athbhreithnithe slándála agus tástáil treáite a dhéanamh, straitéisí maolaithe a chur ar fáil — faireachán agus meastóireacht déanta ar staid slándála an chórais, lena n-áirítear ceanglais slándála nuashonraithe, pleananna, agus pleananna leanúnachais gnó, moltaí MECS curtha chun feidhme — prionsabail na slándála trí dhearadh a áirithiú; ceanglais slándála mheasúnaithe, lena n-áirítear ailtireachtaí le haghaidh córais nua ar áitreabh agus néalchórais
Cibearshlándáil	
Staid chibearshlándála fheabhsaithe a chóras agus a bhonneagair	
Seirbhísí oibríochtaí cibearshlándála gnó mar is gnách	— seasamh cibearshlándála feabhsaithe (treoraíocht CERT-EU, dea-chleachtas maidir le caighdeáin idirnáisiúnta), lena n-áirítear an Foireann Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí (CSIRT), cur chuige slándála nua bunaithe ar DevSecOps chun teicneolaíochtaí néaldúchasacha a dhaingniú — réitigh IS agus néalríomhaireachta a fhiosrú chun faireachán, brath agus freagairt ar theagmhais a dhéanamh

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Leanúnachas gnó	
Comhlíonadh le creat rialála agus ceanglais slándála an Aontais	
Leanúnachas gnó oibríochtúil gnó mar is gnách	— measúnuithe tionchair gnó agus bainistiú riosca, lena n-áirítear pleananna leanúnachais gnó a bhaineann go sonrach leis an gcóras — eolas agus dea-chleachtais a mhalartú leis na Ballstáit, le EUIBAnna agus le JHAAN, lena n-áirítear rannchuidiú le líonraí agus fóraim éagsúla
Cleachtadh leanúnachais gnó agus athshlánaithe ó thubaiste tionscadal: 2025	— Cleachtadh Bliantúil Leanúnachais Gnó curtha i gcrích i mí Mheán Fómhair 2025

AISTRIÚ SEIRBHÍSE AGUS UATHOIBRIÚ

Déanann an Ghníomhaireacht sláine a córais a choimirciú agus íoslaghdaíonn sí an cur isteach ar sheirbhísí atá ann cheana (feidhmíocht agus infhaighteacht) agus athruithe teicniúla agus feidhmiúlachtaí nua á gcur in úsáid ag an am céanna. Chun ullmhacht oibríochtúil a áirithiú maidir le teacht i bhfeidhm córas nua, comhordaíonn eu-LISA an t-aistriú ó chur chun feidhme tionscadal go hoibríochtaí. Chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus costais a bharrfheabhsú, déanann eu-LISA cúraimí atriallacha, dlúthshaothair agus fadálacha a uathoibriú.

Tacaíocht tugtha do theacht i bhfeidhm VIS le haghaidh EES, sBMS agus EES

Dul chun cinn déanta maidir le cur chun feidhme na huirlise nua ITSM

Sonraí comhtháite faireacháin agus inbhreathnaitheachta ó VIS

AISTRIÚ SEIRBHÍSE

Chomhordaigh an Ghníomhaireacht na cleachtaí agus d'áirithigh sí comhordú ó cheann go ceann maidir le teacht i bhfeidhm córas nua: **VIS le haghaidh EES agus sBMS** i mí na Bealtaine, agus tús forchéimnitheach **EES** i mí Dheireadh Fómhair.

Chun comhordú níos cuíchóirithe ar ghníomhaíochtaí aistrithe a sholáthar dá geallsealbhóirí, bhunaigh an Ghníomhaireacht an **grúpa gníomhaíochtaí aistrithe** do phobal úsáideoirí deiridh ECRIS-TCN. Lean eu-LISA de chur chuige ní ba shofhreagrúla a ghlacadh maidir le scaoileadh agus bainistiú athruithe oibríochtúla, chun éifeachtúlacht a fheabhsú, agus chun comhordú ar phleanáil athruithe a fheabhsú.

UIRLISÍ SEIRBHÍSE OIBRÍOCHTÚLA

Chun bogadh i dtreo éiceachóras cuimsitheach TF – agus leas á bhaint as an néalríomhaireacht, as an intleacht shaorga agus as cumais mheaisínfhoghlama – lean eu-LISA de **chóras nua bainistithe teagmhas** a chur chun feidhme chun faireachán agus bainistiú fíor-ama a dhéanamh ar imeachtaí ar fud na gcóras agus an bhonneagair uile, arb é is aidhm dó an t-aga freagartha a laghdú agus réiteach teagmhas níos tapúla a éascú.

Chomhtháthaigh an Ghníomhaireacht **sonraí**

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

CUMHDACH AR RIACHTANAIS OIBRÍOCHTÚLA AGUS AISTRITHE

96 %

ATHRUITHE OIBRÍOCHTÚLA CURTHA I bhFEIDHM

76 %

Cuireadh 24 % d'athruithe ar ceal i gcomhréir leis an mbeartas coinneála ticéad: déantar gníomhaíochtaí fadtéarmacha a roinnt ina dtascanna inbhainistithe agus déantar iad a athlogáil isteach san uirlis ticéadaithe

Foinse: Tuarascálacha inmheánacha

Ag an am céanna, lean eu-LISA **d'uirlis ITSM** a chur chun feidhme chun éifeachtúlacht a mhéadú trí shreafaí oibre barrfheabhsaithe agus uathoibrithe, chun feabhas a chur ar chomhoibriú agus ar eispéireas custaiméirí le haghaidh soláthar seirbhíse feabhsaithe.

Cheangail an Ghníomhaireacht na chéad úsáideoirí deiridh leis an timpeallacht réamhtháirgthe chun tús a chur le gníomhaíochtaí tástála agus comhtháthaithe, agus le próiseas

faireacháin agus inbhreathnaitheachta VIS chun tús a chur leis na deaiseanna faireacháin is gá a fhorbairt.

comhtháite bainistithe eolais oibríochtúil.

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Aistriú seirbhíse	
Tacaíocht don chothabháil oibríochtúil, lena n-áirítear uasghráduithe agus athruithe teicniúla Ullmhacht oibríochtúil do chórais nua trí aistriú seirbhíse comhordúcháin	
Bainistiú athraithe oibríochtúil gnó mar is gnách	— cáilíocht, pleanáil, cur chun feidhme, athbhreithniú iar-chur chun feidhme — ionduchtú chomhpháirteanna CSP agus CCP ullmhaithe in uirlis ITSM — ailíniú próisis tugtha i gcrích le ITIL4 agus cur in oiriúint d'uirlis nua ITSM
Bainistiú eisiúna agus cur in úsáid gnó mar is gnách	— eisiúintí curtha chun feidhme, i.e. na feidhmiúlachtaí agus na paistí is déanaí — cur chuige lúfar maidir le bainistiú scaoilte curtha chun feidhme
Teacht i mbun oibríochta gnó mar is gnách	— gníomhaíochtaí aistrithe comhordaithe (lena n-áirítear grúpaí trasdula agus cleachtaí) — ullmhacht aistrithe agus oibríochtúil comhordaithe, teacht i bhfeidhm VIS le haghaidh EES, sBMS agus EES
Uirlisí seirbhíse oibríochtúla	
Cur chun feidhme an chórais bainistithe teagmhas, lena n-áirítear comhtháthú na gcóras uile atá ann cheana agus na gcóras nua uile Éifeachtúlacht, freagrúlacht agus cáilíocht an fhaireacháin, na n-oibríochtaí agus na feidhmíochta	
Uirlisí seirbhíse oibríochtúla trasnacha gnó mar is gnách	— uirlisí bainistithe agus saincheaptha, lena n-áirítear riarachán teicniúil, agus bainistiú ceadúnas — tacaíocht a thabhairt d'úsáideoirí nua agus oiliúint a chur ar fáil dóibh (EES, iompróirí agus ECRIS-TCN) — tacaíocht díoltóra do riarthóirí i dtaobh cur i bhfeidhm athruithe.
Cur chun feidhme córais bainistithe teagmhas tionscadal: 2026 (céim 1: cur chun feidhme); céim 2 (feabhsuithe): 2027	— VIS nasctha, logaí agus méadrachtaí ábhartha comhtháite chun deaiseanna faireacháin a fhorbairt
Athsholáthar na huirlise ITSM tionscadal: 2025 **dáta nua: 2026**	— cur chun feidhme leanúnach, lena n-áirítear anailís agus comhtháthú a dhéanamh ar phróisis ITSM atá ann cheana, agus pobail úsáideoirí a ionduchtú

TEICNEOLAÍOCHT AGUS INNEALTÓIREACHT BOGEARRAÍ

Feabhsaíonn an Ghníomhaireacht a cumais chun táirgeadh a shruthlíniú, seachadadh réiteach nua a luathú, agus úinéireacht bogearraí forbartha a mhéadú. Chun éifeachtúlacht, comhsheasmhacht, inscálaitheacht agus cáilíocht a áirithiú, cuireann eu-LISA forbairt lúfar atriallach i bhfeidhm a fhaigheann tacaíocht ó uirlisí agus ó chleachtais lena gcumhdaítear saolré iomlán na forbartha. Trí thástáil chuimsitheach a dhéanamh ar réitigh agus trí sheirbhísí a chomhtháthú, cinnteofar go mbeidh réitigh nua oiriúnach don fheidhm agus go gcomhlíonfaidh siad ceanglais cháilíochta.

Forbairt bogearraí píolótaithe le Eurodac nua

Coiste teicneolaíochta curtha ar bun.

Príomhoifigeach Teicneolaíochta ceaptha

DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS TÁSTÁIL

Déanann eu-LISA uirlisí tástála néalbhunaithe agus prionsabail lúfara a ghiaráil chun dearbhú cáilíochta a fheabhsú. Léiríodh éifeachtúlacht agus

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

TACAÍOCHT ÚSÁIDEORA DEIRIDH LE LINN TÁSTÁLA

feabhsuithe foriomlána cáilíochta cheana féin le forbairt Eurodac nua.

Bhunaigh an Ghníomhaireacht **sainghrúpa nua tástála Eurodac** chun fócas agus ailíniú níos fearr ar na gníomhaíochtaí tástála a áirithiú trí rannpháirtíocht níos luaithe leis na Ballstáit agus trí aiseolas atriallach lenar féidir saincheisteanna a réiteach níos tapúla agus an t-ualach ar an gcéim tástála deiridh a laghdú.

INNEALTÓIREACHT BOGEARRAÍ

Lean eu-LISA de chumais inmheánacha a neartú trí phíblínte tógála agus cur in úsáid a bhainistiú le huirlisí DevSecOps, ag díriú ar uathoibriú CI/CD (comhtháthú leanúnach, seachadadh agus cur in úsáid) chun earráidí a íoslaghdú, éifeachtúlacht a fheabhsú agus aga cur in úsáid d'fheidhmchláir nua a laghdú.

Tar éis ghlacadh na **Straitéise maidir le monarcha bogearraí** i mí an Mhárta 2025, lean eu-LISA dá **Thionscnaimh maidir le monarcha bogearraí** a mhéadú chun seachadadh an tionscadail a fheabhsú, teicneolaíochtaí nua a ghlacadh, modheolaíochtaí a chaighdeánú, cleachtais lúfara a luathú, saineolas teicniúil inmheánach a fheabhsú agus cultúr feabhsúcháin leanúnaigh a chothú. In 2025, díríodh ar fhorbairt Eurodac nua a mhéadú agus tús a chur leis an gcéad treoirthionscadal eile le ródaire Prüm.

RÉITIGH AGUS AILTIREACHT

Chun ardcháilíocht na réiteach agus na bhfeidhmchlár forbartha a áirithiú, déanann eu-LISA dearadh ailtireachta gach tionscnaimh forbartha a ailíniú lena **straitéis teicneolaíochta**. Thairis sin, bhunaigh an Ghníomhaireacht **Coiste Teicneolaíochta** nua agus cheap sí **Príomhoifigeach Teicneolaíochta** chun treoir straitéiseach a sholáthar chun bainistiú teicneolaíochta a neartú le haghaidh roghnú teicneolaíochta feabhsaithe, i gcomhréir le straitéis teicneolaíochta agus ceanglais rialála (e.g. cosaint sonraí, an Gníomh um an Intleacht Shaorga, caighdeáin chibearshlándála) maidir le teicneolaíocht iomchuí a ghlacadh.

88 % de fhreagairtí ar iarrataí i gcomhréir le spriocanna comhaontaithe leibhéil seirbhíse. De réir sprice go páirteach mar gheall ar líon ard iarrataí (ECRIS-TCN, ETIAS agus Eurodac nua)

INFHAIGHTEACHT UIRLISÍ DEVOPS

99 % miondialltaí feidhmíochta

Foinse: Tuairiscí SM9 agus JIRA

táscairí le haghaidh feachtais tástála agus cumhdach le haghaidh ceanglais intástáilte imithe i léig toisc nár rianaíodh iad ar leibhéal an chórais ó 2025 i leith

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta — **Príomhtháirgí insoláthartha**

Dearbhú cáilíochta agus tástáil

Dearbhú cáilíochta cuimsitheach agus tacaíocht do ghníomhaíochtaí tástála

Comhdhlúthú uirlisí agus próisis lena n-áirítear uirlisí saolré forbartha córas (SDLC) a fheabhsú

Bainistiú tástála
gnó mar is gnách

- gníomhaíochtaí tástála tacaithe le haghaidh CFS, VIS, Eurodac, EES, sBMS, ETIAS, ECRIS-TCN, comhpháirteanna idir-inoibritheachta, e-CODEX agus ardán comhair na FCInna
- oibríochtaí dá dtugtar tacaíocht le haghaidh VIS, sBMS, EES agus seirbhísí

Tasc: Dáta seachadta	Príomhtháirgí insoláthartha
	gréasáin — cruinnithe comhordaithe, lena n-áirítear grúpaí saineolaithe tástála (EES-VIS, ETIAS, idir-inoibritheacht, ECRIS-TCN agus Eurodac) — Uirlisí tástála bainistithe, lena n-áirítear uirlisí néalbhunaithe chun tuairisciú agus láimhseáil lochtanna agus saincheisteanna a bhaineann le bogearraí a shruthlíniú
Innealtóireacht bogearraí	
Feidhmchláir nua a chur in úsáid ar bhealach éifeachtúil agus níos tapúla, agus CI/CD á ghiaráil	
Innealtóireacht bogearraí gnó mar is gnách	— cur chuige maidir le monarchana bogearraí uas-scálaithe trí Eurodac agus Prüm nua a phíolótú
Réitigh agus ailtireacht	
Ailtireacht fiontair curtha chun feidhme, lena n-áirítear tionscnaimh ailtireachta agus teicneolaíochta a ailíniú	
Contanam na hailtireachta fiontraíochta gnó mar is gnách	— Coiste teicneolaíochta curtha ar bun — cruinnithe maidir le hailtireacht oirbheartaíochta reáchtáilte

GRÚPAÍ COMHAIRLEACHA AGUS BOIRD BHAINISTÍOCHTA CLÁIR

Tacaíonn an Ghníomhaireacht le chomhlachtaí rialachais eu-LISA trí na cruinnithe dá ghrúpaí comhairleacha, dá Bhoird Bainistíochta cláir, agus freisin dá mheithleacha éagsúla eile comhair agus oibre, a eagrú chun a gcuid oibre laethúla agus a bpléití a chomhordú, agus chun ailíniú le riachtanais na bpáirtithe leasmhara a áirithiú.

Ráta sástachta na bpáirtithe leasmhara 99.4 % bainte amach

Comhlachtaí rialachais bunaithe le haghaidh ródaire Prüm, ródaire API-PNR agus EU VAP

TACAÍOCHT AR ARDCHAIGHDEÁN DO PHÁIRTITHE LEASMHARA

D'eagraigh agus sholáthair eu-LISA beagnach **130 cruinniú**, 90 ceardlann theicniúil, agus seisiúin *ad hoc* thiomnaithe leis na Ballstáit, lena gcumhdaítear **20 comhlacht rialachais**, lena n-áirítear **comhlachtaí rialachais nua le haghaidh ródaire Prüm**, **ródaire API-PNR** agus **EU VAP**.

Rinne an Ghníomhaireacht cathaoirleacht ar 44 chruinniú (EES-ETIAS, ECRIS-TCN, FCInna CP, API-PNR agus grúpaí comhairleacha i réimse na hIdir-inoibritheachta). I mí Dheireadh Fómhair, tar éis do theacht i bhfeidhm EES, d'aistrigh eu-LISA cathaoirleacht EES den ghrúpa comhairleach EES-ETIAS chuig Ballstát.

Deimhníodh sa suirbhé bliantúil ar shástacht na bpáirtithe leasmhara ardchaighdeán na tacaíochta do pháirtithe leasmhara, agus **ráta sástachta 99.4 %** bainte amach – rud atá ina léiriú de dhea-chumarsáid, de chomhar agus d'éifeachtúlacht na tacaíochta.

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

SÁSTACHT NA bPÁIRTITHE LEASMHARA

99.4 %

sástacht le tacaíocht eagraíochtúil agus rúnaíochta

Foinse: suirbhé ar shástacht na bpáirtithe leasmhara

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	Príomhtháirgí insoláthartha
Grúpaí comhairleacha	
tacaíocht ardcháilíochta do ghrúpaí comhairleacha, do Bhoird Bainistíochta cláir, lena n-áirítear meithleacha agus ceardlanna	

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
teicniúla.	
Tacaíocht riaracháin do ghrúpaí comhairleacha gnó mar is gnách	— cruinnithe a eagrú agus tacú leo, lena n-áirítear grúpaí oibre agus comhair, ceardlanna teicniúla agus imeachtaí *ad hoc* — faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme cinntí agus ar thorthaí na gcruinnithe. — comhlachtaí rialachais nua curtha ar bun do ródairí Prüm agus API-PNR agus do EU VAP
Tacaíocht riaracháin do chruinnithe agus do mhisin eile gnó mar is gnách	— tacaíocht curtha ar fáil i dtaobh misin foirne, ina measc comhdhálacha, imeachtaí, seisiúin faisnéise do pháirtithe leasmhara.
Meastóireacht	
Cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta maidir le torthaí mheastóireacht na Gníomhaireachta	
Plean gníomhaíochta maidir le torthaí mheastóireacht na Gníomhaireachta gnó mar is gnách	**níor cuireadh tús leis an ngníomhaíocht** in 2025 toisc gur glacadh an tuarascáil mheastóireachta seachtraí i mí Eanáir 2026

1.9. GNÍOMHAÍOCHTAÍ CORPARÁIDEACHA

RIALACHAS

Rialachas agus comhlíonadh

Chun a chuspóirí straitéiseacha agus a ionchais le páirtithe leasmhara a bhaint amach agus comhlíonadh iomlán chreat rialála an Aontais a áirithiú ag an am céanna, tá gá le rialachas trédhearcach agus éifeachtach, ailíniú éifeachtúil acmhainní agus bainistiú straitéiseach cumas, agus cinnteoireacht atá bunaithe ar shonraí.

PTFanna corparáideacha athbhreithnithe a glacadh

98 % de na moltaí iniúchóireachta curtha i bhfeidhm

Dúnadh molta iniúchóireachta amháin a bhí fós gan réiteach

COSAINT SONRAÍ

Chun ardleibhéal cosanta sonraí a áirithiú i gcomhréir iomlán le cearta bunúsacha agus dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear forálacha a bhaineann go sonrach leis an gcóras, dhírigh eu-LISA ar ghnéithe cosanta sonraí a bhaineann le teacht i bhfeidhm VIS le haghaidh EES, sBMS agus tús forásach EES. Thairis sin, rinne an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar dhréachtaí reachtaíocht thánaisteach EU VAP agus API-PNR, agus mhéadaigh sí an comhar leis an gCoimisiún agus le Comhairle an Aontais Eorpaigh.

Rinne an Ghníomhaireacht mapáil freisin **ar phríobháideachas sonraí agus ar cheanglais an Ghnímh um an Intleacht Shaorga** maidir le cásanna úsáide intleachta saorga giniúnaí a d'fhéadfadh a bheith á mbreithniú chun feabhas a chur ar bhainistiú conarthaí, ar sholáthar agus ar thacaíocht dhlíthiúil.

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

TACAÍOCHT INIÚCHTA EDPS

100 % d'iarrataí agus de chomhairliúcháin bainistithe

MOLTAÍ EDPS CURTHA I bhFEIDHM

72 %

Moltaí EDPS foriomlána curtha i bhfeidhm

4

MHOLADH EDPS FÓS AR OSCAILT

Moltaí ar bith níos sine ná bliain amháin ó EPDS fós gan réiteach

98 % DE MHOLTAÍ CURTHA CHUN FEIDHME

Dúnadh moladh amháin a bhí fós gan réiteach nuair a glacadh straitéis foinsithe na Gníomhaireachta i mí na Nollag 2025. Bhí an

Ghníomhaireacht ag dul chun cinn le moladh eile a bhí fós gan réiteach maidir le huirlis faireacháin conartha

Foinse: Tuarascálacha bliantúla OCS agus IAC

CUMAS INIÚCHÓIREACHTA INMHEÁNAÍ

Lean eu-LISA den mheasúnú córasach ar éifeachtacht a phróisis rialachais, bainistithe riosca agus rialaithe, agus bhain sé **ráta cur chun feidhme 98 %** amach le haghaidh moltaí iniúchóireachta, agus threisigh sé cur chuige atá dírithe ar fheabhsú ar fud eu-LISA. Chuir an Ghníomhaireacht **clabhsúr teicniúil freisin ar mholadh iniúchóireachta amháin a bhí fós gan réiteach** maidir le foinsiú acmhainní daonna. D'éirigh le eu-LISA a phlean iniúchóireachta inmheánaí a chur i gcrích freisin (**94 %**).

Chuir an Ghníomhaireacht **réiteach nua bainistíochta iniúchóireachta** chun feidhme chun éifeachtúlacht a mhéadú trí ghníomhaíochtaí iniúchóireachta a bhainistiú ó cheann go ceann ar mhaithe le comhlíonadh feabhsaithe na gcaighdeán iniúchóireachta agus chun rúndacht, sláine agus infhaighteacht faisnéise próiseáilte a áirithiú.

RIALACHAS AGUS COMHLÍONADH

Lean eu-LISA dá chóras rialaithe inmheánaigh a neartú, dá **phlean gníomhaíochta don Straitéis um Rialú Inmheánach** a chur chun feidhme, ag díriú ar bhainistiú conarthaí a fheabhsú, ar mheasúnú a dhéanamh ar a **chreat rialaithe inmheánaigh**, agus ar fhaireachán a dhéanamh ar rioscaí agus saincheisteanna corparáideacha.

Rinne eu-LISA athbhreithniú agus nuashonrú freisin ar a **PTFanna corparáideacha** chun tacú le cinnteoireacht agus chun feabhas a chur ar bhainistiú feidhmíochta, agus rinne sé dul chun cinn le **tionscnamh um scórchárta cothromaithe**.

Chun feabhas a chur ar fhorbairt eagraíochtúil, ar fheidhmíocht agus ar cháilíocht an rialachais, chuir eu-LISA **plean gníomhaíochta bainistithe straitéisí** chun feidhme d'fhonn bainistiú agus seachadadh na gcóras CGB atá faoina shainchúram a neartú, chun dul chun cinn teicneolaíoch nua a ionchorprú (néal ceannasach, IS), mealladh tallainne agus caidreamh le geallsealbhóirí a fheabhsú.

TUAIRISCIÚ INBHUANAITHEACHTA

D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht **a Tuarascáil Inbhuanaitheachta bhliantúil 2024** ina leagtar béim ar an dul chun cinn atá déanta ar fud réimsí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha. Leagtar béim ann freisin ar na gníomhaíochtaí a rinneadh, ar na torthaí a baineadh amach, agus ar na céimeanna atá beartaithe chun an inbhuanaitheacht a leabú a thuilleadh in oibríochtaí laethúla.

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Cosaint sonraí	
Comhlíonadh na gcaighdeán, na gceanglas agus na rialachán is infheidhme maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear forálacha a bhaineann go sonrach leis an gcóras	
Cosaint sonraí gnó mar is gnách	— gníomhaíochtaí próiseála sonraí a ndearnadh faireachán orthu agus a neartaíodh, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar phróisis agus rialuithe cosanta sonraí, moltaí curtha chun feidhme, cláir chosanta sonraí bhainistithe, tuarascálacha stádais curtha ar fáil — tacaíocht tugtha d'iniúchtaí, lena n-áirítear dul i gcomhairle le hiarrataí ó MECS agus freagairt dóibh, — páirt glactha i bhfóraim ábhartha, i.e. líonraí, EUIBA — cultúr cosanta sonraí cothaithe
Bainistiú tionscadal	
Cumais éifeachtacha bainistithe tionscadail, feidhmíocht agus úsáid éifeachtúil acmhainní	
Bainistiú cláir agus tionscadail[22]	— ionchuir comhordaithe le haghaidh tuarascálacha PMB agus tuarascálacha

[22] Ós rud é go sloinntear luach an táscaire measúnaithe tionscadail mar mheánchéatadán na ndialltaí (i dtéarmaí costas, sceidil agus raon feidhme), agus gan ach tionscadal caighdeánach amháin faoi raon feidhme (cur chun feidhme an chórais dul isteach/imeachta), ní raibh an ríomh le haghaidh 2025 infheidhme. Thairis sin, le tabhairt isteach prionsabal lúfar le haghaidh bhainistiú an tionscadail, d'imigh

Tasc: Dáta seachadta	Príomhtháirgí insoláthartha
gnó mar is gnách	leathbhliantúla ar dhul chun cinn chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, — cleachtas TF nua bunaithe, lena n-áirítear tacú le rialachas tionscadal — tacaíocht tugtha do phróiseas pleanála comhtháite agus forbairt ghaolmhar uirlisí
Cumas iniúchóireachta inmheánaí	
Comhlíonadh na gceanglas rialaithe inmheánaigh is infheidhme	
Iniúchóireacht inmheánach gnó mar is gnách	— dearbhú, comhairle agus fadbhreathnaitheacht rioscabhunaithe agus oibiachtúil a sholáthar, nuashonruithe ar chonclúidí iniúchóireachta agus moltaí cur chun feidhme ó IAS, CIE, OLAF agus IAC, lena n-áirítear tuarascáil bhliantúil IAC 2025, — iniúchtaí comhordaithe inmheánacha agus seachtracha — uirlis bainistithe iniúchóireachta curtha i bhfeidhm — straitéis nua frithchalaoise glactha le haghaidh 2025-2027 — próisis rialaithe inmheánaigh mheasúnaithe, rialuithe agus rioscaí gaolmhara, lena n-áirítear straitéis frithchalaoise, an próiseas sceithireachta, clár trédhearcachta.
Rialachas	
Rialú inmheánach láidir agus bainistiú cáilíochta láidir agus comhlíonadh na gceanglas is infheidhme agus an dea-rialachais	
Rialachas corparáideach, comhlíonadh agus bainistiú cáilíochta gnó mar is gnách	— ICF measúnaithe, Straitéis Rialaithe Inmheánaigh a cuireadh chun feidhme, eisceachtaí cláraithe agus teagmhais neamhchomhlíontachta, rioscaí corparáideacha a ndearnadh faireachán orthu — obair leantach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí bainistithe cáilíochta, ar éifeachtacht fheabhsaithe agus ar shoiléireacht an rialachais, lena n-áirítear cairteacha inmheánacha le haghaidh foranna — plean gníomhaíochta straitéiseach comhordaithe, doiciméid reachtúla ullmhaithe (SPD, CAAR), PTFanna corparáideacha nuashonraithe
Creat seirbhíse agus próisis eu-LISA gnó mar is gnách	— táirge agus seirbhís bainistithe agus nuashonraithe, agus catalóg phróisis — tuarascáil bhliantúil ar PTFanna próisis curtha ar fáil, — próiseas bainistithe eolais neartaithe le huirlis thiomnaithe — treoirthionscadal um dhigitiú próiseas
Feabhas leanúnach a chur ar sheirbhísí agus ar phróisis eu-LISA tionscadal: 2026	— seirbhísí agus próisis athbhreithnithe agus nuashonraithe, lena n-áirítear PTFanna gaolmhara, lena ndírítear ar phróisis ríthábhachtacha (e.g. bainistiú conarthaí, bainistiú sócmhainní) — clár um fheabhsúcháin leanúnacha seirbhíse coinnithe ar bun
Cúraimí cothrománacha corparáideacha gnó mar is gnách	— Bainistiú agus comhordú ranna agus aonad, tacaíocht tugtha dóibh.

Bainistiú geallsealbhóirí agus cumarsáid a dhéanamh leo

Chun íomhá eu-LISA a chothabháil agus a threisiú mar chomhpháirtí iontaofa ina réimsí saineolais, tá gá le cumarsáid éifeachtach agus dlúthchomhar le páirtithe leasmhara – na Ballstáit, tíortha atá comhlachaithe le limistéar Schengen, institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus an tionscal (iompróirí paisinéirí san áireamh). Cuireann eu-LISA saineolas ar ábhair theicniúla ar fáil do na tionscnaimh reachtacha ábhartha, chun tacú le páirtithe leasmhara éilimh a bhainistiú agus anailís ghnó a dhéanamh.

Comhdháil ardleibhéil a eagrú ar fhéinriail straitéiseach an Aontais

Seoladh suíomh gréasáin nua le gné nuachtlitir

táscaire a bhaineann le comhlíontacht na dtionscadal a cuireadh i gcrích trí úsáid a bhaint as déantáin Prince 2 le linn a saolré as feidhm agus cuirfear PTFanna nua ina n-ionad in 2026.

COMHDHÁIL ARDLEIBHÉIL

An 1 Deireadh Fómhair 2025, d'eagraigh eu-LISA **comhdháil ardleibhéil** maidir le ról na dteicneolaíochtaí ceannasacha i slándáil an Aontais (‘***Strategic Autonomy in Action: Keeping Europe and its Borders Secure with Trusted Technology*** [Uathriail straitéiseach i mbun gnímh: An Eoraip agus a teorainneacha a choinneáil slán le teicneolaíocht iontaofa]). Ag an imeacht, tugadh le chéile institiúidí an Aontais, údaráis náisiúnta, an tionscal agus an saol acadúil chun plé a dhéanamh ar an idirghníomhú idir an teicneolaíocht, an smacht reachta, an neamhspleáchas, agus scileanna digiteacha atá riachtanach do shlándáil agus ceannasacht an Aontais, agus cuireadh i dtábhacht ról eu-LISA i gcomhthéacs iarracht an Aontais neamhspleáchas straitéiseach a bhaint amach.

RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS INFHEICTHEACHT GHAIRMIÚIL

Agus úsáid á baint aige as meáin agus ardáin ar líne agus as líne, chuir eu-LISA a ról agus a ghnóthachtálacha chun cinn mar phríomhchumasóir bheartais CGB an Aontais, lena n-áirítear feachtais infheictheachta ar feadh 30 bliain de CFS, 40 bliain de Schengen, agus **feachtas tiomnaithe maidir le teacht i bhfeidhm EES**.

Chuir eu-LISA suíomh gréasáin **corparáideach nua** in úsáid chun feabhas a chur ar cháilíocht na cumarsáide, ar infheictheacht agus ar rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, agus d'ullmhaigh sé **nuachtlitreacha digiteacha agus bileoga fógraíochta nua** (‘Making Europe Safer and Secure through Technology’ [An Eoraip a dhéanamh níos sábháilte agus slán tríd an teicneolaíocht]) chun feasacht a mhúscailt faoi ról eu-LISA. Sheol an Ghníomhaireacht sraith ‘taobh thiar de na córais’ chun aird a tharraingt ar an méid a baineadh amach maidir le córais CGB a fhorbairt agus a oibriú, agus comhar trasfhoirne lena dtacaítear le príomh-gharspriocanna a bhaint amach.

BAINISTIÚ CAIDREAMH GNÓ

Chothaigh an Ghníomhaireacht **caidreamh cuiditheach gnó** leis na Ballstáit, le hinstitiúidí an Aontais agus le gníomhaireachtaí an Aontais, leis an tionscal agus leis an saol acadúil, ghlac sí páirt ghníomhach i bplé teicniúil agus straitéiseach, rinne sí anailís agus measúnú ar éilimh ghnó agus, arna iarraidh sin, chuir sí a saineolas agus a tacaíocht ar fáil don phróiseas reachtach agus ceaptha beartas i réimse CGB.

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

185 968

gCUAIRTEOIR AR AN SUÍOMH GRÉASÁIN

▲ 3 % de chuairteoirí uathúla

▲ 118 %: meán-am a chaitear ar an suíomh gréasáin

▼ laghdú 28 % ar an ráta preabtha (38 % i gcomparáid le 53 % in 2024)

129

SÍNTIÚSÓIR DON NUACHTLITIR

don ghné nua den nuachtlitir

+4 199

mBALL DE LUCHT LEANÚNA AR LINKEDIN

+609

LEANTÓIR AR FACEBOOK

Ní cainéil ghníomhacha meán sóisialta iad YouTube (+89 leantóir nua) agus X (-19 leantóir)

231

PHOSTÁIL MEÁN SÓISIALTA

meán de phostálacha in aghaidh an ardáin a shroicheann lucht féachana ionchasach de bhreis is 1.2 milliún duine agus a cláraíodh 27 194 idirghníomhaíocht mar thoradh orthu.

RÁTA RANNPHÁIRTÍOCHTA

80 %

le haghaidh suirbhé bliantúil ar shástacht cumarsáide

RÁTA SÁSTACHTA

93 %

le cainéil agus le gníomhaíochtaí cumarsáide inmheánacha

Foinse: anailísíocht gréasáin agus meán sóisialta; suirbhé bliantúil ar shástacht

COMHAR LEIS NA BALLSTÁIT, LE HINSTITIÚIDÍ AGUS LE GNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS

Chomhoibrigh eu-LISA leis na Ballstáit, le tíortha Comhlachaithe Schengen, le gníomhaireachtaí agus institiúidí an Aontais go déthaobhach agus trí líonraí (JHAAN agus EUAN), chun a shaineolas teicniúil a roinnt, chun éifeachtúlacht agus sineirgí a fheabhsú. D'oibrigh an Ghníomhaireacht ar chomhaontuithe comhair a athnuachan leis na Gníomhaireachtaí ábhartha agus choinnigh sí dlúthchomhar ar bun leis na Ballstáit ag a bhfuil Uachtaránacht rothlach Chomhairle an Aontais Eorpaigh – **an Pholainn** agus **an Danmhairg**.

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Bainistiú geallsealbhóirí	
Comhar trédhearcach cuiditheach leis an mBord Bainistíochta agus lena Choiste Iniúchóireachta, Comhlíontachta agus Airgeadais (ACFC)	
Tacaíocht riaracháin don Bhord Bainistíochta gnó mar is gnách	— cruinnithe eagraithe agus tacaíocht curtha ar fáil ina leith, monatóireacht ar chur chun feidhme na gcinntí — eagrú cúig chruinniú de chuid an Bhoird (cruinniú urghnách amháin ina measc), sé chruinniú de chuid ACFC (cruinniú urghnách amháin ina measc)
Faireachán agus comhordú beartais	
Tacaíocht réamhghníomhach don phlé teicniúil agus straitéiseach, don phróiseas reachtach agus do chur chun feidhme bheartais an Aontais	
Gníomhaíochtaí idirchaidrimh gnó mar is gnách	— tacaíocht tugtha don Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus d'oibríochtaí, stóras reachtaíochta coinnithe ar bun. — ionadaíocht déanta ar sheasamh eu-LISA ag cruinnithe ar leibhéal an Aontais, i gcomhar le páirtithe leasmhara
Faireachán agus comhordú beartais gnó mar is gnách	— faireachán ar fhorbairtí ábhartha beartais, straitéiseacha agus reachtacha, lena n-áirítear anailís ar bheartas inmheánach, ar reachtaíocht agus ar thionchar, — pleananna comhair athbhreithnithe le ENISA, Eurojust agus CEPOL — cuairteanna agus seisiúin faisnéise éagsúla óstáilte agus comhdháil ardleibhéil ina leith eagraithe
Bainistiú caidreamh gnó	
Caidrimh tháirgiúla le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear bainistiú éilimh, anailís ghnó agus measúnú ar cheanglais	
Bainistiú caidreamh gnó gnó mar is gnách	— caidreamh gnó bainistithe, lena n-áirítear gnólacht le gnólacht (B2B), tionchar na dtionscnamh nua measúnaithe — éilimh agus ceanglais ghnó gafa agus anailís déanta orthu (lena n-áirítear éilimh fhormheasta a thiontú ina gceanglais le haghaidh forbartha) — ionadaíocht déanta do eu-LISA ar gach leibhéal rialachais (AGanna, PMBanna, MB), institiúidí agus tionscal an Aontais, lena n-áirítear cathaoirleacht a dhéanamh ar ghrúpaí comhairleacha agus ar mheithleacha
Cumarsáid	
Feabhas a chur ar chlú gairmiúil eu-LISA agus ar rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí, agus ar éifeachtúlacht na cumarsáide	
Cumarsáid gnó mar is gnách	— cumarsáid rialta trí chainéil éagsúla neartaithe, lena n-áirítear láithreacht ar líne agus ar na meáin shóisialta a leathnú — feasacht ardaithe maidir le tosaíochtaí bliantúla, lena n-áirítear deimhniú EMAS, príomhtheagmhais infheictheachta a chur chun cinn (cruinnithe comhchéime tionscail, comhdháil) — béim leagtha ar an dul chun cinn maidir le córais nua TF a chur chun feidhme

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Tacaíocht don Choimisiún agus do na Ballstáit	
Tacaíocht do na Ballstáit, don Choimisiún agus do ghníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais chun córais a fhorbairt agus a bhainistiú	
Tacaíocht don Choimisiún agus do na Ballstáit *ad hoc*, de réir mar a iarrtar	**iarraidh ar bith** ón gCoimisiún ná ó na Ballstáit faoi Airteagail 9 agus 16 den Rialachán bunaidh

TACAÍOCHT CHORPARÁIDEACH

Slándáil chorparáideach agus leanúnachas gnó

Déanann an Ghníomhaireacht an t-ardleibhéal slándála fisiciúla ina saoráidí agus timpeall orthu a chothabháil agus a fheabhsú mar fhreagairt ar riachtanais ghnó atá ag athrú d'fhonn a cumais leanúnachais gnó a neartú tuilleadh.

Gach sócmhainn inláimhsithe, gach saoráid agus gach foireann cosanta

Dhá chleachtadh slándála eagraithe

Creat oiliúna curtha le chéile agus cultúr dírithe ar shlándáil cothaithe

SLÁNDÁIL FHISICIÚIL

Chosain eu-LISA a shócmhainní fisiciúla trí **bhearta agus bainistíocht slándála atá beartaithe**, lena n-áirítear seirbhísí cosanta éifeachtacha, agus trí dhá chleachtadh slándála a eagrú chun ullmhacht a mheas, nósanna imeachta freagartha a bhailíochtú agus athléimneacht i gcoinne teagmhas a neartú.

CULTÚR DÍRITHE AR SHLÁNDÁIL AGUS CIBEARSHLÁNDÁIL

Sheol an Ghníomhaireacht **cultúr dírithe ar shlándáil agus creat oiliúna** chun aghaidh a thabhairt ar an ngné dhaonna den tslándáil agus chun an rannpháirtíocht agus an tiomantas a éascú i measc líon méadaitheach foirne agus chun cultúr slándála agus sábháilteachta na heagraíochta a neartú. Díríonn an creat ar chroí-iompar trí shraith feachtas fioscaireachta, oiliúint rólbhunaithe, agus tionscnamh 'Capture the Flag'.

Leis an aistriú leanúnach seirbhísí TF corparáideacha chuig an néal, díríonn eu-LISA ar a sheasamh cibearshlándála agus a fheasacht chibearshlándála a fheabhsú, lena gcumhdaítear téamaí éagsúla ó chlaontacht IS go frithaisnéis.

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

2 CHLEACHTADH SLÁNDÁLA AGUS LEANÚNACHAIS GNÓ

i dTaillinn agus in Strasbourg

CUMHDACH RIALUITHE LEANÚNACHAIS GNÓ

100 %

CUR CHUN FEIDHME MOLTAÍ

100 %

Foinse: deais dearbhaithe slándála; tuarascálacha cur chun feidhme

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Slándáil chorparáideach	
Slándáil fhisiciúil ardleibhéil shaoráidí, shócmhainní agus fhoireann eu-LISA	
Slándáil chosantach gnó mar is gnách	— Seirbhís slándála cosanta 24/7 i ngach áitreabh — córais slándála agus cothabháil bonneagair, lena n-áirítear faireachán ar an tírdhreach slándála agus ailíniú ar bhearta slándála,
Rialachas slándála agus bainistiú leanúnachais gnó mar is gnách	— rialachas slándála agus bainistiú leanúnachais, lena n-áirítear comhar, imeachtaí for-rochtana agus feasachta
Leanúnachas gnó	
feabhas leanúnach a chur ar leanúnachas gnó agus ar phróisis slándála	
Bainistiú leanúnachais gnó gnó mar is gnách	— ceanglais slándála nuashonraithe agus chaighdeánaithe lena n-áirítear leanúnachas gnó
Moltaí slándála agus leanúnachais gnó a chur chun feidhme gnó mar is gnách	— próisis slándála agus leanúnachais ghnó nuashonraithe bunaithe ar mholtaí ó chleachtaí, cigireachtaí agus iniúchtaí

Bainistiú acmhainní daonna

Chun cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach, tá gá le bainistiú éifeachtach acmhainní daonna bunaithe ar chur chuige atá bunaithe ar inniúlachtaí, lena mealltar tallann éagsúil agus forbairt ghairmiúil spriocdhírithe.



Straitéis foinsithe glactha



Ráta áitíochta méadaithe agus próiseas earcaíochta luathaithe



Creat eitice feabhsaithe

BAINISTIÚ ACMHAINNÍ DAONNA

Rinne an Ghníomhaireacht **a struchtúr eagraíochtúil a nuashonrú** chun a áirithiú go gcuirfear a sainordú agus a cuspóirí i gcrích ar bhealach níos fearr d'fhonn éifeachtúlacht a chothú agus chun comhlíonadh a fheabhsú.

Ghlac eu-LISA **straitéis foinsithe** le haghaidh cur chuige cuimsitheach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais lucht saothair amach anseo, agus rinne sé dul chun cinn maidir leis an **straitéis acmhainní daonna** a shainiú, réimsí straitéiseacha a shainaithint chun ailíniú níos fearr le riachtanais ghnó atá ag teacht chun cinn, agus cur chuige comhtháite réamhbhreathnaitheach a sholáthar maidir le bainistiú agus forbairt tallainne. Chuir an Ghníomhaireacht **feabhas ar a creat eitice** freisin trí Chód athbhreithnithe um Iompar agus Dea-Riarachán a ghlacadh.

Lean an Ghníomhaireacht **d'fheabhas a chur ar a ráta áitíochta**, agus laghdaigh sí fad an phróisis roghnúcháin (féach tuilleadh faoi *Bainistiú acmhainní daonna*).

Rinne an Ghníomhaireacht suirbhé rannpháirtíochta le

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA



ACMHAINNÍ RIARACHÁIN

20.7 %

ACMHAINNÍ OIBRÍOCHTÚLA

68.4 %



RÁTA ÁITÍOCHTA

88.2 %

ráta áitíochta gan tairiscintí poist faoi bhun na sprice mar gheall ar na poist bhreise a deonaíodh le Eurodac agus scagadh

ráta áitíochta le tairiscintí poist 94.5 %



LÁIMHDEACHAS FOIRNE

4.8 %

Foinse: cleachtadh tagarmharcála foirne 2025; bunachar sonraí acmhainní daonna, tuairiscí SYSPER

ráta rannpháirtíochta 76 %, agus rannpháirteachas de 3.7 as 5 bainte amach aici Go príomha, is mór ag fostaithe brí a gcuid oibre agus an méid is féidir leo a dhéanamh chun Eoraip níos sábháilte agus saol shaoránaigh an Aontais a bhaint amach.

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Bainistiú acmhainní daonna	
Acmhainní daonna a bhainistiú go héifeachtúil agus inniúlachtaí a fhorbairt go gairmiúil ar bhealach spriocdhírithe Suíomh láidir mar fhostóir de rogha sa tírdhreach TF	
Riarachán acmhainní daonna agus pleanáil gnó mar is gnách	— bainisitiú phróisis acmhainní daonna, lena n-áirítear roghnú, ionduchtú agus foirceannadh conartha — próisis dhigitithe (SYSPER, ardáin iLearn), bainistíocht feidhmíochta (lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar staidreamh acmhainní daonna)
Bainistiú acmhainní daonna bunaithe ar inniúlachtaí gnó mar is gnách	— cur chuige bunaithe ar inniúlachtaí a cuireadh chun feidhme — forbairt foirne agus ceannaireacht fheabhsaithe, lena n-áirítear sealbhú optamaithe tallainne, luaíochtaí nua agus tionscnaimh aitheantais, — dea-bhail agus cultúr agus luachanna eagraíochtúla treisithe, lena n-áirítear éagsúlacht, cuimsiú, pleananna gníomhaíochta maidir le rannpháirtíocht na foirne.

Soláthar agus bainistiú conarthaí

Le soláthar éifeachtach agus bainistiú conarthaí, áirithítear úsáid thrédhearcach, chostéifeachtúil agus chóir acmhainní poiblí. Chun a leasanna airgeadais a chosaint, cuireann an Ghníomhaireacht prionsabail an fhabht nialasaigh i bhfeidhm chun neamhchomhlíonadh a íoslaghdú agus chun ardcháilíocht a conarthaí a áirithiú.

Tuairim ghlan faighte ó CIE maidir leis an mbliain airgeadais 2024

Straitéis soláthair shainithe

Córas dinimiciúil ceannaigh seolta

SOLÁTHAR AGUS BAINISTIÚ CONARTHAÍ

Mar thoradh ar iarrachtaí leanúnacha chun cáilíocht na gconarthaí a bhaineann go sonrach leis an gcóras agus na leasuithe conarthacha a fheabhsú, fuair eu-LISA **tuairim ghlan ó CIE maidir leis an mbliain airgeadais 2024**.

Chun an próiseas soláthair a neartú a thuilleadh trí struchtúrú straitéiseach agus rialú méadaithe, shainigh eu-LISA **straitéis soláthair** chun feabhas a chur ar chur i gcrích na pleanála oibríochtúla agus chun aistriú rianúil ó shocruithe conarthacha atá ann cheana a áirithiú. Rinne an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar a próiseas soláthair agus bainistíochta conarthaí ó cheann go ceann chun feabhas a chur ar cháilíocht an fhoinsithe agus ar úsáid acmhainní airgeadais.

Sheol eu-LISA **córas dinimiciúil ceannaigh** ar mhaithe le nós imeachta soláthair níos solúbtha agus níos éifeachtúla. Clúdaíodh sa chéad chomórtas a seoladh cothabháil EES agus seirbhísí gréasáin agus forbairt API-PNR.

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

RÁTA NA dTAIRISCINTÍ A CEALAÍODH TAR ÉIS A SEOLTA

0 %

éifeachtúlacht an phróisis soláthair

TIONSCADAIL SOLÁTHAIR DE RÉIR SCEIDIL

66 %

bainistiú éadála

CUR CHUN FEIDHME AN PHLEAN SOLÁTHAIR

100 %

Foinse: plean agus tuarascáil soláthair

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Soláthar	
bainistiú fónta, comhlíontach agus trédhearcach soláthair agus conarthaí	
Bainistiú soláthair agus éadála gnó mar is gnách	— soláthar, fáil agus bainistiú conarthaí a bhainistiú comhordaithe agus faireachán déanta ar na gnéithe sin freisin, athchóiriú na huirlise faireacháin conartha san áireamh — cumais soláthair neartaithe, lena n-áirítear seirbhísí a chomhdhlúthú agus feabhas a chur ar chomhairle maidir le cásanna sonracha an-chasta — tacaíocht d'iniúchtaí seachtracha
Bainistiú conarthaí	
Faireachán feabhsaithe ar chur chun feidhme conarthach, agus ar bhainistiú riosca agus feidhmíochta	
Bainistiú conarthaí gnó mar is gnách	— tacú le forghníomhú creatchonarthaí idirdhisciplíneacha (TEF/TOF) le haghaidh chórais CGB — tacaíocht tugtha d'iniúchtaí seachtracha ar bhainistiú conarthaí
Aistriú seirbhísí seachfhoinsithe gnó mar is gnách	— tacaíocht tugtha d'aistriú chuig creat soláthair nua agus é ullmhaithe freisin

Bainistiú buiséadach agus airgeadais, agus cuntasaíocht

Le bainistíocht fhónta airgeadais agus bhuiséadach, le tacaíocht ó chumais éifeachtacha tuairiscithe agus anailíseacha, áirithítear go mbainfear úsáid thrédhearcach chostéifeachtúil as acmhainní poiblí. Coinníonn eu-LISA rialuithe fónta cuntasaíochta ar bun freisin chun a áirithiú go gcuirfear a staid airgeadais i láthair i gceart.

Ráta cur chun feidhme buiséid 100 % bainte amach

An ráta cealaithe is ísle bainte amach maidir le tabhairt ar aghaidh

BAINISTIÚ BUISÉID AGUS AIRGEADAIS

In 2025, chaith eu-LISA a bhuiséad sannta, lena n-áirítear an méadú mar gheall ar an leasú ar an mbuiséad ag deireadh na bliana, agus **ráta forghníomhaithe 100 % le haghaidh gealltanas agus íocaíochtaí** bainte amach (tabhairt ar aghaidh 2 %). Bhain an Ghníomhaireacht a **ráta cealaithe is ísle** amach maidir le leithreasuithe neamhdhifreáilte.

Rinne an Ghníomhaireacht a **scagchuarda airgeadais** a athdhearadh chun seiceálacha comhlíontachta a shonrú agus chun róil a bhaineann le hidirbhearta buiséadacha agus airgeadais a shoiléiriú. Chun feabhas a chur ar thuairisciú airgeadais agus ar bhainistiú riosca le haghaidh infheistíochtaí ríthábhachtacha, thug eu-LISA **deaiseanna agus anailísíocht shaincheaptha** isteach, agus thosaigh sé ag tógáil **uirlis thiomnaithe TF** chun éifeachtúlacht an phróisis sceidealaithe bhuiséadaigh, rialú buiséid agus cáilíocht sonraí a mhéadú.

Thug an Ghníomhaireacht aistriú a bainistíochta buiséadaí chun críche freisin ón gcóras cuntasaíochta atá bunaithe ar fhabhrú faoi láthair **ABAC chuig ardán**

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

RÁTA CUR CHUN FEIDHME LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR OIBLEAGÁIDÍ

100 %

RÁTA CUR CHUN FEIDHME LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR ÍOCAÍOCHTA

100 %

lena n-áirítear 2 % den tabhairt ar aghaidh go dtí 2026

RÁTA CEALAITHE NA LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR ÍOCAÍOCHTAÍ ARNA dTABHAIRT AR AGHAIDH

4 %

airgeadais corparáideach nua an Aontais, **SUMMA**, a chuirfidh éiceachóras comhtháite ar fáil le haghaidh bainistiú saolré airgeadais, rud a chuirfidh feabhas ar éifeachtúlacht, rialú agus cumais anailíseacha na bpróiseas buiséadach agus airgeadais.

CUNTASAÍOCHT FHÓNTA

Sheachaid an Ghníomhaireacht **cuntais shealadacha agus chríochnaitheacha** le haghaidh 2024 agus rialuithe cuntasaíochta fónta ar bun aici.

ÍOCAÍOCHTAÍ CURTHA I gCRÍCH LAISTIGH DE SPRIOC-AMANNA REACHTÚLA

89 %

Níl sé de réir sprice de bharr ídiú na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí

Foinse: Stóras sonraí ABAC

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Bainistiú buiséid agus airgeadais	
Bainistiú fónta trédhearcach airgeadais, bainistiú riosca airgeadais, agus measúnú ar fheidhmíocht bhuiséadach	
Bainistiú buiséid, sócmhainní agus airgeadais gnó mar is gnách	— aistriú ó ABAC go SUMMA — seirbhísí buiséadacha agus airgeadais bainistithe, lena n-áirítear tuarascálacha airgeadais — cumais anailíseacha, próisis agus nósanna imeachta airgeadais feabhsaithe, lena n-áirítear réamhaisnéisiú agus buiséadú de réir gníomhaíochta.
Rialuithe airgeadais inmheánacha, iniúchtaí a bhaineann le soláthar agus le hairgeadas gnó mar is gnách	— seicliostaí agus sreafaí oibre um idirbhearta airgeadais coinnithe ar bun, — rialuithe agus nósanna imeachta airgeadais athbhreithnithe, agus barúlacha ó CIE á gcur san áireamh.
Cuntasaíocht	
Rialuithe fónta cuntasaíochta agus cur i láthair cuí staid airgeadais eu-LISA	
Cuntasaíocht gnó mar is gnách	— rialuithe cuntasaíochta éifeachtacha agus sócmhainní cosanta a choinneáil ar bun — cuntais shealadacha agus chríochnaitheacha arna seachadadh — tacaíocht curtha ar fáil d'iniúchóirí seachtracha tacaithe agus do CIE,

Seirbhísí dlí

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht i gcomhréir leis na rialacháin is infheidhme agus i gcomhréir dhocht le dea-rialachas agus cleachtais riaracháin chun trédhearcacht agus cuntasacht a ráthú ina gníomhaíochtaí, ina próisis agus ina cinnteoireacht chomh maith lena leasanna agus a cáil a chosaint.

Comhairle agus tuairim dlí ar ardchaighdeán a áirithiú

Torthaí rathúla a bhuí le dlíthíocht agus réamhdhlíthíocht

COMHLÍONADH DLÍTHIÚIL AGUS RIALÁLA

Lean an Ghníomhaireacht dá hacmhainn inmheánach a fhorbairt agus dá foireann dlí a threisiú chun measúnuithe dlí agus comhairle a chur ar fáil maidir le córais TF faoina sainordú. Chun comhlíonadh reachtaíocht infheidhme an Aontais a áirithiú, díríodh go príomha ar uirlisí iompróra ar líne agus bota comhrá ETIAS, VIS athbhreithnithe, EU VAP, feidhmchlár AE

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

SEIRBHÍSÍ CURTHA AR FÁIL DE RÉIR SCEIDIL

90 %

comhairle dlí, tuairimíocht, ionadaíocht, moltaí dea-chleachtais curtha ar fáil laistigh de na spriocdhátaí riachtanacha

um shonraí taistil digiteacha agus dintiúir taistil digiteacha, API-PNR agus Ardán Tuairiscithe Aonair ENISA.

ROCHTAIN PHOIBLÍ AR DHOICIMÉID

Rinne eu-LISA bainistiú ar iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid, ar thrédhearcacht a chothromú agus ar fhaisnéis rúnda a chosaint. Fuair an Ghníomhaireacht **22 iarraidh ar rochtain ar dhoiciméid**. Mar thoradh ar na hiarrataí sin nochtadh 58 n-iarraidh go hiomlán agus 28 n-iarraidh go páirteach. Diúltaíodh rochtain ar 14 dhoiciméad a bhronnadh. Phróiseáil eu-LISA 4 iarratas dearbhúcháin. Nochtadh 5 dhoiciméad ina n-iomláine agus nochtadh 14 dhoiciméad go páirteach mar chuid de na hiarratais sin.

Ina theannta sin, fuair an Ghníomhaireacht 17 n-iarraidh chomhairliúcháin, inar nochtadh 14 cinn go hiomlán, inar nochtadh 10 gcinn go páirteach, agus inar diúltaíodh rochtain ar dhá dhoiciméad.

Bhí gá leis an bhfolú páirteach agus na diúltuithe rochtana chun príobháideachas agus sláine daoine aonair a chosaint, chun an tslándáil phoiblí a chosaint (e.g. faisnéis a bhaineann le gnéithe teicniúla de chórais CGB), agus chun próisis cinnteoireachta leanúnacha agus leasanna tráchtála a chosaint freisin.

FREAGRAÍ TUGTHA AR IARRATAÍ TOSAIGH DE RÉIR SCEIDIL

72.27 %

moilleanna de bharr an spriocdháta ghearr institiúidigh (15 lá oibre)

FREAGRAÍ TUGTHA AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN DE RÉIR SCEIDIL

70.58 %

moilleanna de bharr an spriocdháta ghearr institiúidigh (5 lá oibre). Bhí gá le hathbhreithniú breise ar roinnt doiciméad de bharr comhthéacs íogair

IARRATAÍ TOSAIGH NACH bhFUIL AG DUL AR AGHAIDH GO dTÍ AN CHÉIM DHEIMHNITHEACH

82 %

4 iarraidh as 22 iarraidh a cuireadh ar aghaidh go dtí an chéim dheimhnitheach

Foinse: Tuarascálacha ráithiúla Microsoft Planner

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Seirbhísí dlí	
Comhairle, saineolas agus tuairim dlí atá fónta agus ar ardchaighdeán lena gcuirtear cosc ar dhamáiste do chlú nó ar dhamáiste airgeadais	
Seirbhísí dlí gnó mar is gnách	— comhairle agus tuairim dlí ardcháilíochta, i.e. foireann, soláthar, TF, cúrsaí rialachais — ionadaíocht dhlíthiúil i gcúirteanna náisiúnta agus i gcúirteanna an Aontais — iarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid

Seirbhísí tacaíochta corparáidí

Chun timpeallacht oibre bharrfheabhsaithe sholúbtha a áirithiú ar fud na suíomhanna uile, tá gá le bonneagar slán, éifeachtúil agus feidhmiúil atá ailínithe le riachtanais ghnó eu-LISA. Tá an Ghníomhaireacht tiomanta freisin a bheith ina heagraíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2030.

Oifig Idirchaidrimh Thionscanta agus foirgneamh ASPIRE

Iárionad sonraí modúlach coimeádánaithe suiteáilte

Deimhniú EMAS bronnta

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

COSTAS

athrú ar bith

ACMHAINN RÉADMHAOINE AGUS TÓGÁLA[23]

Chun athléimneacht agus infhaighteacht chórais CGB an Aontais a áirithiú, lean eu-LISA d'fheabhas a chur **ar chumhacht agus ar acmhainn fuaraithe** an lárionaid sonraí chun freastal ar chórais nua agus ar mhéideanna sonraí atá ag dul i méid. Shuiteáil eu-LISA **lárionad sonraí modúlach coimeádánaithe** (MDC2.1), réiteach solúbtha inscálaithe nach bhfuil aon tógáil nua ag teastáil ina leith), rud a chuir feabhas ar an acmhainn stórála agus próiseála gan an lorg carbóin a mhéadú.

D'oscail eu-LISA an oifig ASPIRE in Strasbourg agus, ag an am céanna, thosaigh sé ag céimniú amach a fhoirgnimh Platon i gceantar Illkirch-Grafenstaden. Bhog **Oifig Idirchaidrimh eu-LISA** sa Bhruiséil go háitribh nua freisin. Tá gach foirgneamh nua deimhnithe ag BREAAM, agus tá ASPIRE deimhnithe ag BEPOS Effinergie freisin.

BAINISTIÚ COMHSHAOIL

Lean an Ghníomhaireacht dá córas comhshaoil a chur chun feidhme, agus í ailínithe leis an **scéim um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil** (EMAS). I mí Aibreáin, fuair eu-LISA deimhniú **EMAS**, agus is é an 13ú gníomhaireacht AE a fuair an deimhniú sin. Cuireadh i dtábhacht san iniúchadh fíorúcháin seachtrach bliantúil rialacha maidir le soláthar poiblí glas, uirlis bainistithe fuinnimh IS i dTaillinn agus feabhsuithe ar bhainistiú dramhaíola.

Chuir eu-LISA **iniúchadh fuinnimh** i gcrích ag a áitreabh chun feabhas a chur ar an bhfaireachán ar ríomh an loirg carbóin. Chun feasacht a mhúscailt agus chun bheith trédhearcach i gcónaí maidir lena fheidhmíocht chomhshaoil, d'fhoilsigh eu-LISA **bileog eolais maidir le lorg carbóin**.

AN T-IONAD OIBRE DIGITEACH A NUACHÓIRIÚ

Thosaigh eu-LISA ar sheirbhísí TF corparáideacha roghnaithe a aistriú chuig **ardáin néalbhunaithe**. In 2025, thosaigh an Ghníomhaireacht ar uirlis nua ITSM a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar an gcomhordú laethúil agus ar eispéireas an úsáideora ar fud réimse na tacaíochta corparáidí.

Thairis sin, chuir eu-LISA dlús le scálú agus lena spásanna oibre digiteacha a dhaingniú agus bainistiú inneachair fiontair á fheabhsú ag an am céanna. Sheol an Ghníomhaireacht **córas nua bainistithe doiciméad néalbhunaithe**, lena gcumasaítear stóras doiciméad atá ar fáil go mór, inscálaithe agus slán ar mhaithe le héifeachtúlacht agus lúfaireacht fheabhsaithe. Thosaigh eu-LISA freisin ar chumais intleachta saorga a chur chun feidhme chun sreafaí

SCEIDEAL

diall faoi bhun 10 % mar gheall ar mhoill tógála le cur chun feidhme MDC2.1 gan tionchar ar chur in úsáid an chórais

SCÓIP

diall ar bith

Foinse: Tuarascáil Bhord an chláir

ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA

+54 %

Tháinig méadú ar astaíochtaí tCO2eq mar gheall ar an gceadúnas agus ar na crua-earraí, ar éadáil foirgneamh oifige nua, agus ar thógáil MDC2

agus mar gheall ar mhodheolaíocht ríofa níos cruinne do scóip 3

COMHLÍONADH RIALÁLA COMHSHAOIL

100 %

Foinse: ráiteas ar an gcomhshaol agus tuarascáil EMAS

INFHAIGHTEACHT SEIRBHÍSE

99.99 %

aga fónaimh d'iarratais chorparáideacha.

SÁSTACHT ÚSÁIDEOIRÍ DEIRIDH

82 %

Leibhéal CSAT (bonnlíne tionscail 70).

Foinse: tuarascálacha seirbhíse míosúla, Suirbhé bliantúil ar shástacht TFC


[23] Bhunaigh an Ghníomhaireacht clár um acmhainn réadmhaoine chun na tionscadail idirspleácha agus idirghaolmhara a bhainistiú amhail an tionscadal an dara síneadh, lárionad sonraí modúlach 2, BCUMDC, méadú cumhachta agus fuaraithe, agus an tionscadal ASPIRE.

oibre digiteacha a fheabhsú agus chun tacú le comhar gan uaim.

DUL CHUN CINN DE RÉIR CÚRAIMÍ AGUS TIONSCADAL

Tasc: Dáta seachadta	**Príomhtháirgí insoláthartha**
Clár um méadú acmhainne (réadmhaoine)	
Aghaidh tugtha ar éilimh acmhainne, lena n-áirítear acmhainní ríomhaireachta, córais chumhachta agus fuaraithe a barrfheabhsaithe.	
Méadú acmhainne lárionad sonraí tionscadal: 2030	— tionscadal cumhachta agus fuaraithe tugtha i gcrích (céim I: gineadóir cumhachta breise); tús curtha leis an ullmhúchán do chéim II — spásanna oifige nua in Strasbourg (ASPIRE) agus sa Bhruiséil — plé leis an Ostair maidir le hacmhainn bhreise cumhachta agus fuaraithe don láithreán cúltaca
Tacaíocht ghinearálta	
Lorg comhshaoil laghdaithe agus deimhniú EMAS	
Seirbhísí ginearálta gnó mar is gnách	— deimhniú EMAS faighte i mí Aibreáin 2025, iniúchadh athnuachana i mí Mheán Fómhair — plean gníomhaíochta EMAS a chur chun feidhme (e.g. córas nua bainistithe dramhaíola), — seirbhísí tacaíochta curtha ar fáil, i.e. bainistiú spáis, misin, oibríochtaí saoráide, sláinte agus folláine.
Uasghrádú seirbhísí ginearálta tionscadal: 2030	— feabhsuithe áitiúla ar an struchtúr cumhdaigh faoi thalamh san lárionad sonraí agus sa bhfoirgneamh treasach in Strasbourg — suíomh barrfheabhsaithe an láraonaid, e.g. bóthar rochtana, linn coinneála uisce, carrchlós
TFC corparáideach	
Bonneagar agus próisis chorparáideacha TFC a chothabháil agus a fhorbairt ar bhealach éifeachtach,	
Seirbhísí corparáideacha TFC gnó mar is gnách	— cothabháil laethúil an bhonneagair chorparáidigh TFC agus feidhmchláir chorparáideacha TFC, lena n-áirítear uirlisí nua a thástáil agus a fhorbairt, — seirbhísí ardchaighdeáin TFC, lena n-áirítear monatóireacht ar cháilíocht na seirbhíse
Uasghráduithe TFC corparáidí agus tionscnaimh feabhsúcháin tionscadal: 2030	— cleachtais ITIL a chur chun feidhme, lena n-áirítear meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmchlár nua ITSM — ionaid oibre dhigiteacha a nuachóiriú: an t-ascnamh chuig an néalríomhaireacht, socrú seirbhísí bonneagair deisce fíorúla — tús curtha le forbairt timpeallachtaí forbartha/tástála/réamhtháirgthe — clár Bainistithe Ábhar Fiontair a chur chun feidhme, lena n-áirítear suíomh gréasáin nua, inlíon/eislíon, agus córas bainistithe doiciméad.

2 BAINISTÍOCHT



2.

2.1. BORD BAINISTÍOCHTA

Choinnigh an Ghníomhaireacht dlúthchomhar cuiditheach trédhearcach ar bun leis an mBord Bainistíochta, agus thug sí nuashonruithe rialta ar phríomhrioscaí, ar shaincheisteanna agus ar a mbearta maolaithe, ar mholtaí iniúchóireachta oscailte, ar chlár réadmhaoine, ar oibríochtaí córas agus ar dhul chun cinn agus pleanáil forbartha i measc na mBallstát, agus ar aistriú chuig TESTA EIRIS.

D'athdhearbhaigh an Bord go bhfuil sé tiomanta go láidir **do chur i bhfeidhm na hailtireachta idir-inoibritheachta**, do thús forchéimnitheach EES i mí Dheireadh Fómhair 2025, agus d'ullmhacht thráthúil Eurodac a chur chun feidhme faoi mhí an Mheithimh 2026, agus faireachán leanúnach á dhéanamh ag an am céanna ar oibríochtaí agus ar chur chun feidhme an chórais.

In 2025, ghlac an Bord le roinnt cinntí suntasacha a chinntigh leanúnachas agus rialachas eu-LISA:

- ceapachán an **Stiúrthóra Feidhmiúcháin**, an Oifigigh Cosanta Sonraí agus an Oifigigh Cuntasaíochta *ad interim*, agus an Oifigigh Cosanta Sonraí chúnta,
- plean rolladh amach ardleibhéil do **thús forcheimnitheach EES**,
- **Treochlár Idir-inoibritheachta athbhreithnithe** do 2025-2026, agus do 2027-2028 (seachas VIS athbhreithnithe agus EU VAP),
- óstáil uirlis tacaíochta agus ionsáite iompróra (COBST) ar an mbonneagar mar sheirbhís,
- an **straitéis néil** agus an **straitéis frithchalaoise** do 2025-2027,
- **doiciméid reachtúla pleanála agus tuairiscithe**, i.e. doiciméad clársceidealaithe aonair, tuarascálacha bliantúla eatramhacha agus comhdhlúite, mar aon le tuarascálacha ar fheidhmiú teicniúil na gcóras agus an staidrimh, agus tuarascálacha ar dhul chun cinn maidir le ródairí EES, API-PNR agus Prüm,
- nuashonraithe agus athbhreithnithe **príomhtháscairí feidhmíochta corparáideacha**,
- **pleananna slándála agus leanúnachais gnó** le haghaidh EES, ETIAS, e-CODEX, ECRIS-TCN agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta, **plean athshlánaithe ó thubaiste**, agus rialacha slándála maidir le córais faisnéise cumarsáide,
- **na cuntais deiridh** do 2024, leasú ar bhuiséad 2025 agus dréachtbhuiséad do 2026,
- Rialacha a chur i bhfeidhm maidir le **taisteal údaraithe** (treoraíocht maidir le misin).

Ina theannta sin, rinne Coiste Iniúchóireachta, Comhlíontachta agus Airgeadais an Bhoird (ACFC) faireachán ar chreat bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh eu-LISA, ar phleanáil agus ar fhorghníomhú an bhuiséid, agus ar stádas na moltaí iniúchóireachta oscailte.

Chun trédhearcacht a áirithiú agus feasacht an phobail ar a cuid gníomhaíochtaí a ardú, d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht achoimrí ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta ar a suíomh gréasáin.

2.2. MÓRFHORBAIRTÍ

TEACHT I BHFEIDHM

In 2025, rinne an Ghníomhaireacht dul chun cinn suntasach maidir le córais nua a chur chun feidhme trí **VIS a sheoladh le haghaidh sBMS agus EES, agus sBMS i mí na Bealtaine** agus trí thús forchéimnitheach EES i mí Dheireadh Fómhair, rud a leag bonn láidir síos chun an treochlár idir-inoibritheachta a chur i gcrích.

ATHBHREITHNIÚ AR AN TREOCHLÁR IDIR-INOIBRITHEACHTA

I mí an Mhárta 2025, d'fhormhuinigh an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an **treochlár idir-inoibritheachta athbhreithnithe le haghaidh 2025-2026**, a forbraíodh i gcomhar leis na Ballstáit, leis an

gCoimisiún, agus le gníomhaireachtaí CGB, chun bealach réalaíoch solúbtha a chur ar fáil chun struchtúr slándála na hEorpa a neartú.

Rinne an Ghníomhaireacht dul chun cinn pleanála don **tréimhse ó 2027 go 2028** freisin, lena n-áirítear EES agus CFS a ailíniú leis an idir-inoibritheacht, MID a thabhairt isteach, teacht i bhfeidhm ródaire Prüm agus oibríochtú níos leithne ailtireacht idir-inoibritheachta CGB in 2028. Leis an bhformhuiniú a rinne an Chomhairle ar threochlár don tréimhse ó 2027 go 2028 i mí na Nollag 2025, soláthraítear soiléireacht straitéiseach agus áirithítear go n-oibreoidh córais faisnéise CGB na hEorpa ar bhealach comhleanúnach éifeachtúil a sheasfaidh an aimsir. D'fhormhuinigh an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile na gnéithe eile den chéim sin – **VIS athbhreithnithe** agus **EU VAP** – i mí an Mhárta 2026.

TOGRA LE HAGHAIDH FHEIDHMCHLÁR AE UM SHONRAÍ TAISTIL DIGITEACHA (EU DTA)

Chuir an Ghníomhaireacht a saineolas teicniúil agus a hionchur teicniúil ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle chun tacú leis an gcaibidlíocht leanúnach ar an togra maidir le digitiú doiciméad taistil agus tionscnamh éascaithe taistil – **EU DTA**.

ASCNAMH GO TESTA-EIRIS

Mar fhreagairt ar na caighdeáin theicniúla agus na riachtanais ghnó atá ag teacht chun cinn, lean AS DIGIT an Choimisiúin, i gcomhar le eu-LISA, de bheith **ag dearadh agus ag forbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh nua, TESTA EIRIS** (ardán idirnascthachta agus malartaithe don Aontas), chun teacht in ionad TESTA-ng atá ann faoi láthair faoi dheireadh 2027.

2.3. BAINISTIÚ BUISÉID AGUS AIRGEADAIS

BAINISTIÚ AIRGEADAIS

Maoiníodh buiséad eu-LISA don bhliain airgeadais 2024 le cistí ó fhoinsí éagsúla, agus tháinig an príomhioncam ón **bhfóirdheontas bliantúil** a fuarthas ó bhuiséad ginearálta an Aontais.[24] Ina theannta sin, fuair eu-LISA ranníocaíochtaí ó thíortha atá comhlachaithe le Schengen, mar aisíocaíocht pháirteach ar chaiteachas arna thabhú ag an nGníomhaireacht, agus ranníocaíocht faoi chomhaontú ranníocaíochta le hardán comhair na FCInna (féach Iarscríbhinn VI).

Chun rialuithe inmheánacha maidir le bainistiú airgeadais, sócmhainní agus buiséadach a neartú, déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

- **ciorcaid airgeadais athdheartha chun** seiceálacha comhlíontachta agus róil na ngníomhaithe a bhfuil baint acu le hidirbhearta buiséadacha agus airgeadais a shonrú ar bhealach níos fearr, agus seiceálacha comhlíontachta le haghaidh idirbhearta os cionn EUR 1.5 milliún á scagadh,
- **oibríochtaí airgeadais agus sreafaí oibre ailínithe** le SUMMA,
- **sreabhadh oibre aontaithe deartha le haghaidh gealltanas buiséadach agus dlíthiúil** chun an próiseas a shimpliú tuilleadh,
- **tuairisciú agus anailísíocht fheabhsaithe** chun tacú le cinnteoireacht agus bainistiú riosca a bhaineann le hinfheistíochtaí ríthábhachtacha.

CUR CHUN FEIDHME BUISÉADACH

In 2025, bhain eu-LISA bainistiú ar bhuiséad a fuarthas ón Aontas de **EUR 311 mhilliún euro i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas** agus de **EUR 338.1 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**.[25]

Rinne an Ghníomhaireacht **fóirdheontas an Aontais don bhliain 2025 a chur i gcrích go hiomlán,** agus aghaidh á tabhairt aici ar bhearnaí acmhainní trí athbheartú tosaíochtaí, foinsí malartacha ioncaim a úsáid,

[24] Féach cuid III, teideal 11, caibidil 10 'Bainistiú teorainneacha – Gníomhaireachtaí díláraithe'. Baineann ranníocaíocht an Aontais le leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí C1 agus le leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí (creidmheasanna vótáilte don bhliain bhuiséadach reatha). Féach freisin ar Airteagail 45(5) agus 46(3) den Rialachán bunaidh.

[25] Ráiteas deiridh ioncaim agus caiteachais do 2025, glactha ag an mBord Bainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 45(7) den Rialachán lena mbunaítear eu-LISA.

tacaíocht a fuarthas faoin gcleachtadh aistrithe domhanda (**EUR 47 milliún i leithreasuithe breise faoi chomhair íocaíochtaí)**, agus aistrithe ó chaiteachas riaracháin go caiteachas oibríochtúil.

Mar thoradh ar chur chun feidhme éifeachtach, **rinneadh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí araon a fhorghníomhú 100 %**, lena n-áirítear caiteachas riaracháin 2 % a tugadh ar aghaidh go dtí 2026. In 2025, d'fhormheas an Bord Bainistíochta **leasú buiséid amháin** (EUR 47 milliún) **chun leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a mhéadú le haghaidh caiteachas oibríochtúil:**

- **EUR 41 mhilliún** mar gheall ar theacht i bhfeidhm forchéimnitheach **EES**, lena n-áirítear ceadúnais do bhogearraí agus do chrua-earraí a choinneáil ar bun,
- **EUR 6 mhilliún** i ngeall ar choigeartú amlíne agus gharspriocanna thionscadal **CFS**.

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (C1, EUR milliún)

EUR 224.139
milliún

EUR 1 588
gealltanais iomlána


	Teideal 1: caiteachas foirne	Teideal 2: caiteachas ar bhonneagar agus caiteachas oibriúcháin	Teideal 3: caiteachas oibríochtúil	IOMLÁN
Forghníomhú:	**100 %**	**100 %**	**100 %**	**100 %**
Vótáilte:	49.814	37.030	224.139	**310.982**
Ídithe:	**49.814**	**37.030**	**224.139**	**310.982**
Tugtha ar aghaidh:	**0.294**	**7.770**		**8.064**

Mar gheall ar chineál ilbhliantúil na gconarthaí a thacaíonn le croí-oibríochtaí, rinneadh **EUR 8.1 milliún** (2.4 %) de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas oscailte dá bhforáiltear le haghaidh 2025 a thabhairt ar aghaidh go huathoibríoch go dtí 2026.

Chealaigh an Ghníomhaireacht **EUR 10.9 milliún** de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a tugadh ar aghaidh ó bhlianta roimhe sin – 2.9 % d'iomlán na leithreasuithe a tugadh ar aghaidh faoi Theideal 3. Bhí cealuithe faoi thacaíocht oibríochtúil, arbh fhiú **EUR 0.48 milliún** iad, dlite chun dáta deiridh an chonartha a bhaint amach, agus dá bhrí sin ní raibh gá le forálacha a bhí beartaithe go conarthach.

Teideal 3 Forghníomhú: leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (EUR milliún)

224.139
EUR milliún



Íocaíocht Leithreasuithe (C1, EUR milliún)

338.118
EUR milliún


4 336 idirbheart íocaíochta

Forghníomhú:	**99 %**	**79 %**	**100 %**	**98 %**
Vótáilte:	49.814	37.030	251.275	**338.118**
Ídithe:	**49.519**	**29.260**	**251.275**	**330.054**
Tugtha ar aghaidh:	**0.294** (1 %)	**7.770** (21 %)		**8.064** (2 %)
	Teideal 1: caiteachas foirne	**Teideal 2:** caiteachas ar bhonneagar agus caiteachas oibriúcháin	**Teideal 3:** caiteachas oibríochtúil	IOMLÁN

Faoi Theideal 2, chuir an Ghníomhaireacht leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí dar luach **EUR 85.46** ar ceal.

Níor íocadh leithreasuithe neamhdhifreáilte – **EUR 0.3 milliún** de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas faoi Theideal 1, agus **EUR 7.8 milliún** faoi Theideal 2 – in 2025, agus tugadh ar aghaidh iad go dtí 2026 mar gheall ar ghealltanas dlíthiúil atá ann cheana, mar aon leis na leithreasuithe comhfhreagracha faoi chomhair íocaíochtaí. Faoi chaiteachas riaracháin, rinne eu-LISA 94.2 % de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta a tugadh ar aghaidh ó 2024 go 2025.

Teideal 3 Forghníomhú: leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (EUR milliún)



Am chun íocaíocht a dhéanamh

Is le híocaíochtaí a dhéanamh lena chreidiúnaithe in am is ea a léirítear éifeachtúlacht fheidhmíocht airgeadais eu-LISA. Bhí an meánachar ama a thóg sé gach cineál d'íocaíochtaí a dhéanamh i bhfad faoi bhun na dteorainneacha ama sonraithe: 20 lá féilire le haghaidh íocaíochtaí a dhéantar laistigh de 30 lá, agus 44 lá féilire le haghaidh íocaíochtaí a dhéantar laistigh de 60 lá. Ar an iomlán, **rinneadh 89 % de na hidirbhearta go léir laistigh den teorainn ama chonarthach**.

Maidir le moilleanna, cuireadh moill ar 468 n-íocaíocht, go príomha mar gheall ar ídiú leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i mí Dheireadh Fómhair 2025 – rud a réitíodh le leasú ar an mbuiséad i mí na Samhna. Bhí ús déanach ann mar thoradh ar 177 de na híocaíochtaí sin, a d'fhág go raibh**EUR 283 084** iníoctha le creidiúnaithe.

SOLÁTHAR AGUS BAINISTIÚ CONARTHAÍ

Lean méid na ngealltanas dlíthiúil agus na ngníomhaíochtaí soláthair foriomlána de bheith ag méadú agus **1 500 conradh** agus **593 iarraidh ar sheirbhís** sínithe, is é sin méadú 41 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo. Ba é an **nós imeachta idirbheartaithe le haghaidh conarthaí ar luach an-íseal** an nós imeachta soláthair ba mhó a úsáideadh faoin am sin.

Sheol eu-LISA an **córas dinimiciúil ceannaigh** – próiseas leictreonach atá deartha chun seirbhísí agus soláthairtí gairmiúla a sholáthar ar bhealach solúbtha agus éifeachtúil, agus iomaíocht sa mhargadh á feabhsú ag an am céanna trí chead a thabhairt do sholáthraithe nua a bheith páirteach ann tráth ar bith.

▲Tábla 1. Conarthaí, leasuithe conartha agus iarrataí ar sheirbhís a síníodh in 2025

Cineál conartha	Líon na gconarthaí	Líon na leasuithe agus na gcríochnuithe conartha	Luach iomlán an chonartha (EUR milliún)
conradh díreach	4	4	2.012
creatchonradh neamhchóras	23	21	241.298
creatchonradh córas	0	19	0.000
ordú ceannaigh	59	19	430.433
conradh sonrach/foirm ordaithe	1.044	307	304.826
arb iad iarrataí ar sheirbhís	484	109	103.106
Iomlán	**1618**	**475**	**548.567**

▲Tábla 2. Céatadán na nósanna imeachta soláthair a úsáideadh in 2025 de réir cineáil

Cineál nós imeachta agus an bunús dlí	Líon na nósanna imeachta	Céatadán	Méid a dámhadh (EUR milliún)
nós imeachta idirbheartaithe: conradh meánluacha	2	0.03 %	0.202
nós imeachta idirbheartaithe: conradh ar luach fioríseal	59	0.06 %	0.430
nós imeachta idirbheartaithe: gan foilsiú roimh ré	3	0.22 %	1.410
nós imeachta oscailte	5	3.35 %	20.900
córas dinimiciúil ceannaigh	1	96.31 %	600.000
Iomlán			**622.942**

Shínigh an Ghníomhaireacht conradh amháin faoi phointe 11.1(g) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh:

Uimhir an nóis imeachta	Teideal	Conraitheoir	Suim (EUR)
LISA/2023/NP/05	Cíos spáis oifige le haghaidh Oifig Idirchaidrimh eu-LISA sa Bhruiséil, an Bheilg	A&C Properties SA, CBRE Bainistiú maoine agus sócmhainní	900 000

2.4. TARMLIGEAN AGUS FO-THARMLIGEAN CUMHACHTAÍ CUR CHUN FEIDHME BUISÉID CHUIG BAILL FOIRNE

Tarmligeann an tOifigeach Údarúcháin cumhachtaí cur chun feidhme buiséid chuig Oifigigh Údarúcháin ainmnithe, ar leibhéal an Chinn Aonaid nó na Roinne de ghnáth, bunaithe ar an maitrís úinéireachta buiséid arna bunú le cinneadh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, lena sainítear údarás agus freagracht as acmhainní buiséadacha a phleanáil, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu laistigh de gach ciorcad airgeadais. Tá feidhm ag na toscaireachtaí ar leibhéal na líne buiséid maidir le gach foinse cistí agus sanntar iad go foirmiúil don fhoireann cheaptha laistigh den uasteorainn airgeadais shainithe.

Maidir leis an gcóras tarmligin:

- níl aon teorainneacha ama i gceist leis, mura rud é go dtarraingíonn an tOifigeach Údarúcháin siar é,
- ní cheadaítear fotharmligean leis;
- tá sé faoi réir rialuithe agus ceanglas tuairiscithe a leagtar amach sa Chairt d'Oifigigh Údarúcháin,
- tá sé bunaithe ar anailís riosca rialta ag an Aonad Buiséid agus Airgeadais.

Ceanglaítear ar gach Oifigeach Údarúcháin ainmnithe ráiteas dearbhaithe a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Feidhmiúcháin ar bhonn bliantúil.

2.5. BAINISTIÚ ACMHAINNÍ DAONNA

BEARTAS AGUS NÓSANNA IMEACHTA

Ghlac an Ghníomhaireacht roinnt rialacha cur chun feidhme agus nuashonruithe beartais, e.g. **an Cód Iompair agus Dea-Riaracháin**, lena dtugtar aghaidh ar ghnéithe eiticiúla éagsúla do dhaoine atá ag obair ag eu-LISA, agus thug sí cothrom le dáta an creat oibre maidir le **sealobair agus dualgas cúltaca** chun modhanna oibre a eagrú ar bhealach níos fearr agus chun an struchtúr eagraíochtúil nua a léiriú. I mí Iúil, ghlac an Ghníomhaireacht an **Treoir nua maidir le Misin** de réir analaí.

CLEACHTAS TAGARMHARCÁLA AGUS SCAGTHA

Léiríodh i gcleachtadh **bliantúil tagarmharcála foirne** eu-LISA go raibh dáileadh 68.4 % i bhfeidhm, 20.7 % i riarachán agus i gcomhordú, agus 10.9 % i bhfeidhmeanna neodracha.[26]

Tá 24 % d'fhoireann eu-LISA fostaithe i dTaillinn, an Eastóin (suíochán na Gníomhaireachta), 74.8 % in Strasbourg, an Fhrainc (láithreán oibríochtúil), agus 1.2 % sa Bhruiséil, an Bheilg (Oifig Idirchaidrimh). Níl aon bhall foirne de chuid na Gníomhaireachta fostaithe go buan in Sankt Johann im Pongau, an Ostair (láithreán cúltaca).

IONADAÍOCHT NÁISIÚNTA AGUS INSCNE

Tá baill foirne as measc **25 náisiúntacht** ina bhfostaithe sa Ghníomhaireacht: 23 Bhallstát den Aontais, móide an Iorua agus an Ríocht Aontaithe. I bhfianaise shuíomh a láithreáin oibríochtúil sa Fhrainc (seachas e-CODEX san Eastóin), ní mheasann an Ghníomhaireacht gur saobhadh suntasach ar an gcothromaíocht gheografach fhoriomlán é an sciar de bhaill foirne ag a bhfuil náisiúntacht na Fraince – 22.74 %.

Cé nach raibh ní ba mhó iarratas ón **inscne thearcionadaithe** ag gabháil leis an líon méadaitheach post, thug eu-LISA **méadú 0.81 %** faoi deara ar ionadaíocht na mban – rud a mhéadaigh ionadaíocht fhoriomlán go 34.96 % (143 bhall foirne). Mar sin féin, tháinig laghdú 7.27 % ar ionadaíocht na mban i measc bainisteoirí mar gheall ar an líon méadaitheach de bhainisteoirí fireanna – rud a mhéadaigh a n-ionadaíocht go 20 % (3 bhall foirne).

Chun aghaidh a thabhairt ar thearcionadaíocht, lean eu-LISA de ghníomhaíochtaí for-rochtana (e.g. aontaí tionscail, pobail ETIM/TF, scaipeadh spriocdhírithe folúntas, seirbhísí sealgaireachta cinn), agus ghríosaigh sé rannpháirtíocht náisiúntachtaí tearcionadaithe sna próisis roghnúcháin (e.g. an Chipir, an Danmhairgis, Lucsamburg, Máltais agus an tSualainnis). In 2025, d'fhormhuinigh an Ghníomhaireacht **Plean Gníomhaíochta nua um Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú** ina raibh glaonna tiomnaithe um thréimhsí oiliúna, agallaimh éigeantacha le hiarrthóirí ó Bhallstáit atá faoi thearcionadaíocht, agus comhtháthú na gné inscne ag gach céim.

FÁIL TALLAINNE

Lean an Ghníomhaireacht d'earcú breise le haghaidh poist ar leith a deonaíodh di leis an Rialachán Eurodac agus an Rialachán maidir le Scagadh ag deireadh 2024. Ba é **88.2 %** an ráta áitíochta gan tairiscintí poist. Agus tairiscintí poist á mbreithniú aici, tháinig méadú ar ráta áitíochta (94.5 %) na Gníomhaireachta.

D'earcaigh eu-LISA **líon ard ball foirne nua** agus glacadh le 95 thairiscint as 126 phost san iomlán. Dhiúltaigh 31 iarrthóir don tairiscint mar gheall ar chúiseanna pearsanta (42 %), teorainneacha teilea-oibre nó neamhthoilteanas athlonnaithe (23 %), nó deiseanna gairme eile (19 %). D'earcaigh an Ghníomhaireacht **73 bhall foirne nua**, agus tairgeadh deiseanna fáis gairme do **22 bhall foirne** laistigh de eu-LISA.

Fuarthas **2 646 iarratas** mar thoradh ar **18 nós imeachta roghnúcháin** a seoladh, is é sin 132 iarratas ar an meán in aghaidh an nós imeachta roghnúcháin dhúnta. Ba é **97 lá** meánfhad **nós imeachta roghnúcháin**, agus cuireadh **14 roghnúchán i gcrích** laistigh de sprioc shocraithe de 100 lá (idir 55 lá agus 98 lá). Cé nár cuireadh seacht roghnú i gcrích laistigh den sprioc a rabhthas ag súil léi, chuir an Ghníomhaireacht feabhas ar éifeachtúlacht na bpróiseas earcaíochta, rud a chuir dlús le dúnadh na mbearnaí oibríochtúla.

D'úsáid an Ghníomhaireacht **seirbhísí seachtracha** le haghaidh gach roghnúcháin, lena n-áirítear cuardach spriocdhírithe ar phoist shinsearacha agus bhainistíochta, agus é mar aidhm aici líon na n-iarrthóirí fadliostaithe a mhéadú. Chuir eu-LISA feabhas freisin ar bhainistiú a **liostaí ionadaithe**, agus tosaíocht á tabhairt aige do roghnú bunaithe ar riachtanais ghnó agus díriú ar phoist atá ríthábhachtach ó thaobh ama de. In 2025, thosaigh eu-LISA ar bhunachar sonraí cuimsitheach scileanna a thógáil chun an nasc idir éileamh agus folúntas a neartú trí ailíniú a dhéanamh ar chumais agus ar chultúr.

FORBAIRT AGUS BAINISTIÚ GAIRME

Sheol eu-LISA dhá **chlár soghluaisteachta inmheánacha** chun forbairt ghairmiúil leanúnach a chothú – rud a d'fhág go raibh glao ar léiriú spéise ann chun post a líonadh sa rannóg Cumas Iniúchóireachta Inmheánaí agus le haghaidh ról Ceann Earnála san Aonad Oibríochtaí.

[26] Ba cheart dáileadh optamach post agus foirne a bheith thart ar 70 % le haghaidh cúrsaí oibríochtúla, 20 % le haghaidh tacaíocht agus comhordú riaracháin, agus 10 % le haghaidh feidhmeanna neodracha.

Ghlac baill foirne eu-LISA páirt i **gclár cuairteanna foirne JHAAN**, agus chuir siad foghlaim agus comhar trasghníomhaireachta chun cinn trí chuairt a thabhairt ar ghníomhaireachtaí rannpháirteacha le haghaidh cuairteanna gearrthéarmacha (i.e. seachtain amháin). D'óstáil an Ghníomhaireacht ochtar comhghleacaithe ó EUDA, Europol agus Frontex, agus chuir sí 10 gcomhghleacaí chuig Frontex, EUAA agus Europol.

Chuir an Ghníomhaireacht deiseanna foghlama ar éileamh ar fáil don fhoireann ar mhaithe le feabhsú scileanna. Go háirithe, thosaigh eu-LISA ar mhodúil theicniúla ríomhfhoghlama a chomhtháthú, agus foilsíodh 35 mhodúl a bhaineann le EES, VIS agus sBMS, agus ardán SERENA mar chuid den iarracht sin. Chun eagraíocht atá réidh don todhchaí a thógáil, sheol an Ghníomhaireacht Ceardlanna Ceannaireachta chun cleachtais láidre ceannaireachta agus ailíniú a chothú, chun na huirlisí a thabhairt do cheannairí chun feidhmíocht agus nuálaíocht a spreagadh agus chun cultúr eagraíochtúil a chur chun cinn.

2.6. STRAITÉIS LE hAGHAIDH GNÓTHACHAIN ÉIFEACHTÚLACHTA

Tá sé mar aidhm leanúnach ag an nGníomhaireacht éifeachtúlacht níos fearr agus úsáid níos fearr a bhaint as a cuid acmhainní chun rannchuidiú níos fearr le cur chun feidhme bheartais CGB an Aontais. Tá clárlann gnóthachan éifeachtúlachta á forbairt ag eu-LISA, clár a bhfuil sé beartaithe é a thabhairt chun críche i mí an Mheithimh 2026. Meastar go ndéanfar na chéad ghnóthachain éifeachtúlachta inchainníochtaithe a thuairisciú sa chéad SPD eile faoi dheireadh 2026.

In 2025, chuir an Ghníomhaireacht tús le roinnt tionscnamh a bhfuil coinne leis go soláthrófar gnóthachain éifeachtúlachta leo ó 2026 ar aghaidh:

- **Bonneagar**: Chun an brú ar chostais bhonneagair a laghdú agus an t-am go dtí an margadh a mhéadú chun córais nua a fhorbairt, thionscain eu-LISA gníomhaíochtaí chun leas a bhaint as **réitigh néalteicneolaíochta** (e.g. timpeallacht tástála néalbhunaithe le haghaidh socrú comhshaoil níos tapúla), agus modhanna chun cothabháil an chórais **a chaighdeánú agus a chomhdhlúthú**.
- **Bainistiú sócmhainní TF**: Chun faireachán iomchuí agus córasach ar úsáid ceadúnas TF agus ar athnuachan ceadúnas TF a áirithiú, agus chun dúbláil a sheachaint, bhunaigh eu-LISA beartas bainistíochta sócmhainní TF agus thosaigh sé ar **chlárlann bainistithe sócmhainní TF** ghaolmhar a chur chun feidhme.
- **Forbairt bogearraí**: Chomh maith le **forbairt bogearraí a inmheánú** (e.g. treoirthionscadail chun Eurodac nua a fhorbairt), thosaigh an Ghníomhaireacht ar **chaighdeán maidir le forbairt feidhmchlár** a chur i bhfeidhm d'fhonn seirbhísí ardáin agus braislí a ghiaráil, go háirithe le haghaidh píblíne CI/CD (comhtháthú, seachadadh agus cur in úsáid leanúnach) chun éifeachtúlacht agus am a fheabhsú d'fheidhmchláir nua.
- **Soláthar**: dhear eu-LISA samhail nua chonartha chun córais CGB a fhorbairt agus a chothabháil bunaithe ar an gcóras dinimiciúil ceannaigh nuálach. Is é an aidhm atá leis na conarthaí nua tacú le forbairt bogearraí (monarcha bogearraí) agus le bealach solúbtha oibre trí iarracht riaracháin a laghdú trí shimpliú a dhéanamh ar chonarthaí sonracha agus ar iarrataí ar sheirbhís a theastaíonn chun iad a oibriú. Ina theannta sin, thosaigh eu-LISA ar dheireadh a chur de réir a chéile leis an modheolaíocht a bhí ann roimhe seo, costais chomhairliúcháin a laghdú agus dlús a chur leis an bpróiseas conarthach.
- **Slándáil**: Chuir an Ghníomhaireacht tús le **cásanna tástála slándála a uathoibriú** chomh maith le cumais faireacháin agus foláirimh shlándála a inmheánú.

2.7. MEASÚNÚ AR THORTHAÍ INIÚCHÓIREACHTA AGUS MEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*

AN TSEIRBHÍS AN CHOIMISIÚIN UM INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH AGUS CUMAS INIÚCHÓIREACHTA INMHEÁNAÍ EU-LISA

Feidhmíonn **cumas iniúchóireachta inmheánaí** (IAC) na Gníomhaireachta mar phointe teagmhála do Sheirbhís an Choimisiúin Eorpaigh, Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) agus Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS) chun an cur isteach is lú is féidir ar oibriú rialta na Gníomhaireachta a áirithiú agus chun dúbailt iarrachtaí a sheachaint.

▲Tábla 3. Achoimre ar cheisteanna maidir le hiniúchóireacht inmheánach a clúdaíodh in 2025.

Cineál: ábhar	Iniúchóir	Cuspóir agus torthaí
Dearbhú: measúnú neamhspleách ar éifeachtacht na bpróiseas bainistithe riosca, rialaithe agus rialachais.		
Iniúchadh ar sheirbhísí dlí	**IAC**	**Cuspóir:** leordhóthanacht dearaidh, éifeachtacht agus éifeachtúlacht an phróisis seirbhíse dlí. **Torthaí:** Rinne an Ghníomhaireacht gníomhaíochtaí maolaitheacha iomchuí, agus chuir sí plean gníomhaíochta iomchuí i bhfeidhm. **Stádas: curtha i gcrích**
Iniúchadh ar an bpróiseas foghlama agus forbartha	**IAC**	**Cuspóir:** leordhóthanacht dearaidh, éifeachtacht agus éifeachtúlacht na bpróiseas foghlama agus forbartha. **Stádas: caite amach** (raon feidhme cumhdaithe le hiniúchadh IAS ar bhainistiú acmhainní daonna agus ar eitic)
Iniúchadh ar bhainistiú cláir agus tionscadail: Doiciméadú chóras ETIAS	**IAC**	**Cuspóir:** leordhóthanacht dearaidh, éifeachtacht agus éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm chun ETIAS a sheachadadh go héifeachtúil. **Torthaí:** Rinne an Ghníomhaireacht gníomhaíochtaí maolaitheacha iomchuí, agus chuir sí plean gníomhaíochta iomchuí i bhfeidhm. **Stádas: curtha i gcrích agus moill air**
Iniúchadh ar córas bainistithe comhshaoil na Gníomhaireachta	**IAC**	**Cuspóir:** córas comhshaoil na Gníomhaireachta a chur in úsáid agus a chomhlíonadh le ceanglais EMAS. **Torthaí:** Rinne an Ghníomhaireacht gníomhaíochtaí maolaitheacha iomchuí, agus chuir sí plean gníomhaíochta iomchuí i bhfeidhm. **Stádas: curtha i gcrích**
Iniúchadh ar phleanáil, faireachán agus tuairisciú buiséadach bliantúil agus ilbhliantúil	**IAC**	**Cuspóir:** leordhóthanacht dearaidh, éifeachtacht agus éifeachtúlacht na pleanála buiséadaí bliantúla agus ilbhliantúla, an fhaireacháin agus an tuairiscithe. **Torthaí:** Rinne an Ghníomhaireacht gníomhaíochtaí maolaitheacha iomchuí, agus chuir sí plean gníomhaíochta iomchuí i bhfeidhm. **Stádas: curtha i gcrích agus moill air**
Nósanna imeachta iniúchóireachta a bhaineann le Straitéis Frithchalaoise na Gníomhaireachta 2025-2027	**IAC**	**Cuspóir:** faireachán neamhspleách ar chur i bhfeidhm na straitéise. **Torthaí:** Rinne IAC measúnú ar chur chun feidhme na straitéise, agus thuairiscigh sé don bhainistíocht agus don rialachas. **Stádas: curtha i gcrích agus moill air**
Obair leantach ar mholtaí iniúchóireachta	**IAC**	**Cuspóir:** deimhniú neamhspleách go bhfuil na saincheisteanna réitithe ag an nGníomhaireacht agus go bhfuil na feabhsuithe curtha i bhfeidhm aici. **Torthaí:** Dheimhnigh na hiniúchóirí go raibh 31 mholadh iniúchóireachta curtha chun feidhme go hiomlán agus dúnadh iad. **Stádas: curtha i gcrích**
Comhordú le feidhmeanna iniúchóireachta seachtraí agus feidhmeanna rialaithe inmheánaigh agus faireacháin eile: cumhdach agus dearbhú go n-íoslaghdaítear dúbailt iarrachta nuair is féidir.		
Dlíthiúlacht agus rialtacht Chuntais 2024 – *críochnaitheach*	**CIE**	**Cuspóir:** iontaofacht Chuntais 2024 eu-LISA, agus maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun-idirbheart. **Torthaí:** D'éascaigh IAC cur chun feidhme an iniúchta sheachtraigh. D'fhoilsigh CIE an tuarascáil iniúchóireachta don bhliain airgeadais 2024. **Stádas: curtha i gcrích**
Measúnú riosca iniúchóireachta bliantúil IAC	**IAC**	**Cuspóir:** feabhas a chur ar bhaint amach chuspóirí na Gníomhaireachta mar a leagtar amach sa doiciméad clársceidealaithe aonair iad. **Torthaí:** D'ullmhaigh IAC an plean iniúchóireachta le haghaidh 2026. **Stádas: curtha i gcrích**
Iniúchadh ar bhainistíocht acmhainní daonna agus ar eitic	**IAS**	**Cuspóir:** leordhóthanacht dhearadh, éifeachtacht agus éifeachtúlacht na bainistíochta acmhainní daonna a mheas. **Torthaí:** D'éascaigh **IAC** cur chun feidhme an iniúchta sheachtraigh. Thuairiscigh IAS do bhainistíocht agus rialachas eu-LISA. Ghlac an Ghníomhaireacht gníomhaíochtaí maolaitheacha iomchuí, agus chuir sí plean gníomhaíochta iomchuí i bhfeidhm. **Stádas: curtha i gcrích**
Dlíthiúlacht agus rialtacht Chuntais 2025 – *eatramhach*	**CIE**	**Cuspóir:** iontaofacht Chuntais 2025 eu-LISA, agus maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun-idirbheart. **Torthaí:** D'éascaigh IAC cur chun feidhme an iniúchta sheachtraigh.

Cineál: ábhar	Iniúchóir	Cuspóir agus torthaí Stádas: curtha i gcrích
Seirbhísí comhairliúcháin: gníomhaíochtaí arna n-iarraidh ag lucht bainistíochta (cineál agus raon feidhme arna gcomhaontú le Stiúrthóir Feidhmiúcháin eu-LISA) chun luach breise a chur le próisis rialachais, bainistithe riosca agus rialaithe eu-LISA agus chun feabhas a chur orthu		
Faireachán agus tuairisciú comhtháite ar mholtaí iniúchóireachta oscailte	**IAC**	**Cuspóir:** cinntiú go bhfuil na saincheisteanna réitithe ag an Ghníomhaireacht agus go bhfuil na feabhsuithe curtha i bhfeidhm aici. **Torthaí:** Rinne **IAC** faireachán agus tuairisciú rialta do bhainistíocht agus rialachas eu-LISA maidir leis an dul chun cinn i ndáil le moltaí iniúchóireachta oscailte a chur chun feidhme. **Stádas: curtha i gcrích**
Measúnú riosca calaoise agus nuashonrú ar an Straitéis frithchalaoise le haghaidh na tréimhse ó 2025 go 2027	**IAC**	**Cuspóir:** calaois a chomhrac trí dheiseanna a íoslaghdú do dhéantóirí na coire calaois a dhéanamh. **Torthaí:** D'éascaigh IAC an measúnú riosca calaoise, dréachtú na straitéise agus an phlean gníomhaíochta, agus an próiseas comhairliúcháin as ar eascair a nglacadh ag an mBord Bainistíochta. **Stádas: curtha i gcrích**

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA HEORPA (CIE)

Thug CIE **an t-iniúchadh bliantúil ar chuntais eu-LISA don bhliain airgeadais 2024 chun críche**, rinne sí iniúchadh ar iontaofacht chuntais na Gníomhaireachta (ina bhfuil na ráitis airgeadais agus na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024), agus ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart ba bhun leo.

De réir thuairim CIE, tugann cuntais eu-LISA do 2024 léargas measartha ceart, ar gach slí ábharthach, ar a staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024 (torthaí oibríochtaí, sreafaí airgid, athruithe ar ghlansócmhainní) i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta. Thug CIE trí bharúil maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart, agus barúil amháin maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe nár tharraing amhras ar na tuairimí thuas. Cheap an Ghníomhaireacht plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na barúlacha sin.

AN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ (EDPS)

Lean an Ghníomhaireacht dá dlúthchomhar le MECS. Chun an gealltanas maidir le slándáil agus sláine na gcóras a neartú faoina sainordú a threisiú, rinneadh **iniúchadh Eurodac** ar an nGníomhaireacht i mí na Nollag 2025, agus rinne sí faireachán ar an dul chun cinn maidir le moltaí a sainaithníodh in iniúchtaí roimhe seo a chur chun feidhme:

- bhí 37 moladh mar thoradh ar **iniúchadh Eurodac, CFS agus VIS** (a rinneadh in 2022), agus dhún MECS **33** mholadh,
- rinneadh 22 mholadh, agus dúnadh 14 díobh ag EDPS, mar thoradh ar **iniúchadh CFS** (a rinneadh in 2023).
- bhí 44 mholadh mar thoradh ar **iniúchadh VIS** (a rinneadh in 2024; fuarthas an tuarascáil chríochnaitheach i mí Dheireadh Fómhair 2025).

Chuir an Ghníomhaireacht tuarascálacha rialta ar fáil do MECS, agus tuarascálacha stádais ar mholtaí atá fós gan réiteach don Bhord Bainistíochta agus dá Choiste Iniúchóireachta, Comhlíontachta agus Airgeadais (ACFC), agus do ghrúpaí comhairleacha gaolmhara.

2.8. MEASÚNÚ IAR-INIÚCHTA AR MHOLTAÍ

MEASÚNÚ IAR-INIÚCHTA AR MHOLTAÍ AN INIÚCHTA AGUS PLEANANNA GNÍOMHAÍOCHTA GAOLMHARA

Rinne Cumas Iniúchóireachta Inmheánaí na Gníomhaireachta monatóireacht ar an dul chun cinn maidir le moltaí iniúchóireachta a chur i bhfeidhm, agus thiomsaigh sé tuarascálacha monatóireachta don Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus don Bhord Bainistíochta. Chuir an Ghníomhaireacht iniúchóirí ar an eolas freisin faoin dul

chun cinn a bhí déanta maidir le pleananna gníomhaíochta ábhartha a chur chun feidhme.

▲Tábla 4. Stádas an dul chun cinn maidir le moltaí iniúchóireachta ó IAS, ó IAC, ó CIE agus ó OLAF a chur chun feidhme[27]

Rátáil[28]	Iomlán ar oscailt do 2025	Ar siúl	Curtha chun feidhme	Thar téarma	Dúnta[29]	Iomlán ar oscailt ag deireadh 2025
Ríthábhachtach	-	-	-	-	-	-
An-tábhachtach:	23	7	15	1	9	14
Tábhachtach	27	1	26	-	22	5
Iomlán	**50**	**8**	**41**	**1**	**31**	**19**

In 2025, chuir eu-LISA moladh amháin a bhí fós gan réiteach chun feidhme nuair a glacadh a straitéis foinsithe i mí na Nollag 2025 agus rinne sé dul chun cinn le fo-mholadh eile a bhí fós gan réiteach maidir le huirlis faireacháin conarthaí agus bhain sé ráta cur chun feidhme 98 % amach. Mar sin féin, cé gur dúnadh go teicniúil an moladh maidir le straitéis foinsithe a bhí fós gan réiteach, d'eisigh IAS moladh nua maidir leis an riosca céanna.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ LEANTACHA A BHAINEANN LE HIMSCRÚDUITHE CURTHA I GCRÍCH AG OLAF

In 2025, chuir an Ghníomhaireacht tús le moltaí ó imscrúduithe OLAF a bhaineann le cás OC/2022/0866/A2 agus OC/2023/0886/A2 a chur chun feidhme. Soláthróidh an Ghníomhaireacht faisnéis maidir le dhá imscrúdú leanúnacha (maidir le coinbhleacht leasa agus soláthar) ina tuarascáil bhliantúil tar éis deireadh a chur leis na srianta rúndachta agus i gcomhréir le breithnithe cosanta sonraí agus slándála.

2.9. OBAIR LEANTACH AR BHARÚLACHA ÓN ÚDARÁS UM URSCAOILEADH

In 2025, sheol an Coiste um Rialú Buiséadach (CONT) de chuid Pharlaimint na hEorpa an próiseas urscaoilte bliantúil i dtaca le gníomhaíochtaí ghníomhaireachtaí agus chomhghnóthas an Aontais a cuireadh i gcrích sa bhliain airgeadais 2024. Áirithítear leis an bpróiseas sin go gcomhlíontar na ceanglais dhlíthiúla agus rialála ábhartha, agus go gcuirtear i bhfeidhm prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais, i.e. barainneacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht.

Ar an 29 Aibreáin 2026, dheonaigh Parlaimint na hEorpa urscaoileadh do Stiúrthóir Feidhmiúcháin eu-LISA i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta in 2024, d'fhormheas sí cuntais eu-LISA don bhliain airgeadais 2024, agus roinn sí a ***barúlacha*** i rún.

Bhain na príomhbharúlacha leis an méid seo a leanas:

- **Cothromaíocht inscne agus dáileadh náisiúnta i measc na foirne (barúil 14):** Áirithíonn eu-LISA nósanna imeachta earcaíochta agus cur chun cinn atá oibiachtúil, trédhearcach agus bunaithe ar fhiúntas, agus gnéithe inscne agus dáileacháin náisiúnta á gcur san áireamh go leanúnach i gcás inar féidir. Leanann eu-LISA dá iarrachtaí cur i bhfeidhm na náisiúntachtaí tearcionadaithe sa phróiseas roghnúcháin a spreagadh chomh maith le níos mó iarratasóirí ar mná iad agus forbairt ceannaireachta spriocdhírithe a mhealladh chun comhionannas inscne i bpoist sa bhainistíocht a fheabhsú. Cuirfear na gníomhaíochtaí straitéiseacha gaolmhara san áireamh freisin i straitéis nua acmhainní daonna eu-LISA.

[27] **Ar siúl:** an cur chun feidhme ag dul ar aghaidh de réir an phlean nó de réir spriocdháta nó plean gníomhaíochta nua a comhaontaíodh leis an iniúchóir. **Curtha chun feidhme:** deimhnithe ag úinéir an mholta, agus réidh le haghaidh obair leantach ag an iniúchóir. **Thar téarma:** á chur chun feidhme ach níor baineadh amach é faoin spriocdháta comhaontaithe. Dúnta: saincheist dúnta go foirmiúil ag an iniúchóir.

[28] **Ríthábhachtach:** laige bhunúsach sa phróiseas iniúchta atá díobhálach ar leibhéal an eintitis. **An-tábhachtach:** laige bhunúsach atá díobhálach don phróiseas ar fad (ábhartha i gcás na moltaí uile ó CIE). **Tábhachtach:** laige shuntasach sa phróiseas iomlán nó laige bhunúsach i gcuid shuntasach den phróiseas iniúchta.

[29] Chun dúnadh na moltaí a dhearbhú, ar moltaí iad a luaitear a bheith 'curtha chun feidhme' ag eu-LISA (ítimí faoi 'Dúnta'), rinne IAS agus IAC obair leantach bhliantúil ar phleananna gníomhaíochta agus dhún siad 31 mholadh iniúchóireachta mar thoradh ar an obair sin. Rinne CIE obair leantach freisin ar chur i bhfeidhm a moltaí iniúchóireachta ó bhlianta roimhe sin.

- **Ráta láimhdeachais foirne (barúil 15):** Leanann an Ghníomhaireacht dá hiarrachtaí rátaí arda láimhdeachais foirne a chosc ach díriú ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus deiseanna fáis gairme a sholáthar laistigh den Ghníomhaireacht.
- **Imscrúduithe agus moltaí OLAF (barúil 21):** Tá eu-LISA tiomanta do thacaíocht iomlán a thabhairt do gach fiosrúchán agus imscrúdú de chuid OLAF. Soláthróidh an Ghníomhaireacht faisnéis maidir le dhá imscrúdú leanúnacha (maidir le coinbhleacht leasa agus soláthar) ina tuarascáil bhliantúil tar éis deireadh a chur leis na srianta rúndachta agus i gcomhréir le breithnithe cosanta sonraí agus slándála.
- **Faireachán ar bharúlacha CIE (barúlacha 60)**: Tá gníomhaíochtaí amaithe curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht maidir le gach barúil a eisíonn CIE, agus déanann sí faireachán rialta ar a gcur chun feidhme agus soláthraíonn sí tuarascálacha stádais ráithiúla dá Bord Bainistíochta. Thairis sin, déanann eu-LISA faireachán freisin ar gach barúil ó na tuarascálacha ar urscaoileadh, agus ag an am céanna tugann sé freagraí ar gach iarraidh ar shoiléirithe a thagann ó Pharlaimint na hEorpa, agus bíonn sé i dteagmháil go rialta le CIE maidir le stádas na mbarúlacha.
- **Neamhrialtachtaí soláthair a bhfuil íocaíochtaí neamhrialta mar thoradh orthu (barúlacha 71 agus 72, moltaí 87 agus 88 san áireamh):** D'aithin an Ghníomhaireacht a nósanna imeachta bainistithe conarthaí, agus rinne sí na bearta ba ghá chun iad a neartú agus chun na laigí ar shainaithin na hiniúchóirí iad a mhaolú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint ar bhealach níos fearr. Ina theannta sin, rinneadh athbhreithniú ar theimpléid agus ar threoirlínte na bpróiseas soláthair chun neamhrialtachtaí comhchosúla a chosc amach anseo.

2.10. BAINISTIÚ COMHSHAOIL

Lean an Ghníomhaireacht dá córas bainistithe comhshaoil a chur chun feidhme bunaithe ar phrionsabail **scéim an Aontais um bainistiú agus iniúchadh comhshaoil** (EMAS) agus an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, agus bhain sí deimhniú EMAS amach i mí Aibreáin 2025. D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht freisin a ***ráiteas bliantúil ar an gcomhshaol le haghaidh 2024***, *tuarascáil bhliantúil inbhuanaitheachta*, agus **bileog eolais inmheánach maidir le torthaí loirg carbóin**.

In 2025, tháinig méadú 54 % ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa, ag sroicheadh 7 761 tCO_2e, go príomha mar gheall ar éadáil ceadúnas agus crua-earraí TF, foirgnimh oifige nua ASPIRE agus na Bruiséile a fhorbairt (e.g. troscán, trealamh TFC agus slándála, oibreacha feabhsúcháin). Ina theannta sin, chuir eu-LISA lárionad sonraí modúlach nua chun feidhme agus leathnaigh sé an acmhainn pháirceála a bhí ann cheana. Baineadh úsáid ní b'fhorleithne as lárionad sonraí modúlach 1 freisin, i dteannta le ceannachán agus úsáid roinnt freastalaithe le haghaidh gníomhaíochtaí réamhtháirgthe. Bhí tionchar suntasach ag baint le cur in úsáid córas nua CGB (sBMS, VIS agus EES) ar lorg carbóin eu-LISA freisin. Thairis sin, le cur chun feidhme straitéise nua TFC bunaithe ar ghlacadh néalríomhaireachta agus Bainistiú Ábhar Fiontair le méadú ar astaíochtaí Scóip 3 (bogearraí, ábhair TFC agus sócmhainní seasta eile).

2.11. MEASÚNÚ AG AN mBAINISTÍOCHT

Tá bainistíocht na Gníomhaireachta réasúnta muiníneach go bhfuil rialuithe oiriúnacha i bhfeidhm agus go bhfuil siad ag feidhmiú de réir mar a bheartaítear, go ndéantar monatóireacht agus maolú ar rioscaí de réir mar is cuí, agus go bhfuil feabhsuithe agus atreisithe éagsúla á gcur i bhfeidhm acu agus go bhfuil monatóireacht á déanamh orthu. Le linn 2025, dhírigh an bhainistíocht ar fheabhas a chur ar chórais rialaithe agus bainistithe, agus ar bhainistiú buiséadach, soláthair agus conarthaí, agus bhainistigh siad na rioscaí móra go léir lenar bhain. Chuir an Ghníomhaireacht clabhsúr ar mholadh iniúchóireachta maidir leis an straitéis foinsithe a bhí gan íoc, tá pleananna gníomhaíochta ceaptha aici agus chuaigh sí i mbun na gníomhaíochtaí ba ghá a chur chun feidhme d'fhonn aghaidh a thabhairt ar bharúlacha ó iniúchtaí agus ón nós imeachta um urscaoileadh.

2.12. MEASTÓIREACHT SHEACHTRACH


De bhun Airteagal 39 den Rialachán lena mbunaítear eu-LISA, déanann an Coimisiún Eorpach meastóireacht ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta gach cúig bliana. Tugadh an mheastóireacht chun críche in 2025, agus díríodh inti ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta i ndáil lena cuspóirí, lena sainordú agus lena cúraimí. Ghlac an Coimisiún Eorpach an ***tuarascáil mheastóireachta*** sheachtrach i mí Eanáir 2026.

D'ullmhaigh eu-LISA Plean Gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar an 11 mholadh ón gCoimisiúin a d'eascair as an meastóireacht sin agus chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach leordhóthanach ina leith. Leis an bplean gníomhaíochta atá beartaithe, comhdhlúthaítear gníomhaíochtaí leanúnacha agus gníomhaíochtaí atá beartaithe i roinnt réimsí, lena n-áirítear rialachas, samhail oibriúcháin, pleanáil an lucht saothair agus gníomhaíochtaí treochláir teicneolaíochta i gcomhréir leis na hiniúchtaí atá ann cheana agus le tionscnaimh feabhsúcháin eagraíochtúla.

Moltaí	Gníomhaíocht atá beartaithe ag eu-LISA agus an stádas atá léi	Dáta seachadta
1. Spriocshamhail oibriúcháin a fhorbairt chun cabhrú le eu-LISA oibriú go héifeachtach agus rioscaí á mbainistiú aige, cinntí a dhéanamh go tapa, agus soiléireacht freagrachtaí a áirithiú, go háirithe, i gcás teagmhas agus éigeandálaí	**Ar siúl:** Cuireadh tús le scéim phíolótach don spriocshamhail oibriúcháin le haghaidh VIS agus EES in 2026 (lena n-áirítear foireann réitigh chothrománach agus samhail tacaíochta) – leathnófar de réir a chéile í chuig gach córas chun léargas soiléir a thabhairt ar róil agus ar fhreagrachtaí na gcóras ó cheann go ceann. Cumhdóidh an spriocshamhail oibriúcháin bainistiú teagmhas agus éigeandálaí freisin.	R1 2027
2. Straitéis chuimsitheach mheántéarmach maidir le hacmhainní daonna a fhorbairt agus a chur chun feidhme	**Ar siúl:** Straitéis acmhainní daonna le tabhairt chun críche.	R1 2027
3. Straitéis mheántéarmach teicneolaíochta go fhadtéarmach a bhunú agus a chur i bhfeidhm	**Á thabhairt chun críche:** Tá Treochlár agus Treoracha Teicneolaíochta eu-LISA 2026-2031 á bhforbairt agus tá siad le cur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta.	R4 2026
4. Cur chuige ilbhliantúil maidir le bainistiú punainne a chur chun feidhme	**Ar siúl:** Déanfar athbhreithniú ar bhainistiú punainne faoi dheireadh 2026 lena chur chun feidhme in 2027.	R4 2026
5. Feidhmiúlachtaí pleanála acmhainní a fheabhsú, e.g. trí phróisis a bhunú agus uirlisí iomchuí a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar dhearcadh neamhiomlán maidir le leithdháileadh agus stiúradh foirne	**Ar siúl:** Tuairisc ar an bpróiseas pleanála a athdhearadh, le róil agus freagrachtaí soiléire, amlínte, bealaí cumarsáide agus próiseas formheasa. Úsáid na huirlise pleanála Anaplan agus thuairiscí Power BI, lena n-áirítear um pleanáil lucht saothair. Sásra rialaithe a bhunú chun infheistíochtaí a ullmhú agus a fhormheas.	R4 2026
6. Uirlis chomhtháite a chur in úsáid don timthriall forbartha ar fud eu-LISA agus conraitheoirí chun bainistiú agus comhoibriú tionscadal a chuíchóiriú, suaitheadh a íoslaghdú, sreafaí oibre a bharrfheabhsú, agus ábharthacht a áirithiú	**Ar siúl:** Uirlis atá i bhfeidhm ó 2024 i leith i gcásanna neamhspleácha chun córais éagsúla (EES, ETIAS) a chur in úsáid a thuilleadh mar uirlis lárnach don Ghníomhaireacht.	R4 2026
7. Straitéis mheántéarmach foinsithe agus seachfhoinsithe a bhunú agus a chur chun feidhme	**Ar siúl:** Straitéis foinsithe curtha i gcrích – treochlár cur chun feidhme deartha agus formhuinithe. Tá an cur chun feidhme fós ar siúl agus seicphointe ann do dheireadh 2026.	R4 2026
8. An acmhainn atá ann cheana maidir le seirbhísí dlí inmheánacha a neartú	**Ar siúl:** 100 % de phlean bunaíochta na hearnála dlí (7 FTEnna). Bunú aonad dlíthiúil tiomnaithe in 2026.	R4 2026
9. An chatalóg seirbhíse a thabhairt cothrom le dáta le tuairiscí iomlána ar sheirbhísí agus róil agus freagrachtaí soiléire a shainiú d'úinéirí agus do bhainisteoirí seirbhíse	**Ar siúl:** Athbhreithniú leanúnach ar chatalóg na seirbhíse in 2026 – le comhlánú le tuairisc iomlán ar sheirbhísí, róil agus freagrachtaí d'úinéirí agus bainisteoirí seirbhíse.	R4 2026

10.Infheictheacht a fheabhsú maidir le leithdháileadh acmhainní atá ann faoi láthair, stádas tionscadail, próisis, scrogaill, ganntanais, chun plé níos eolaí a chumasú maidir le tosaíocht a thabhairt do thionscadail, ar an leibhéal polaitiúil freisin	**Ar siúl:** Nuashonrú breise ar chleachtas an chláir agus an tionscadail. Sainmhíniú ar mhodh éifeachtúil le haghaidh acmhainní daonna a ídítear i gcomparáid leis na hacmhainní daonna atá beartaithe laistigh de chlár ar leith. Teacht ar chomhaontú maidir le teimpléad tuairiscithe caighdeánach do chórais, agus tuarascálacha rialta ar an mbuiséad agus ar an tomhaltas iarbhír a sholáthar do PMB agus MB. Tomhaltas buiséid a nascadh le garspriocanna an tionscadail.	R1 2027
